COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ

PLEAN BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA
CHATHAIR CHORCAÍ

2004-2009

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

1. Réamhrá

1.1 Cúlra

Tá Comhairle Cathrach Chorcaí tar éis an Plean Bainistíochta Dramhaíola seo a chruthú faoi réir na gcoinníollacha den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996-2003 agus na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pleanáil) 1997.

Tá Comhairle na Cathrach tiomanta d'aidhm bainistíocht inbhuaine dramhaíola a chothú i gCathair Chorcaí, i gcomhoibriú le cónaitheoirí, gnóthaí, tionscail agus páirtithe leasmhara eile na cathrach.

Ní féidir Bainistíocht Dramhaíola a scaradh ó ghnéithe eile den chomhshaoil ar nós caomhnú acmhainní agus truailliú an chomhshaoil. I bhfocail eile, tá líon agus sóirt na dramhaíola a tháirgtear ag brath ar na táirgí a cheannaítear, faid an ama lena mbaintear úsáid astu, agus an chaoi in bpléitear leo nuair nach féidir iad a úsáid a thuilleadh. Tá bainistíocht inbhuaine dramhaíola ag brath ar iarracht leanúnach ó tháirgeoirí uilig na cathrach, is cuma faoin dramhaíl a tháirgíonn siad. Tá freagracht ar leith ga gach duine againn inbhuaine de shaghas éigin a chruthú sa bhealach ina n-úsáidtear acmhainní, chomh maith le pátrúin thomhaltais agus roghanna do bainistíochta dramhaíola.

Má tá bainistíocht fhíor-inbhuaine dramhaíola le baint amach beifear ag brath ar coinníollacha éagsúla. Tá gá le hathrú ar an mbealach ina smaoiníonn an tsochaí ar dhramhaíl. Ní ghlactar a thuilleadh leis an dearcadh nach gá cuimhneamh ar rud nach bhfeictear. Caithfidh daoine aonaracha, gnóthaí, tionscail agus údaráis áitiúla obair go dlúth lena chéile chun leibhéal an chomhoibrithe a bhaint amach le córas comhtháite inbhuaine do Bhainistíocht Dramhaíola a fháil.

Tá roinnt phríomhaidhmeanna mar bhunús le haidhm na do bhainistíocht inbhuaine dramhaíola a léirítear sa Phlean do Bhainistíocht Dramhaíola seo. Oibreoidh Comhairle Cathrach Chorcaí chun na rudaí seo a leanas a chinntiú:

- "Íoctar mar a Úsáidtear" a thabhairt isteach do bhailiúcháin dramhaíola ó 1 Eanáir 2005;
- Líon na dramhaíola a laghdú trí phoibliú agus oideachas;
- Bainfimid an leas is fearr as an dramhaíl a tháirgtear;
- Go ndéantar bainistíocht dramhaíola i gCathair Chorcaí ar bhealach a laghdaíonn an chontúirt de dhroch-thionchar chomhshaoil láithreach nó as seo. Áirítear úsáid talún, laghdú ar acmhainní agus dochar don tsláinte sna hiarmhairtí;
- Tuiscint níos fearr ar ghnéithe de bainistíochta dramhaíola agus laghdú acmhainní a éascú. Cothófar rannpháirtíocht an phobail i ndearadh, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú ar an bPlean Bainistíochta Dramhaíola seo;

- Trí chomhaontú a éascú ar an ngá le hathrú, go dtacóidh cathróirí Chorcaí leis na hathruithe leasmhara don am atá romhainn;
- Go gcuireann tuiscint níos fearr le gníomhaíocht i dtreo bhainistíocht inbhuaine dramhaíola;
- Go ndéantar gach duine atá bainteach leis a chur san áireamh sa phróiséas do phleanáil agus cur i bhfeidhm na do bainistíochta dramhaíola.

Fotháirge d'ár sochaí nach féidir a sheachaint is ea an dramhaíl agus tá bainistíocht éifeachtacht na dramhaíola seo ina dhúthshlán ag an sochaí ar fad. Tá dhá bhunriachtanas ag córas do bhainistíocht inbhuaine dramhaíola: níos lú dramhaíola a tháirgeadh sa chéad áit agus córas éifeachtach a fhorbairt chun an dramhaíl a tháirgtear fós a bhainistíocht. Caithfidh an córas sin sláinte agus sábháilteacht daonna a chinntiú tré leathnú ghalair a chosc agus caithfidh go mbeidh sé inbhuaine ó thaobh an chomhshaoil agus na heacnamaíochta. Baineann inbhuaine chomhshaoil le gá nithe a laghdú ar nós úsáid fuinnimh, truailliú talún, aeir agus uisce, agus dochar do chonláistí. Ar an dtaobh eile, éilíonn inbhuaine eacnamaíoch go mbeadh an córas do bainistíochta dramhaíola ag feidhmiú ar chostas atá inghlactha don phobal (an t-údarás áitiúil san áireamh).

Is é fírinne an scéil, áfach, go bhfuil comhghéilleadh ann i gcónaí chun cothromaíocht a fháil idir an comhshaoil agus inbhuaine eacnamaíoch. Tugann an chothromaíocht seo deis dúinn na hiarmhairtí comhshaoil de bainistíochta dramhaíola a laghdú chomh fad agus is féidir, laistigh de leibhéal inghlactha de chostas. Chun an chothromaíocht sin a shocrú, tá gá le bunús maith de staitisticí cruinn ar líon agus sóirt dramhaíola, chomh maith le hathchúrsáil agus imeachtaí líonadh talún agus costais bhailiúchán agus cóireáil dramhaíola. Ligfidh an t-eolas seo dúinn an tionchar atá ag bainistíocht dramhaíola a aithint agus tabharfaidh sé tuairimí dúinn ar bhealaí chun feabhsuithe a dhéanamh.

Go dtí seo i gCathair Chorcaí, mar atá sa chuid eile den tír, cuireadh an cuid is mó den dramhaíl sholadach i líonadh talún. Tá reachtaíocht náisiúnta agus AE ann anois a laghdóidh an talamh atá ar fáil do líonadh talún agus a chruthóidh gá le bunábhar agus ábhar fuinnimh na dramhaíola a aithint. Baineann córas do bhainistíocht inbhuaine dramhaíola úsáid as réimse modhanna cóireála ó athchúrsáil agus múiríniú go cóireáil theirmeach agus líonadh talún. Caithfear athruithe áirithe a chur i gcrích chun an raon seo de mhodhanna cóireála a úsáid i gcomhthéacs Chathair Chorcaí. Cuirfidh Comhairle Cathrach Chorcaí na háiseanna ar fáil (m.sh. Láithreáin Beir Leat, cumas scartha dramhaíola go meicniúil agus áiseanna múirínithe) ach is faoi gach cathróir é a chinntiú go mbaintear an leas is fearr as na háiseanna seo. Fágann seo go gcaithfimid níos lú pacáistíochta a cheannach, earraí dramhaíola a athúsáid, páirt a ghlacadh i scéimeanna do bailiúcháin scartha ar thaobh an bhóthair agus scéimeanna agus earraí inathchúrsála a thabhairt ag Láithreáin "Beir Leat" agus Láithreáin Áiseanna Cathartha.

Déanann an Plean Bainistíochta Dramhaíola cur síos ar na gníomhartha atá aitheanta ag Comhairle Cathrach Chorcaí mar ghníomhartha riachtanacha chun bainistíocht inbhuaine dramhaíola a bhaint amach do Chathair Chorcaí.

1.2 Raon

Pléann an Plean Bainistíochta Dramhaíola seo dramhaíl sholadach amháin. Ní phléitear le hastuithe leachtach nó gásach. Tugtar eolas ar na córais atá ann do bhailiúchán, tarrtháil agus diúscairt dramhaíola sa chathair. Freisin, tugtar staitisticí cruinn ar líon na sruthanna aonair de dhramhaíl agus codáin dramhaíola a thairgtear i gCathair Chorcaí. Ar deireadh, tugann an Plean cur síos ar na gníomhartha ar leith a dhéanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí sna cúig bhliana atá romhainn.

1.3 Príomhthiománaithe

Tá méid áirithe de thiománaithe a raibh tionchar acu ar an bPlean Bainistíochta Dramhaíola seo. Áirítear ina measc an Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola do Réigiún Chorcaí, a d'ullmhaigh Comhairle na Cathrach i gcomhpháirt le Comhairle Contae Chorcaí i 1995, agus atá mar creatlach do bhainistíocht inbhuaine dramhaíola i gCathair Chorcaí.

Is iad seo a leanas buneilimintí na Straitéise atá glactha ag Corcaigh go dtí an bhliain 2020:

1. Leathnú ar chóras Láithreáin "Beir Leat" de chuid na cathrach;
2. Soláthar de ar a laghad dhá mhór-Láithreán Áiseanna Cathartha[1] (ceann acu atá ann cheana ag Láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile agus leathnaíodh go mór i 2000) áit is féidir leis an bpobal earraí inathchúrsála agus dramhaíl eile a chur nach mbailítear ag na gnáthsheirbhísí bhailiúcháin dramhaíola (m.sh. troscán agus fearas cistine);
3. Áis Tarrthála Dramhaíola[2] a thógáil a cheadóidh scagadh meicniúil d'earraí inathchúrsála agus a chuirfidh na hearraí scartha seo chuig an áis athchúrsála chuí. Mar shampla, déanfar gloine a bhrú agus a sheoladh, ag an gcostas is ísle agus is féidir, chuig athphróiseálaithe speisialta gloine, le haghaidh athchúrsála, ach déanfar dramhaíl bhith-indíghrádaithe (m.sh. bia agus dramhaíl ghairdín) a mhúiríniú ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de, chun a athúsáid in imeachtaí talmhaíochta agus garraíodóireachta. Laghdóidh an áis seo líon na dramhaíola a théann isteach i líonadh talún agus méadóidh sí rátaí athchúrsála na cathrach;
4. Láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile a oibriú faoi réir théarmaí a Cheadúnais Dramhaíola agus ar bhealach a laghdóidh a chumas chun tionchar a bheith aige ar an dtimpeallacht (m.sh. bailiúchán & úsáid ghás líonadh talún chun leictreachas a ghineadh, láisteáit a chóireáil srl.);
5. Láithreán líonta talún nua a thógáil do dhramhaíl iarmharach chun áit Láithreán Bhóthar Chionn tSáile Líonadh talún a ghlacadh nuair a líontar é;

[1] Áit is ea Láithreán Áiseanna Cathartha ina dtugann an pobal earraí dramhaíola inathchúrsála teaghlaigh do bhainistiú chuí.

[2] Ina bhfuil innealra do scagadh meicniúil do dhramhaíl cathartha neamhscagtha agus innealra múirínithe do nithe orgánacha.

6. Láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile a fhorbairt, nuair a dhúntar é, mar áis thábhachtach áineasa don chathair. Coinneofar an Láithreán Áiseanna Cathartha ag an láithreán agus cuirfear imeachtaí eile ar fáil do bainistíochta dramhaíola.

Cé go bhfuil sé i gceist ag Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola do Réigiún Chorcaí creatlach a sholáthar do bainistíochta dramhaíola sa réigiún go dtí an bhliain 2020, tá soláthar sa Straitéis d'athbhreithniú ar na roghanna a ghlactar sa tréimhse idir an dá linn. Mar sin, in athbhreithnithe de Phleananna do Bhainistíocht Dramhaíola na Comhairle Cathrach beidh scrúdú agus athbhreithniú ar na roghanna seo agus ar mheasúnú ar mhodhanna agus teicneolaíochtaí nua do bainistíochta dramhaíola a d'fhéadfadh baint a bheith acu le Cathair Chorcaí. Ina theannta sin, is féidir go mbeidh athbhreithniú den chomh-Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola feiliúnach le linn na tréimhse cúig bhliana atá idir lámha ag an bPlean Bainistíochta Dramhaíola seo.

Chomh maith leis an Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola, tá treoir faighte ó pholasaí an rialtais ar bainistíochta dramhaíola a deir go gcaithfidh údaráis áitiúla modhanna a aithint leis na haidhmeanna seo a leanas a bhaint amach:

a) Pleanáil do bainistíochta dramhaíola a chur ar bhonn réigiúnda. (*Ba chóir a lua go raibh an cur chuige seo ag Comhairle Cathrach Chorcaí cheana lar a léirítear sa chomhoibriú dlúth le Comhairle Contae Chorcaí ar ghnéithe áirithe a bhain le dramhaíl – lena n-áirítear ullmhú na Straitéise do Bhainistíocht Dramhaíola i 1995*);
b) Laghdú suntasach in úsáid líonadh talún, i bhfábhar cur chuige comhtháite do bainistíochta dramhaíola (*Déanfaidh roinnt áirithe de thograí Chomhairle Cathrach Chorcaí, lena n-áirítear soláthar Áis Tarrthála Dramhaíola agus dara Láithreán Áiseanna Cathartha, deimhin de go laghdófar spleáchas Chathair Chorcaí ar líonadh talún*);
c) Rannpháirtíocht méadaithe ag an earnáil phríobháideach i soláthar bainistíochta dramhaíola seirbhísí;
d) Córas níos éifeachtaí agus níos cóire chun táillí a ghearradh do seirbhísí dramhaíola;
e) Úsáid níos mó d'ionstraimí reachtúla; agus
f) Béim ar an dtábhacht do thacaíocht an phobail, oideachas agus rannpháirtíocht i mbainistíocht dramhaíola go ginearálta.

Tugtar polasaí na hÉireann ar bainistíochta dramhaíola i ráiteas pholasaí na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil i Meán Fómhair 1998 (***Changing Our Ways***) agus i ***Taking Stock and Moving Forward*** a foilsíodh in Aibreán 2004. Tá na ráitis pholasaí seo mar bhunchloch ag pleanáil bainistíochta dramhaíola in Éirinn, agus leagann siad amach ceisteanna is tábhachtaí maidir leis an ábhar seo, ag díriú go príomha ar an gá le laghdú ar an spleáchas ar líonadh talún agus impleachtaí na céime seo.

Chomh maith leis sin, tá leagan amach an Phlean á stiúradh ag na prionsabail thábhachtacha seo a leanas atá glactha ag an AE:

- **Prionsabal "Íoc mar a Thruaillítear"** – gur chóir dóibh siúd is mó a ghineann dramhaíl íoc as bainistíocht na dramhaíola sin, lena n-áirítear costais bhailiúcháin, cóireáil, diúscairt agus iarchúram na láithreán do dhiúscairt dramhaíola;

- **Prionsabal Neasachta** – gur chóir dramhaíl a bhainistíocht (i.e. a chóireáil agus/nó a dhiúscairt) chomh cóngarach agus is féidir don áit ina ghintear í;
- **Prionsabal an Réamhchúraim** – go gcaithfear contúirt thruaillithe a mheas agus a fhuascailt mar is gá; agus
- **Prionsabal na Freagrachta Comhroinnte** – go nglacann gach earnáil den tsochaí freagracht ar an dtimpeallacht, agus mar sin go ndéanfaidh siad gníomhaíocht go freagrach (agus íocaíocht ar na costais a bhaineann leis san áireamh).

Tá roinnt eile uirlisí reachtúla a gcaithfidh na húdaráis áitiúla cloí leo agus iad ag comhlíonadh a ndualgais faoi na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996 - 2003. Mar shampla, leagann **Treoir do Líonadh Talún** de chuid an AE (a glacadh in Aibreán 1999) amach méid áirithe de chaighdeáin agus spriocanna dóibh siúd a oibríonn líonadh talún mar seo a leanas:

a) Laghdú de réir chéimeanna i líon na dramhaíola bith-indíghrádaithe a théann i líonadh talún. Baineann an chéad sprioc le 2005, nuair is gá líon na dramhaíola cathrach bith-indíghrádaithe a théann i líonadh talún a laghdú go 75% den iomlán (de réir mheáchain) a táirgeadh i 1995;
b) Caithfear Dramhaíl Sholadach Cathrach a chóireáil sul gcuirtear i líonadh talún í;
c) Ní féidir dramhaíl leachtach, inlasta nó inphléasctha, dramhaíl aicídeach ospidéil nó cliniciúil nó boinn úsáidte a ghlacadh a thuilleadh ag líonadh talún;
d) Caithfidh costas iomlán de líonadh talún (bunú, oibriú, dúnadh agus iarchostais san áireamh) a bheith curtha san áireamh sna táillí a ghearrtar ag an ngeata (ag cloí leis an bPrionsabal "Íoc mar a Thruaillítear"); agus
e) Cuirfear cosc ar dhiúscairt de dhramhaíl chontúirteach agus neamhchontúirteach ag an láithreán céanna, agus mar sin caithfear líonadh talún a rannú i gceann amháin de na trí ranna seo a leanas – líonadh talún do dhramhaíl chontúirteach, líonadh talún do dhramhaíl neamhchontúirteach nó líonadh talún do dhramhaíl thámh.

2. BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA I GCATHAIR CHORCAÍ FAOI LÁTHAIR

2.1 Réamhrá agus Modheolaíocht

Tá Corcaigh ar an dara chathair is mó in Éirinn, agus daonra de 123,062 inti. Tá 42,742 teaghlach sa chathair, agus meán de 2.8 duine in aghaidh an teaghlaigh. Is iad tionscal na déantúsaíochta agus na gairmeacha na hearnálacha fostaíochta is tábhachtaí sa chathair.

Tá **2003** roghnaithe mar bhonnlíne do thiomsú staitisticí dramhaíola don Phlean seo toisc gurb iad na sonraí don bhliain seo an t-eolas is cruinne agus is nua-aimseartha atá ar fáil. Baineadh leas as foinsí éagsúla chun eolas ar líon agus sóirt na dramhaíola atá á ghineadh, athchúrsáil, diúscairt nó á bhainistíocht ar bhealach eile i gCathair Chorcaí, mar atá

- Taifid agus staitisticí Chomhairle na Cathrach féin maidir le bainistíocht dramhaíola sa chathair;
- Taifid ar líon na dramhaíola i líonadh talún i Réigiún Chorcaí i 2003;
- Bunachar Náisiúnta Dramhaíola an GCC 2001;
- An Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola do Réigiún Chorcaí, 1995;

- An Phríomhoifig Staidrimh;
- Eolas a thus Conraitheoirí do Bhailiúcháin Dramhaíola agus áiseanna ceadaithe;
- Taifid maidir le Ceadúnas Dramhaíola agus Ceadúnas-SCT[3] tionsclaíoch de chuid an GCC;
- Eolas éagsúil de chuid an Rialtais;
- Torthaí ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar bainistíochta dramhaíola;
- Doiciméadú TFS agus C1;
- Foinsí eile.

Tá sé tábhachtach go mbeidh idir eolas ar sruthanna dramhaíola agus codáin dramhaíola san áireamh i bPlean Bainistíochta Dramhaíola ar bith. Tá ***staitisticí ar sruth dramhaíola*** de dhíth chun go mbeimis in ann imeachtaí na n-earnálacha ar leith a thomhas maidir le bealaí chun dramhaíl a sheachaint, agus tugann siad eolas freisin ar riachtanais do bhailiúchán dramhaíola agus lóistíochtaí tábhachtacha eile. Ar an dtaobh eile, tá ***staitisticí ar chodáin dramhaíola*** ríthábhachtach, toisc go ligeann siad dúinn na riachtanais do chumas athchúrsála agus cóireála a mheas. Mar shampla, tá gloine á tháirgeadh ag gach earnáil i gCathair Chorcaí agus mar sin déantar é a rannú mar chodán dramhaíola. Toisc go bhfuil tuiscint ag Comhairle na Cathrach ar an méid dramhaíola gloine a tháirgítear gach bliain tá sí in ann tomhas agus líon na mbanc "Beir Leat" is gá a sholáthar ar fud na cathrach. Ar an gcaoi chéanna, tugann eolas ar méid na dramhaíola bith-indíghrádaithe (nó inmhúirínithe) a tháirgítear sa chathair deis dúinn cumas áis mhúirínithe a phleanáil.

2.2 Líon Iomlán Dramhaíola a Ghintear

Gineadh thart ar 115,381 tonna de Dhramhaíl Sholadach Cathrach i gcathair Chorcaí i 2003 (is ionainn sin agus 0.94 tonna dramhaíola in aghaidh an duine sa chathair).
Tá achoimre i dTábla 2.1 ar an eolas ar na codáin éagsúla dramhaíola a ghintear faoi láthair i gCathair Chorcaí.

Tábla 2.1 Codáin Dramhaíola a tháirgítear ag na hEarnálacha Teaghlaigh agus Tráchtála i gCathair Chorcaí i 2003

Codán	Líon Dramhaíola Teaghlaigh	Líon Dramhaíola Tráchtála	Líon Dramhaíola Ghlanadh Poiblí	Líon Iomlán i gCathair Chorcaí
Páipéar	11,484.44	28,331		**39,815.44**
Gloine	2,088.08	4,132		**6,220.08**
Plaisteach	6,264.24	5,902		**12,166.24**

[3] Tá Ceadúnais GCC do Smacht Comhtháite ar Thruailliú riachtanach do chomhlachtaí móra tionsclaíochta sa tír seo. Éilíonn na ceadúnais seo monatóireacht ar astuithe - leibhéil de tháirgeadh de dhramhaíl sholadach san áireamh - a tharlaíonn de bharr imeachtaí an chomhlachta.

Miotal	2,088.08	1,771		**3,859.08**
Teicstílí	2,088.08	590		**2,678.08**
Orgánach	16,704.64	12,395		**29,099.64**
Ilchineálach	11,484.44	5,902	**4,156**	**21542.44**
IOMLÁN	***52,202***	***59,023***	***4,156***	***115381***

2.3 Dramhaíl a Sheachaint agus Feasacht an Phobail

Ó thaithí idirnáisiúnta is léir gur fearr feasacht phoiblí leanúnach a fhorbairt chun tacaíocht na bpáirtithe leasmhara a fháil. Caithfidh an t-eolas seo nithe áirithe a thaispeáint do tháirgeoirí dramhaíola - na buntáistí a bhaineann le seachaint dramhaíola agus an drochthionchar chomhshaoil atá ag nósanna atá ann faoi láthair. Chomh maith le haithint na faidhbe, áfach, caithfidh an t-eolas seo réiteach na faidhbe a thaispeáint, is é sin, treoracha simplí chun na modhanna is éifeachtaí chun dramhaíl a sheachaint.

Cuirtear béim i gcónaí ar na bealaí ina ndéantar dramhaíl cathrach a láimhseáil. a chóireáil agus a dhiúscairt. Cur chuige i bhfad níos inbhuaine a bheadh ann áfach, ná a chinntiú nach ndéantar an dramhaíl a ghineadh sa chéad áit (**cosc ar dhramhaíl**). Muna ghintear í, ní gá í a bhainistíocht, ach i gcónaí beidh cásanna ann nuair nach féidir roinnt dramhaíola a sheachaint. Sa chás sin is é an cur chuige is fearr ná a chinntiú go gcruthaítear a laghad agus is féidir (**laghdú dramhaíola**). Tá an cur chuige seo faoi réir Pholasaithe AE agus Náisiúnta.

Chomh maith le díriú ar *líon* na dramhaíola a tháirgítear sa chathair, tá sé tábhachtach go laghdófar *cumas-truaillithe* na dramhaíola. Éilíonn seo go malartófaí earraí contúirteacha le roghanna atá níos áisiúla don timpeallacht. Chomh maith leis sin tá gá le hiarrachtaí ar leith d'fheasacht phoiblí. Tá Comhairle Cathrach Chorcaí tiomanta do chinntiú go sroicheann eolas ar sheachaint na dramhaíola na táirgeoirí dramhaíola uilig sa chathair, ag soláthar an eolais dóibh chun roghanna níos fearr agus inbhuaine a dhéanamh sa todhchaí.

Seo a leanas cuid de na modhanna atá ag Comhairle na Cathrach faoi láthair le seachaint dramhaíola a chur chun cinn:

- Scéim iniúchta comhshaoil do scoileanna, ar a dtugtar an Scéim Dhámhachtainí *Brat Glas*;
- An scéim iniúchta comhshaoil *Fáilte Glas* d'óstáin sa chathair;
- Comhoibriú dlúth le Comhairle Contae Chorcaí, go háirithe i bhforbairt thograí do chosc agus laghdú ar dhramhaíl;
- Tograí *Tíos Glas* de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí féin.
-

2.4 Bailiúchán agus Glacadh Dramhaíola

Tá dhá phríomh-mhodh ina gcuirtear dramhaíl ar fáil d'áiseanna do bainistíochta dramhaíola áiseanna, eadhon:

- Bailiúchán dramhaíola ó fhoinse na dramhaíola agus a thabhairt chuig an áis chuí – m.sh. bailiúchán dramhaíola teaghlaigh ó dhoras go doras ag na húdaráis áitiúla; agus
- Dramhaíl a fhágáil ag gabhdáin atá lonnaithe go lárnach – m.sh. Láithreáin "Beir Leat" d'earraí inathchúrsála teaghlaigh.

Go ginearálta, is féidir dramhaíl na cathrach a bhailiú agus a dhiúscairt mar seo a leanas:

- Ag Comhairle Cathrach Chorcaí;
- Ag comhlachtaí príobháideacha bailiúchán;
- Ag an ngineadóir dramhaíola féin – ag an teaghlach féin, foirgneamh tráchtála nó tionsclaíochta, nó rannóg dramhaíola de chomhlacht aonarach; agus
- Ag bailitheoirí speisialta dramhaíola.

Tá freagracht reachtúil ag Comhairle Cathrach Chorcaí bailiúchán agus diúscairt a shocrú do dhramhaíl teaghlaigh agus bruscar a ghintear laistigh de Chathair Chorcaí. Oibríonn Comhairle Cathrach Chorcaí córas bailiúcháin d'araid rothaí. Baineann beagnach gach teaghlach sa chathair úsáid as seirbhís Chomhairle na Cathrach, agus baineann an fuílleach úsáid as conraitheoirí príobháideacha.

Oibríonn conraitheoirí príobháideacha taobh istigh de Chathair Chorcaí de ghnáth le córas d'araid rothaí do theaghlaigh agus scipí do dhramhaíl eile. Cuirtear scipí ar cíos do réimse leathan de fhoirgnimh – óstáin, tithe tabhairne, bialanna, ospidéil, agus gnóthaí – agus bailítear iad in aghaidh na seachtaine, nó nuair atá siad lán.

Maidir le cumas glactha le hearraí inathchúrsála, cuireann Comhairle na Cathrach 41 Láithreán "Beir Leat" ar fáil (i gcomhpháirt le comhlachtaí príobháideacha) do réimse d'earraí inathchúrsála ar fud na cathrach. Is ionainn sin agus ráta soláthair de láithreán amháin in aghaidh gach 3,000 duine. Ina theannta sin, tá Láithreán Áiseanna Cathartha ag an gcathair, lonnaithe ag láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile. Glacann an áis seo le raon leathan d'earraí (gloine, cannaí alúmanam agus ola dramhaíola ina measc). Tá sé i gceist ag Comhairle na Cathrach an dara Láithreán Áiseanna Cathartha a sholáthar chun freastal ar thuaisceart na cathrach sa chúig bhliana atá romhainn.

2.5 Tarrtháil Dramhaíola

Is féidir codanna den chuid is mó de shruthanna dramhaíola a athúsáid nó a athchúrsáil má:

a) Tá an t-ábhar feiliúnach – i.e. tá sé scagtha i gceart, rud a fhágann táirge nach bhfuil fabhtaithe go suntasach; agus

b) Tá margadh inmharthana ann do na hábhair tánaisteacha. Sampla is ea an margadh do pháipéar athchúrsáilte, a bhíonn ag athrú go suntasach ag brath ar chostas adhmaid agus an t-éileamh do tháirgí pháipéir.

Tá Comhairle Cathrach Chorcaí tiomanta d'aidhm rátaí athchúrsála na cathrach a ardú maidir leis na codáin uile dramhaíola. Sna cúig bhliana atá romhainn cuirfear béim ar leith ar dhramhaíl pháipéir/chairtchláir. Tá seo roghnaithe toisc go dtáirgíonn earnálacha uilig i sochaí Chorcaí é, is é an codán is mó dramhaíola a ghintear sa chathair gach uile bhliain agus tá sé bith-indíghrádaithe agus inathchúrsála.

Cothóidh Comhairle na Cathrach athchúrsáil pháipéir mar seo a leanas:

- Scéim a thosú do bhailiúchán earraí tirime inathchúrsála (páipéar agus cairtchlár san áireamh) ó chustaiméirí teaghlaigh sa chathair sa dhá bhliain atá romhainn
- A páipéar féin a athchúrsáil
- Feasacht phoiblí a mhéadú ar an ngá le líon an dramhpháipéir a laghdú agus ar thábhacht athchúrsála
- Bheith gníomhach ag cothú margaí do pháipéar athchúrsála
- Áiseanna a sholáthar chun glacadh le dramhpháipéar ag Láithreá(i)n Áiseanna Cathartha
- Leanúint de bhailiúchán de pháipéar agus cairtchlár ó chustaiméirí gnó
- Rialacháin Pacáistithe a chur i bhfeidhm.

2.6 Diúscairt Dramhaíola

Is é Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile an t-aon áis cathrach do dhiúscairt dramhaíola i gCathair Chorcaí. Cuireadh thart ar 59461 tonna de dhramhaíl sholadach i líonadh talún i 2003 (Tábla 2.2). Tá Comhairle na Cathrach tiomanta do laghdú ar líon na dramhaíola cathrach a chuirtear i líonadh talún.

Tábla 2.2 Dramhaíl ag Dul Isteach i Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile i 2003.

Cineál Dramhaíola	Líon a Cuireadh (tonna)
Teaghlaigh	47,594
Tráchtála	6,911
Slodaí Neamhchontúirteacha	800
Páirceanna agus Glanadh Poiblí	4,156

(*Foinse*: TBC 2003)

3. PLEANANNA GNÍOMHAÍOCHTA DO CHATHAIR CHORCAÍ

3.1 Pleananna Gníomhaíochta do Chosc agus Laghdú ar Dhramhaíl

Is iad seo a leanas na gníomhartha is tábhachtaí atá beartaithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí chun líon na dramhaíola a tháirgítear i gCathair Chorcaí sna cúig bhliana atá romhainn a choinneáil seasta nó a laghdú más féidir.

- **Gníomhartha d'Fheasacht an Phobail –** Cuirfidh Comhairle Cathrach Chorcaí gníomhartha i bhfeidhm atá dírithe ar bhuntáistí don phobal i gcoitinne a bhaineann le cosc agus laghdú ar dhramhaíl, lena n-áirítear comhoibriú le tograí feasachta phoiblí de chuid an rialtais.
- **Bainistíocht feabhsaithe Dramhaíola a chothú i dTionsclaíocht Phríobháideach –** Leanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí le laghdú dramhaíola a chothú i dtionsclaíocht phríobháideach trí thaispeántais, rannpháirtíocht i gcoistí do bainistíochta dramhaíola, cúnamh neamhfhoirmeálta agus rannpháirtíocht i scéimeanna dhámhachtainí do bainistíochta dramhaíola sa tionsclaíocht.
- **Gradam *Fáilte Glas* d'Óstáin** – Tabharfaidh Comhairle na Cathrach tacaíocht don scéim seo atá dírithe ar chuidiú le hóstáin na príomhthionchair thimpeallachta a bhíonn ag a gcuid imeachtaí, agus soláthar chomhairle ar mhodhanna leis an dtionchar a laghdú.
- **Clár na Scoileanna –** Leanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí dá tograí scoile, ag tabhairt tacaíochta do Scéim an Ghradaim *Brat Glas* de chuid An Taisce, léachtaí ar bainistíochta dramhaíola agus bruscar, tacaíocht le hinfreastruchtúr athchúrsála a sholáthar do scoileanna.
- **Coinníollacha Pleanála a Chur i bhFeidhm –** Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí tréaniarracht le cleachtais bainistíocht dramhaíola a fheabhsú san forbairtí nua ar fad trí choinníollacha maidir le soláthar infreastruchtúr athchúrsála a leagadh amach agus a chur i bhfeidhm.
- **Tíos Glas –** Leanfar d'obair an Choiste um Thíos Glas de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí, atá freagrach as cleachtais níos freagraí ó thaobh timpeallachta a chothú taobh istigh den Chomhairle.
- **Bailiúchán dramhaíola "Íoc mar a Úsáidtear"–** Faoi réir pholasaí náisiúnta, cuirfidh Comhairle Cathrach Chorcaí córas do bhailiúchán dramhaíola "Íoc mar a Úsáidtear" i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2005.
- **Córas do Bhainistíocht Timpeallachta** – Leanfaidh Comhairle na Cathrach dá polasaí de chreidiúnú ISO 14001 a lorg do chuid eile dá himeachtaí.

3.2 Bailiúchán dramhaíola

Léiríonn an rannóg seo na pleananna atá forbraithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí i réimse bhailiúchán dramhaíola:

- **Bailiúcháin Scartha –** Bunóidh Comhairle Cathrach Chorcaí scéim chun bailiúchán ó dhoras go doras a sholáthar d'earraí tirime inathchúrsála ó chustaiméirí teaghlaigh ar fad de réir a chéile ó Lúnasa 2004.
- **Bailiúchán dramhaíola "Íoc mar a Úsáidtear"–** Faoi réir pholasaí náisiúnta, cuirfidh Comhairle Cathrach Chorcaí córas do bhailiúchán dramhaíola "Íoc mar a Úsáidtear" i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2005.

3.3 Tarrtháil Dramhaíola

Léiríonn an rannóg seo na pleananna atá forbraithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí i réimse tarrthála dramhaíola sna cúig bhliana atá romhainn:

- **Infreastruchtúr Athchúrsála** - Déanfaidh Comhairle Cathrach tréaniarracht a hinfreastruchtúr athchúrsála a leathnú infreastruchtúr sna cúig bhliana atá romhainn.
- **Láithreán Áiseanna Cathartha** - Bunóidh Comhairle Cathrach Chorcaí Láithreán nua Áiseanna Cathartha i dtuaisceart Chathair Chorcaí le linn tréimhse an phleain seo.
- **Bailiúcháin Scartha –** Bunóidh Comhairle Cathrach Chorcaí scéim chun bailiúchán ó dhoras go doras a sholáthar d'earraí tirime inathchúrsála ó chustaiméirí teaghlaigh ar fad de réir a chéile ó Lúnasa 2004.
- **Bailiúchán Scartha de Bhith-dhramhaíl Teaghlaigh -** Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí meastachán ar sholáthar bhailiúcháin scartha de bhith-dhramhaíl óna custaiméirí.
- **Áis Tarrthála Dramhaíola** - Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí comhoibriú le Comhairle Contae Chorcaí i bhforbairt Áis Tarrthála Dramhaíola a cheadóidh scagadh ar líon mór de sruthanna dramhaíola do tharrtháil agus diúscairt níos éifeachtaí.
- **Athchúrsáil ar Dhramhaíl Ghlas agus Adhmaid** - Déanfaidh Comhairle Cathrach tréaniarracht leanúint d'oibriú na n-áiseanna d'athchúrsáil ar Dhramhaíl Ghlas agus Adhmaid ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile.

3.4 Glacadh agus Diúscairt Dramhaíola

Léiríonn an rannóg seo na pleananna atá forbraithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí do ghlacadh agus diúscairt dramhaíola sna cúig bhliana atá romhainn:

- **Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile** - Déanfaidh Comhairle na Cathrach na hoibreacha atá riachtanach ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile chun a chinntiú go gcloítear leis an reachtaíocht chuí agus leis na coinníollacha atá leagtha amach i gCeadúnas Dramhaíola an GCC agus sa Chóras do Bhainistíocht Chomhshaoil don láithreán.
- **Tarrtháil Fuinnimh** - Leanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí de tharrtháil fuinnimh o ghásanna líonadh talún a ghintear ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile trí oibriú an ionaid ginte leictreachais ag an láithreán.
- **Láithreán Líonta Talún Iarmharach** - Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí comhoibriú le Comhairle Contae Chorcaí i bhforbairt láithreáin líonta talún iarmharach i

gContae Chorcaí. Tá an próiséas críochnaithe chun suíomh a roghnú don líonadh talún seo, tá cead tugtha ag An Bord Pleanála agus tá Ceadúnas Dramhaíola tugtha ag an GCC.

3.5 Bruscar

Léiríonn an rannóg seo na pleananna atá forbraithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí chun plé le bruscar sna cúig bhliana atá romhainn:

- **Feachtas i gCoinne an Bhruscair** - Leanfaidh Feachtas i gCoinne an Bhruscair agus béim aige ar Bhunanna Toitíní, Fearadh Mhadraí agus Guma Coganta. Tá Físeán i gCoinne an Bhruscair le cur chuig na scoileanna ar fad i 2004.
- **Boscaí Bruscair** - Leanfaidh Comhairle na Cathrach le soláthar agus athshuíomh na mBoscaí Bruscair, agus áiseanna acu do dhiúscairt thoitíní agus guma coganta.
- **Póstaeiriú Mídhleathach** - Cuirfidh Comhairle na Cathrach tús le clár chun clúdaigh a choscann Póstaeiriú Mídhleathach a chur ar throscán sráide i lár na cathrach ó Lúnasa 2004.
- **Glanadh Sráide** - Leanfaidh an clár do ghlanadh sráide ar fud na cathrach. Tá folús-sciúrthóir sráide ar cíos go speisialta do Shráid Naomh Phádraig.

3.6 Dramhaíl Chontúirteach

Léiríonn an rannóg seo na pleananna atá forbraithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí chun plé le dramhaíl chontúirteach sna cúig bhliana atá romhainn:

- **Chemcar** - Tabharfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí tacaíocht leanúnach d'oibriú an chláir Chemcar do bhailiúchán de dhramhaíl chontúirteach teaghlaigh i Réigiún Chorcaí. Cuirtear an clár Chemcar i bhfeidhm le maoiniú ó thionsclaíocht phríobháideach.
- **Seoladh Trasteorann de Dhramhaíl Chontúirteach -** Leanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí leis na cleachtais chearta chun dramhaíl chontúirteach a sheoladh taobh istigh agus taobh amuigh d'Éirinn. Caithfidh nótaí coinsíneachta eisithe ag an údarás áitiúil a bheith in éineacht gach seoladh de dhramhaíl. Caithfear na nótaí seo a chur ar aghaidh chuig an GCC.

1. RÉAMHRÁ.....5

1.1 Sruthanna Dramhaíola a nDíreofar Orthu 7

1.2 Aidhmeanna an Phleain Bainistíochta Dramhaíola do Chathair Chorcaí 8

1.3 Bunús an Phleain Bainistíochta Dramhaíola.....10
1.3.1 Polasaí Bhainistíocht Dramhaíola Chomhairle Cathrach Chorcaí 11

1.4 Rannóg um Bainistíocht Dramhaíola de Chomhairle Cathrach Chorcaí.....13

1.5 Feasacht an Phobail agus Páirtithe Leasmhara.....14

1.6 An Próiséas Pleanála do Bhainistíocht Dramhaíola 15

1.7 Struchtúr an Phleain Bainistíochta Dramhaíola do Chathair Chorcaí 16

2. BROLLACH.....18

2.1 Réamhrá.....18

2.2 Cathair Chorcaí – Cur Síos Ginearálta.....18

2.3 Geolaíocht, Hidreagheolaíocht agus Soláthairtí Uisce.....18

2.4 Úsáid talún agus Gnáthóga Cosanta.....20
2.4.1. Ceantair Oidhreachta Nádúrtha (CON) molta 22
2.4.2. Ceantair Cosanta Speisialta 22
2.4.3. Tearmann Fhiadhúlra 22
2.4.4. Abhainn Bhradáin 22

2.5 Sonraí Déimeagrafacha.....22

2.6. Infreastruchtúr Iompair i gCathair Chorcaí 23
2.6.1. Infreastruchtúr Iarnróid 24
2.6.2. Aerfort Chorcaí 24
2.6.3. Calafort Chorcaí 24

3. POLASAÍ AGUS REACHTAÍOCHT DO BHAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA 25
3.1 Cúlra Pholasaí agus Reachtaíocht 25
3.1.1 Reachtaíocht Dramhaíola AE 26
3.2 Polasaí Éireannach do Bhainistíocht Dramhaíola 27
3.2.1 "Changing Our Ways", 1998 27
3.2.2 "Delivering Change", 2002 : 28
3.3 Reachtaíocht Éireannach do Bhainistíocht Dramhaíola 30
3.3.1 Na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996 – 2003 30
3.3.2 An tAcht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú) 2001 30
3.3.3 An tAcht um Chaomhnú an Chomhshaoil 2003 31
3.3.4 Plean Náisiúnta do Bhainistíocht Dramhaíola Contúirteacha 31
3.4 Rialacháin faoi na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 31

4. FEASACHT PHOIBLÍ AGUS SEACHAINT DRAMHAÍOLA 34

4.1 Réamhrá.....34

4.2 Dramhaíl a Sheachaint 34

4.3 Díriú ar Tháirgeoirí Dramhaíola 35

4.4 Bealaí chun Dramhaíl a Sheachaint atá tosaithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí 35
4.4.1 Oideachas agus Tograí ar Sheachaint Dramhaíola do Scoileanna 36
4.4.2 An Scéim 20/20 Brat Glas do Scoileanna 36
4.4.3 Infheistíocht i dTaighde Ábhartha 36
4.4.4 An Clár "Fáilte Glas" Clár 36

4.5 Dramhaíl a Sheachaint i Halla na Cathrach 37
4.5.1 Coiste um Tíos Glas 37
4.5.2 Córas Deonach do Bhainistíocht Chomhshaoil 37

4.6 Imeachtaí Feasachta Phoiblí 37
4.6.1 Nuacht faoi Straitéis Chorcaí um Bainistiú Dramhaíola – Radharc 20/20 38
4.6.2 Cláir Oideachais Poiblí 38

5. BAILIÚCHÁN AGUS GLACADH DRAMHAÍOLA I GCATHAIR CHORCAÍ 39

5.1 Réamhrá 39

5.2 Bailiúchán Dramhaíola ag Comhairle Cathrach Chorcaí 39
5.2.1 Bailiúchán Dramhaíola Teaghlaigh 39
(i) Bailiúchán Dramhaíola Teaghlaigh ar Tháillí 40
(ii) Bailiúchán Scartha de Ghnéithe Inathchúrsála de Dhramhaíl Teaghlaigh 40
5.2.2 Bailiúchán Dramhaíola Tráchtála 41
(i) Bailiúchán Scartha de Ghnéithe Inathchúrsála de Dhramhaíl Tráchtála 41
5.2.3 Dramhaíl Ghlanadh Sráide agus Bruscar 41

5.3 Bailiúchán Dramhaíola ag Comhlachtaí Príobháideacha 42
5.3.1 Ceadúnais do Bhailiúchán Dramhaíola 42

5.4 Áiseanna Glactha Dramhaíola 43
5.4.1 Láithreáin Áiseanna Cathartha 43
5.4.2. Láithreáin "Beir Leat" 43
5.4.3. Áiseanna Glactha Príobháideacha 45

6. GINEADH DRAMHAÍOLA I GCATHAIR CHORCAÍ 50

6.1. Réamhrá 50

6.2. Dramhaíl Sholadach Cathrach (DSC) 50
6.2.1. Gineadh Dramhaíola Teaghlaigh 51
6.2.2. Comhdhéanamh Dramhaíola Teaghlaigh 51
6.2.3. Gineadh Dramhaíola Tráchtála 52
6.2.4. Comhdhéanamh Dramhaíola Tráchtála 53
6.2.5. Dramhaíl Ghlanadh Poiblí (Glanadh Sráide) agus Bruscar 53
6.2.6 Líon Iomlán de Dhramhaíl Sholadach Cathrach a Ghintear 53

6.3. Gineadh Dramhaíola Tionsclaíochta 54
6.3.1 Dramhaíl Thionsclaíochta Neamhchontúirteach 54
6.3.2 Dramhaíl Thionsclaíochta Chontúirteach 55

6.4. Táirgeacht Dramhaíola Sloda i gCathair Chorcaí 55
6.4.1. Slodaí ó Chóireáil Uisce Dramhaíola 55
6.4.2. Slodaí ó Chóireáil Uisce 56

6.4.3. Slodaí Tionsclaíochta 56

6.5. Gineadh Dramhaíola i dTógáil agus Scartáil 56

6.6. Dramhaíl chontúirteach 57

6.7. Tosaíochtaí do Sruthanna Dramhaíola 58
6.7.1. Dramhaíl i dTógáil agus Scartáil 58
6.7.2 Trealamh Leictreach agus Leictreonach 59
6.7.3. Feithiclí Iomarcacha 59
6.7.4. Dramhaíl Boinn 60
6.7.5. Dramhaíl Cadhnraí 60
6.7.6. Olaí Dramhaíola 60
6.7.7. Dramhaíl Pacáistíochta 60

6.8 Sruthanna Dramhaíola Ilghnéitheacha 61
6.8.1. Dramhaíl Chúram Sláinte 61

6.9. Achoimre ar Ghineadh Dramhaíola i gCathair Chorcaí 61
6.9.1. Táirgeacht Iomlán Dramhaíola 61

7. LAGHDÚ AGUS TARRTHÁIL DRAMHAÍOLA I GCATHAIR CHORCAÍ 63

7.1. Réamhrá 63

7.2. Cosc agus Laghdú ar Ghineadh Dramhaíola 63

7.3. Infreastruchtúr Athchúrsála a Sholáthar 64
7.3.1. Láithreáin "Beir Leat": 64
7.3.2. Láithreáin Áiseanna Cathartha 66
7.3.3. Tograí Athchúrsála Chomhairle Cathrach Chorcaí 67
7.3.4. Áiseanna Speisialta Athchúrsála 67
7.3.5. Bailiúchán Scartha ag Foinse de Chomhbhaill Inathchúrsála 68
7.3.6. Scagadh Lárnach d'Earraí Inathchúrsála ó Dhramhaíl Mheasctha 69

7.4 Líon na Dramhaíola a Athchúrsaítear i gCathair Chorcaí 69
7.4.1. Athchúrsáil ar Dhramhaíl Teaghlaigh 70
7.4.2. Athchúrsáil ar Dhramhaíl Tráchtála 71

8. DIÚSCAIRT DRAMHAÍOLA I GCATHAIR CHORCAÍ 73

8.1. Réamhrá 73

8.2. Diúscairt Dramhaíola ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile 73
8.2.1. Gnásanna Láimhseála Dramhaíola ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile 74
8.2.2. Buanna Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile 76
8.2.3. Dúthshláin do Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile 76
8.2.4 Gnéithe Airgeadais de Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile 77
8.2.5. Dramhaíl a Chur ar Leataobh ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile 77
8.2.6. Pleananna don Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile i ndiaidh a dhúnadh 79

8.3. Diúscairt Dhramhaíl Chathair Chorcaí ag Líonadh Talún eile 80

8.4 Dramhaíl Chúram Sláinte 81

8.5. Láithreán Líonta Talún dúnta i gCathair Chorcaí 81

8.6. Láithreán Líonadh Talún Iarmharach molta 82

9. TREOCHTAÍ AGUS FORBAIRTÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO 83
9. 1 Cosc 83
9.2 Treochtaí Dheimeagrafacha 83
9.3 Treochtaí Eacnamaíocha 83
9.4 Treochtaí Bhainistíocht Dramhaíola 85
9.4.1 Treochtaí Bhailiúchán/Cóireáil Dramhaíola 85
9.4.2 Treochtaí Dhiúscairt Dramhaíola 85
9.4.3 Earnáil Phríobháideach 86
9.4.4 Treochtaí Dhliteanais 86
9.4.5 Polasaí AE 86
9.4.6 Reachtaíocht ag Teacht 87
9.5 Forbairtí in Údaráis Áitiúla Eile 88
9.5.1 Comhoibriú Idir-réigiúin 88

10. GNÍOMHARTHA BHAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA DO 2004-2009 90

10.1 Réamhrá 90

10.2. Gníomhartha Beartaithe 90

AGUISÍNÍ

1. RÉAMHRÁ

Cúlra

Tá an Plean Bainistíochta Dramhaíola seo leagtha amach ag Comhairle Cathrach Chorcaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúthshlán bainistíochta dramhaíola i gCathair Chorcaí, an dara chathair in Éirinn ó thaobh tábhacht eacnamaíochta agus daonra. Tá an Plean bunaithe ar aidhm *Inbhuaine* a bhaint amach – ag cur cosc ar mheath na sochaí agus na timpeallachta trí bealaí beatha inbhuanaithe a chothú. Tá bainistíocht éifeachtach dramhaíola mar bhunús leis an aidhm seo. Baineann an Plean seo leis an dtréimhse ó 2004 go 2009, agus déanfar é a athbhreithniú agus a athnuachan gach cúig bhliana ina dhiaidh sin.

Tá athrú bunúsach (ó thaobh meoin agus cultúr de) de dhíth ar na táirgeoirí dramhaíola go léir (lucht teaghlaigh san áireamh) má theastaíonn uainn gluaiseacht i dtreo chóras bainistíochta dramhaíola níos inbhuaine. Tá ról tábhachtach ag údaráis áitiúla i gcothú bhainistíocht inbhuaine dramhaíola. Mar aitheantas air seo, tá Comhairle Cathrach Chorcaí tiomanta do leanúint leis an próiséas a tosaíodh i 1999 – trí athchúrsáil agus múiríniú a chothú agus úsáid líonadh talún a laghdú. Ina theannta sin tá roinnt áirithe tograí tosaithe le cúig bhliana anuas le dramhaíl a laghdú lena n-áirítear Dramhaíl Tógála agus Scartála, Dramhaíl Ghlas agus Dramhaíl Adhmaid a phróiseáil.

Freisin, dearadh cláir oideachais agus feasachta Chomhairle na Cathrach chun béim a chur ar an riachtanas atá ann le h-inbhuaine a fhorbairt.

Tá Comhairle na Cathrach ag treoiriú na cathrach i dtreo bainistíocht inbhuaine dramhaíola ar bhealaí eile, ar nós cur chuige comhoibreach leis na hearnálacha éagsúla a tháirgíonn dramhaíl i gCathair Chorcaí. Chomh maith leis sin, tá treo soiléir straitéiseach ag an gComhairle, a chruthaíonn an creatlach d'athrú sa chathair. Tugann an polasaí sin, a léirítear sa Phleain Bainistíochta Dramhaíola seo, treoir atá de dhíth sna cúig bhliana atá romhainn. Aithníonn Comhairle na Cathrach, áfach, go bhfuil gá le solúbthacht i bpleanáil do bainistíochta dramhaíola, toisc gur féidir tionchar suntasach a bheith ag athruithe i ndearcadh an phobail agus roghanna tomhaltóirí, chomh maith le reachtaíocht nua, ar riachtanais do bainistíochta dramhaíola i gcathair nó réigiún ar leith. Mar sin, ceadaíonn an Plean seo athbhreithniú agus leasú ar straitéis ghinearálta na cathrach más gá sin.

Aidhmeanna

Tá roinnt áirithe de bhun-Aidhmeanna atá mar bhunús le haidhm bhainistíocht inbhuaine dramhaíola a luaitear sa Phleain Bainistíochta Dramhaíola seo. Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí iarracht a chinntiú go dtarlaíonn na nithe seo:

- Tabharfaimid isteach "Íoc Mar A Úsáidtear" do bhailiúchán dramhaíola ó 1 Eanáir 2005;
- Déanfaimid iarracht líon na dramhaíola a tháirgítear a laghdú le feasacht agus oideachas;
- Bainfear an úsáid is fearr as an dramhaíl a tháirgítear;

- Go ndéantar bainistíocht dramhaíola ar fad i gCathair Chorcaí ar bhealach a laghdaíonn an chontúirt go mbeadh dochar ann don chomhshaoil anois nó san am atá romhainn. Áirítear drochthionchar ar nós úsáid talún, laghdú acmhainní agus dochar don tsláinte;
- Go gcothaítear tuiscint níos fearr agus meas ar nithe a bhaineann le bainistíocht dramhaíola agus laghdú acmhainní. Cothófar rannpháirtíocht an phobail i gcruthú, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú an Phlean seo do Bhainistíocht Dramhaíola;
- Go n-éascófar comhaontú leathan ar an ngá d'athrú, ionas go dtacóidh cathróirí Chorcaí leis na hathruithe atá pleanáilte do na míonna agus blianta atá romhainn;
- Feasacht a thiontú i ngníomhartha i dtreo bhainistíocht inbhuaine dramhaíola;
- Go gcuirtear na páirtithe agus daoine ar fad san áireamh, chomh fada agus is féidir, i bpróiséas pleanála agus cur i bhfeidhm an bainistíochta dramhaíola.

Tugtar cur síos grinn ar na hAidhmeanna seo i Rannóg 1.2 den phlean seo.

Ainmníonn an Plean seo na gníomhartha a dhéanfaidh Comhairle na Cathrach chun:

- An treo straitéiseach do bainistíocht dramhaíola a ainmnítear sa Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola do Réigiún Chorcaí (1995) a chur i bhfeidhm; agus
- Na dualgais a leagtar síos sna hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996 go 2003 agus na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pleanáil) Rialacháin, 1997 a chomhlíonadh.

Tá an Plean seo mar dhroichead idir polasaí agus gníomh, agus scríobhadh é chun an pobal a chur ar an eolas, agus a dtiomantas a lorg do chleachtas feabhsaithe bainistíochta dramhaíola i gCathair Chorcaí. Mar shampla, ní féidir aidhm Chomhairle na Cathrach a bhaint amach (rátaí athchúrsála na cathrach a mhéadú agus líon na dramhaíola a tháirgítear a laghdú) muna mbíonn tacaíocht an phobail ann.

Sruthanna agus Codáin Dramhaíola

Clúdaíonn Plean Bainistíochta Dramhaíola na gnéithe ar fad do bainistíochta dramhaíola sholadach ó bhailiúchán go athchúrsáil agus diúscairt deiridh. Níl dramhaíl ghásach nó leachtach san áireamh. Pléitear gach sruth agus codán dramhaíola sholadach freisin. Séard is *sruth dramhaíola* ann ná meascán d'ábhair dramhaíola a tháirgítear de bharr ghníomhartha earnála nó imeachtaí ar leith (m.sh. dramhaíl teaghlaigh nó dramhaíl talmhaíochta). Ar an dtaobh eile den scéal, séard is *codán dramhaíola* ann ná ábhar ar leith, a tháirgíonn roinnt earnálacha éagsúla (m.sh. gloine agus páipéar a tháirgíonn teaghlaigh, gnóthaí agus tionsclaíocht).

Tá tábhacht leis na sruthanna dramhaíola **agus** codáin a tháirgítear sa chathair, de bharr tionchar chomhshaoil. Tá sé mar aidhm ag Comhairle Cathrach Chorcaí plé leis an dramhaíl is mó agus is mó fadhbanna ar dtús. Bainfidh an Plean Bainistíochta Dramhaíola seo leis na sruthanna dramhaíola ar fad ach díreoidh sé ar dhramhpháipéar ach go háirithe.

Pléitear Aidhmeanna an Phleain seo do Bhainistíocht Dramhaíola sa chaibidil seo freisin, chomh maith le polasaí agus feidhmeanna Chomhairle Cathrach Chorcaí do bainistíochta dramhaíola.

1.1 Sruthanna Dramhaíola a nDíreofar Orthu

Dramhpháipéar

Maidir le codán an pháipéir den dramhaíl a ghintear i gCathair Chorcaí, is iad seo a leanas na cúiseanna go ndírítear air sa Phlean seo:

1. Is ábhar é a tháirgíonn gach earnáil den tsochaí;
2. Tá sé bith-indíghrádaithe;
3. Cuireann líonadh talún pháipéir le scaoileadh mheatáin (gás a chuireann leis an Iarmhairt Cheaptha Teasa) agus láisteáit (uisce truaillithe ar féidir leis dochar a dhéanamh do sholáthairtí uisce, gnáthóga, agus fiadhúlra muna gcoinnítear faoi smacht é);
4. Díríonn an Treoir do Líonadh Talún agus an Treoir Bith-indíghrádaithe molta go speisialta ar an gcodán bith-indíghrádaithe de dhramhaíl a sheoladh ó líonadh talún;
5. Baineann táirgeacht pháipéir úsáid as acmhainní nádúrtha agus cuireann le milleadh gnáthóige. Má chinntítear go laghdaítear líon an pháipéir a úsáidtear agus go méadaítear ar athchúrsáil agus athúsáid, laghdófar méid na gcrann a leagtar chun táirgí pháipéir a dhéanamh; agus
6. Ábhar is ea páipéar a bhfuil luach intreach ábhair agus fuinnimh aige - is féidir é a athchúrsáil, a mhúiríniú, nó a chóireáil ar bhealach eile chun fuinneamh a scaoileadh nó a dhó chun leictreachas agus cumhacht a ghineadh. Tá sé éasca é a athchúrsáil chun táirgí tánaisteacha ar luach ard a dhéanamh. Ach uaireanta cuireann fórsaí an mhargaidh cosc ar athchúrsáil pháipéir.

Tá trí phríomhról ag Comhairle Cathrach Chorcaí maidir le hathchúrsáil pháipéir a chothú, is iad sin mar tháirgeoir de dhramhpháipéar í féin, mar sholáthróir de scéimeanna d'athchúrsáil pháipéir, agus mar úsáideoir de tháirgí pháipéir. Mar aitheantas ar na freagrachtaí seo, déanfaidh Comhairle na Cathrach athchúrsáil pháipéir a chothú ar na bealaí se a leanas:

- Scéim a thabhairt isteach do bhailiúchán earraí tirime inathchúrsála lena n-áirítear páipéar agus cárta ó chustaiméirí teaghlaigh sa chathair sa dhá bhliain atá romhainn;
- A dramhpháipéar féin a athchúrsáil;
- Feasacht an phobail a mhéadú ar an riachtanas le líon an dramhpháipéir a tháirgítear a laghdú, agus tábhacht a bhaineann le hathchúrsáil;
- A bheith go gníomhach ag cothú margaí do pháipéar athchúrsála (m.sh. táirgí pháipéir athchúrsála a cheannach nuair is féidir);
- Áiseanna do dhramhpháipéar a sholáthar ag Láithreá(i)n Áiseanna Cathartha
- Leanúint le bailiúchán de pháipéar agus cárta ó chustaiméirí tráchtála; agus
- Cur i bhfeidhm na Rialachán Pacáistíochta.

1.2 Aidhmeanna an Phleain Bainistíochta Dramhaíola do Chathair Chorcaí

Is iad seo a leanas aidhmeanna an dara Phleain Bainistíochta Dramhaíola seo don chathair:

a) Cathair níos inbhuaine a dhéanamh de Chorcaí trína chinntiú nach gcuireann ár n-imeachtaí bainistíochta dramhaíola imeachtaí isteach ar cháilíocht na timpeallachta agus trí ullmhú anois d'athruithe a bheidh riachtanach san am atá romhainn;
b) Cloí leis an athrú sa dearcadh atá againn ar dhramhaíl;
c) Bolscaireacht a dhéanamh faoin ghá le hathrú i gcleachtais bainistíochta dramhaíola;
d) Treo soiléir a sholáthar do bainistíochta dramhaíola sa chathair sna blianta atá romhainn, ach solúbthacht a chothú freisin mar fhreagra ar eolas agus cur chuige nua;
e) Cleachtais feabhsaithe do bainistíochta dramhaíola a chothú i measc earnálacha uilig sa tsochaí;
f) A chinntiú go nglacann táirgeoirí dramhaíola freagracht iomlán do bhainistíocht a gcuid dramhaíola;
g) A chinntiú sa mhéid agus is féidir nach mbíonn aon ardú i líon na dramhaíola a tháirgítear in aghaidh gach cónaitheoir sa chathair (i.e. in aghaidh an duine) thar tréimhse an Phleain seo;
h) Laghdú sa leibhéal de tháirgeacht dramhaíola a éascú go gníomhach;
i) Laghdú ar líon dramhaíola Chorcaí a chuirtear i líonadh talún; agus
j) Díriú go speisialta ar dhramhpháipéar.

Chun na haidhmeanna seo a bhaint amach, tá Aidhmeanna ar leith ainmnithe do na cúig bhliana atá romhainn, mar a thaispeántar thíos.

Aidhm 1 "Íoc Mar A Úsáidtear" a thabhairt isteach agus a chothú, maraon le bailiúchán scartha d'earraí tirime inathchúrsála dírithe ar chosc agus laghdú dramhaíola Chathair Chorcaí.

Aidhm 2 An Prionsabal ar a dtugtar *Ordlathas Bhainistíocht Dramhaíola* a chothú, a deir gur fearr táirgeacht dramhaíola a chosc agus a sheachaint más féidir. Ina dhiaidh sin, ba chóir dramhaíl nach féidir a sheachaint a athúsáid agus a athchúrsáil, agus níor chóir í a chur i líonadh talún ach amháin muna bhfuil aon rogha eile ann (Figiúir 1.1).

Aidhm 3 Ar a laghad 60% den dramhaíl a tháirgítear a chur ar mhodhanna eile do bainistíochta dramhaíola. Is mar seo a dhéanfar é:

- Dramhaíl tógála agus scartála ar fad a chosc ó líonadh talún agus

- ***Áis Tarrthála Dramhaíola***[4] a thógáil (i gcomhoibriú le Comhairle Contae Chorcaí) a chuirfidh 60% dá ionchur ón líonadh talún nuair a bheidh sí faoi lán-tseoil.

Cuirfidh na tograí seo 72% san iomlán ó líonadh talún. Ach tá líon na dramhaíola a tháirgítear go náisiúnta (agus i gCorcaigh) ag méadú de réir mar a thagann fás eacnamaíoch agus caighdeáin maireachtála níos airde. Measann an Forbhreathnú Náisiúnta de Phleananna do Bhainistíocht Dramhaíola go mbeidh ráta carnach fáis de 16.6% ar dhramhaíl tráchtála agus ráta carnach fáis de 30.9% ar dhramhaíl teaghlaigh sa tréimhse go 2010. Cuirtear san áireamh laghdú measta de bharr cláir chun cosc a chothú.[5]

Aidhm 4 Rannpháirtíocht ag páirtithe leasmhara i gcinní agus imeachtaí maidir le bainistíocht dramhaíola a mhéadú trí feachtais oideachais agus feasachta agus a leithéid.

Aidhm 5 Na gníomhartha uilig a luaitear sa Phleain Bainistíochta Dramhaíola seo a leathnú go imeachtaí inmheánacha na Comhairle Cathrach, nuair is cuí.

Aidhm 6 Bainistíocht dramhaíola a shníomh isteach sa cur chuige Agenda Áitiúil 21[6] atá glactha ag Comhairle na Cathrach. Breathnófar ar bainistíochta dramhaíola mar ghné lárnach d'iarrachtaí Chomhairle Cathrach Chorcaí chun feabhas a chur ar an dtimpeallacht.

Aidhm 7 Comhoibriú leis na hearnálacha is mó a tháirgíonn dramhaíl sa chathair chun dramhaíl a chosc agus a laghdú – mar shampla, comhlachtaí tionsclaíochta nach gá dóibh ceadúnas a lorg ar An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), na hóstáin mhóra agus FBM-anna.

Aidhm 8 Teicneolaíochtaí agus cur chuige nua a úsáid do bainistíochta dramhaíola sa chathair, agus cuidiú le jabanna a chruthú.

Aidhm 9 Comhoibriú leis na hearnálacha ar fad a tháirgíonn dramhaíl (m.sh. lucht teaghlaigh agus lucht gnó) i gCathair Chorcaí, agus aon dream eile a bhfuil suim acu ann, chun bainistíocht inbhuaine dramhaíola a chothú agus an Plean Bainistíochta Dramhaíola a chur i bhfeidhm.

Aidhm 10 Agus líonadh talún ar siúl, a chinntiú go ndéantar cúram de na caighdeáin is airde comhshaoil chun truailliú a chosc.

Aidhm 11 An Plean Bainistíochta Dramhaíola seo a stiúradh faoi réir reachtaíochta AE agus dlí na hÉireann, agus é a athrú agus a chur i bhfeidhm mar is cuí chun cloí le hathruithe sa reachtaíocht sin.

(graphic)

Figiúir 1.1 An tOrdlathas Bhainistíocht Dramhaíola

[4] Ina mbeidh innealra do scagadh meicniúil do dhramhaíl cathartha neamhscagtha agus innealra múirínithe do nithe orgánacha.

[5] Forbhreathnú Náisiúnta de Phleananna do Bhainistiú Dramhaíola RCORÁ Aibreán 2004 Aguisín 1.

[6] Is coinceap é Agenda Áitiúil 21 bunaithe ar an dtuairim gur fearr forbairt inbhuaine don chéad seo chugainn a chothú agus a bhaint amach ag an leibhéal áitiúil – le freagraí áitiúla a fháil d'fhadhbanna áitiúla.

1.3 Bunús an Phleain Bainistíochta Dramhaíola

Chomh maith le haidhmeanna Chomhairle na Cathrach bainistíocht inbhuaine dramhaíola sa chathair a fhorbairt trí laghdú dramhaíola agus athchúrsáil a spreagadh, tá nithe eile a thugann bunús don Phleain Bainistíochta Dramhaíola seo, ina measc an Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola do Réigiún Chorcaí a forbraíodh i 1995. Tá cur síos níos déanaí ar phríomheilimintí na Straitéise sin. Cuireadh dualgais reachtúla ar Chomhairle Cathrach Chorcaí ag na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996 go 2003 agus na Rialacháin a bhaineann leo, maraon le Polasaí Rialtais agus AE. Éilíonn an reachtaíocht seo go n-ullmhódh údaráis áitiúla Pleananna do Bhainistíocht Dramhaíola gach cúig bhliana. Tugtar cur síos ar an eolas ar leith is gá a chur i bPlean sna Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pleanáil), 1997. Cuireadh na Rialacháin seo agus reachtaíocht chuí eile de chuid na hÉireann agus an AE san áireamh agus an Plean seo á ullmhú do Chathair Chorcaí.

"Changing Our Ways"

Thug Comhairle Cathrach Chorcaí aird ar leith ar an ráiteas maidir le bainistíocht dramhaíola a d'eisigh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil i 1998. ar a tugadh '*Changing Our Ways'*, a chuireann béim ar phleanáil do bainistíochta dramhaíola. Tá nithe tábhachtacha eile in *Changing Our Ways* mar seo a leanas:

- An tábhacht atá le **réigiúnú** ar bainistíochta dramhaíola pleanáil, agus comhoibriú idir údaráis áitiúla chun leas na timpeallachta agus na heacnamaíochta;
- Riachtanas do **laghdú suntasach ar úsáid líonadh talún** i bhfábhar cur chuige comhtháite, ag baint úsáide as réimse roghanna cóireála chun spriocanna uaillmhianacha athchúrsála agus tarrthála a shroichint;
- An tábhacht atá le rannpháirtíocht méadaithe ag an **earnáil phríobháideach** i soláthar seirbhísí do bainistíochta dramhaíola. Ba chóir a lua go bhfuil údaráis áitiúla Chorcaí ag comhoibriú le páirtnéir príobháideach maidir le hÁis Tarrthála Dramhaíola[7] a sholáthar don Réigiún;
- Riachtanas do chóras níos éifeachtaí agus níos cothroime de **tháillí dramhaíola** a chothaíonn laghdú agus tarrtháil dramhaíola;
- Riachtanas d'úsáid níos mó de **ionstraimí reachtúla** (m.sh. córas Fíneáil Bhruscair); agus
- An tábhacht atá le tacaíocht, oideachas agus rannpháirtíocht **phoiblí** i mbainistíocht dramhaíola go ginearálta.

Leagann *Changing Our Ways* síos freisin spriocanna tábhachtacha náisiúnta d'athchúrsáil agus dramhaíl a chur ó líonadh talún. Pléitear impleachtaí na spriocanna seo do Chathair Chorcaí níos déanaí sa Phlean seo.

[7] Ina mbeidh innealra do scagadh meicniúil do dhramhaíl cathartha neamhscagtha agus innealra múirínithe do nithe orgánacha.

Freisin, thug Comhairle Cathrach Chorcaí aird ar na príomhphointí sa ráiteas is déanaí de chuid an rialtais *Taking Stock and Moving Forward* a foilsíodh in Aibreán 2004.
Is iad seo a leanas na príomhphointí:

- Beidh an cur chuige de bainistíocht comhtháite dramhaíola, bunaithe ar ordlathas na dramhaíola, mar bhunchloch ag polasaí bainistíochta dramhaíola in Éirinn;
- Beidh pleanáil do bainistíochta dramhaíola mar fheidhm ag údaráis áitiúla i gcónaí, le cleachtadh i ngrúpaí réigiúnda don chuid is mó;
- Díreofar ar dramhaíl bith-indíghrádaithe d'fheabhsuithe móra in athchúrsáil;
- An t-athrú go ***córais "ioc mar a úsáidtear" a*** chríochnú faoi 1 Eanáir 2005;
- An coincheap ***Tograí Freagrachta Táirgeoirí (TFT-anna)*** atá ann faoi láthair do phacáistíocht, plaisteach feirme agus dramhaíl T&S le leathnú go páipéar nuachtáin agus boinn faoi dheireadh 2004, feithiclí iomarcacha faoi dheireadh 2005 agus dramhaíl leictreach agus leictreonach faoi Lúnasa 2005;
- Beidh dramhaíl-go-fuinneamh ina phríomheilimint sa chur chuige. Beidh ar áiseanna den tsórt seo dul faoi smacht righin pleanála agus comhshaoil;
- Laghdófar ar líonadh talún de réir a chéile faoi réir a stádas ag bun an ordlathais dramhaíola. Tá tuilleadh dul chun cinn san athchúrsáil agus cóireáil teirmeach riachtanach chun é seo a bhaint amach;

1.3.1 Polasaí Bhainistíocht Dramhaíola Chomhairle Cathrach Chorcaí

Tá an cur chuige ginearálta atá glactha ag Comhairle Cathrach Chorcaí maidir le bainistíocht dramhaíola bunaithe ar aidhm forbartha inbhuaine. Tá sé bunaithe freisin ar an **Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola do Réigiún Chorcaí** (ar ghlac Comhairle na Cathrach agus Comhairle Contae Chorcaí léi i 1995).
Dhírigh an Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola ar thrí phríomh-nithe, mar seo a leanas:

- Riachtanas do leathnú ar imeachtaí athchúrsála i Réigiún Chorcaí chun spriocanna náisiúnta a bhaint amach;
- Laghdú ar líon na dramhaíola a chuirtear i líonadh talún; agus
- Nuair nach féidir é a sheachaint, diúscairt dramhaíola go líonadh talún ach i gcónaí faoi threoirlínte AE agus GCC.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúthshláin seo, cuireadh síos ar roghanna áirithe do chosc, bailiúchán, cóireáil, agus diúscairt dramhaíola sa Réigiún. Cuireadh na roghanna seo i dtrí *radharc*, mar atá thíos.

1. Ghlac *Radharc a hAon* an cur chuige leis an méid is mó athchúrsála, agus múiríniú sa bhaile. Mhol sé an soláthar de láithreán nua líonta talún;
2. Leathnú ar Radharc a hAon ab ea *Radharc a Dó*, agus curtha leis bhí coincheap dramhaíl teaghlaigh agus tráchtála a scagadh in áis mheicniúil do scagadh (cuid d'Áis Tarrthála Dramhaíola). Bheadh an codán fliuch orgánach ón scagadh codán le múiríniú agus an cuid tirim curtha i gcornáin agus ansin i líonadh talún; agus

3. Rinne *Radharc a Trí* staidéar ar an gcodán tirim a tháirgítear ón Áis Tarrthála Dramhaíola a chóireáil go teirmeach chun laghdú a thuilleadh ar an méid a bheadh ag dul sa líonadh talún.

Déanadh gach radharc a mheas agus ainmníodh *Radharc a Dó*[8] mar rogha is fearr le cur i bhfeidhm sa Réigiún sa ghearr- go meán-téarma, agus *Radharc a Trí* mar an rogha fad-téarmach is fearr don Réigiún.

Tar éis dul i gcomhairle leis an bpobal agus tar éis Dréacht-Straitéis a fhoilsiú, chinn an dá údarás áitiúil gurb é ***Radharc a Dó an treo straitéiseach b'áisiúla do Réigiún Chorcaí*** agus chinn siad na roghanna a luaitear ann a thógáil. Tá *Radharc a Dó* á chur i bhfeidhm anois sa Réigiún. Is ar bhunús Radharc a Dó a bhunaigh Comhairle na Cathrach an Plean Bainistíochta Dramhaíola do bhainistíocht dramhaíl na Cathrach go dtí 2009.

Is iad seo a leanas príomheilimintí na Straitéise atá glactha ag Comhairle Cathrach Chorcaí (chomh maith le Comhairle Contae Chorcaí) go dtí an bhliain 2020:

a) Leathnú ar an gcóras de Láithreáin "Beir Leat"[9] (Figiúir 1.2),

b) Soláthar de dhá mhór-Láithreáin Áiseanna Cathartha[10] ar a laghad (tá ceann ann cheana ag Láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile, a leathnaíodh go mór i 2000) áit is féidir leis an bpobal ábhar inathchúrsála agus dramhaíl eile nach mbailítear sna seirbhísí bailiúchán dramhaíola (m.sh. troscán agus fearas cistine) a fhágáil (Figiúir 1.3);

c) Áis Tarrthála Dramhaíola[11] a thógáil a dhéanfaidh scagadh meicniúil d'earraí inathchúrsála agus a chuirfidh na hábhair scagtha chuig na háiseanna cuí d'athchúrsáil, ach go ndéanfar dramhaíl bith-indíghrádaithe (ar nós bia agus dramhaíl gháirdín) a mhúiríniú d'athúsáid in imeachtaí talmhaíochta agus garraíodóireachta. Laghdóidh an áis seo líon na dramhaíola ag dul go líonadh talún agus méadófar rátaí athchúrsála na cathrach;

d) Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile a oibriú faoi réir théarmaí a Cheadúnais Dramhaíola agus ar bhealach a laghdóidh an drochthionchar chomhshaoil (m.sh. bailiúchán & úsáid gás líonadh talún do ghineadh leictreachais, cóireáil ar láisteáit srl.);

e) Láithreán líonta talún nua a chruthú chun áit Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile a ghlacadh nuair atá sé lán; agus

[8] It should be noted that a achoimre of the most tábhachtach comhshaoil impacts of *Radharc a Dó* is presented in the appendices go this Plean.

[9] Groups of containers for various inathchúrsála dramhaíl, such as green agus brown gloine agus beverage cans.

[10] A Civic Amenity Láithreán is an area where inathchúrsála agus dramhaíl teaghlaigh ábhair are brought by the poiblí for appropriate bainistiú.

[11] A áis where neamhscagtha teaghlaigh agus tráchtála refuse is taken for mechanical separation into its component elements – i.e. earraí tirime inathchúrsála (m.sh. gloine), wet inathchúrsálas (m.sh. páipéar agus kitchen bith-indíghrádaithe dramhaíl) agus non-inathchúrsála ábhair. Each of these comhbhaill is then sent go the relevant athchúrsáil áis, with the exception of the wet nó orgánach inathchúrsálas which will be composted at the composting plant which is an integral part of the Tarrtháil dramhaíola Áis itself.

f) Láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile a fhorbairt, nuair a dhúntar é, mar áis thábhachtach áineasa don chathair. Coinneofar an Láithreán Áiseanna Cathartha agus imeachtaí eile athchúrsála.

(graphic)

Figiúir 1.2 Sampla de Láithreán "Beir Leat"

Cé go dtugann an Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola do Réigiún Chorcaí creatlach do bainistíochta dramhaíola sa réigiún go dtí 2020, tá athbhreithniú ceadaithe do na roghanna a ghlactar sa tréimhse 25-bliain idir an dá linn. Mar sin, tá gach seans do ndéanfaí na roghanna seo a athbhreithniú agus a scrúdú de réir mar is cuí.

Foinse eolais tábhachtach eile is ea **Plean Forbartha Chathair Chorcaí 2004**. Tugtar cur síos ar impleachtaí Phlean Forbartha na Cathrach don Phleain Bainistíochta Dramhaíola seo i Rannóg 2.4. Is féidir go mbeadh tionchar ag Pleananna Forbartha sna ceantair mórthimpeall na cathrach ar roghanna do bainistíochta dramhaíola.

(graphic)

Figiúir 1.3 An Láithreán Áiseanna Cathartha ag Bóthar Chionn tSáile

1.4 Rannóg um Bainistíocht Dramhaíola de Chomhairle Cathrach Chorcaí

Is í an Rannóg um Bainistíocht Dramhaíola, atá mar chuid den Roinn Comhshaoil i gComhairle Cathrach Chorcaí, a stiúrann imeachtaí sa réimse seo. Tá an Rannóg seo freagrach as oibríochtaí ó lá go lá agus pleanáil leis. Beidh sé i gceannas ar chonartha chun Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile a dhíchoimisiúnú chomh maith le cur i bhfeidhm coinníollacha an GCC don láithreán.

Maidir le himpleachtaí airgeadais imeachtaí Chomhairle Cathrach Chorcaí, meastar gur costas de €18.09 milliún a bheidh ar ***oibríochtaí*** i 2004, mar a léirítear thíos:

Oibríochtaí ó Lá go Lá	**Costas Measta € 2004**
Bainistíocht agus feabhsú ar líonadh talún	7,390,900
Bailiúchán dramhaíola	4,125,500
Glanadh sráide	4,782,900
Ullmhú an Phleain Bainistíochta Dramhaíola	222,800
Straitéis do Dhramhaíl (oibreacha sibhialta, feasacht phoiblí)	190,500
Tacaíocht athchúrsála	1,004,200

Costais Ilghnéitheacha	378,700
IOMLÁN DO 2004	**18,095,500**

Tá ***oibreacha chaipitil*** idir lámha freisin. Tá siad seo de dhíth mar thoradh ar an Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola do Réigiún Chorcaí (1995) a ghlac Comhairle na Cathrach agus Comhairle Contae Chorcaí, agus meastar go mbeidh costas de €67.5 milliún orthu. Glanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí na costais seo, i gcomhpháirt leis an gComhairle Contae agus roinnt pháirtithe príobháideacha.

Caiteachas Chaipitil	**Costais sa Bhuiséad thar 5 bhliana (€)**
Áis Tarrthála Dramhaíola	50 milliún
Forbairt Láithreán Áiseanna Cathartha ó Thuaidh	2 milliún
Díchoimisiúnú Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile	15 milliún
Forbairt Láithreáin breise "Beir Leat"	0.5 milliún
IOMLÁN DO 2004 -2009	**€67. 5 milliún**

Tá cur síos thíos ar an **ioncaim** (thart ar €14.16 milliún) a bhfuiltear ag súil leis i 2004.

Ioncaim	**Ioncaim Measta do 2004(€)**
Táillí Gheata do Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile	2,090,000
Bailiúchán dramhaíola tráchtála	1,687,100
Táillí dramhaíola an phobail	9,688,300
Fíneáil Bhruscair	28,000
Díol ar leictreachas/dramhaíl glas/adhmaid	664,600
IOMLÁN DO 2004	**€14,158,000**

1.5 Feasacht Phoiblí agus Páirtithe Leasmhara

Tá tiomantas agus comhoibriú de dhíth ar na táirgeoirí dramhaíola ar fad i gCathair Chorcaí chun athrú a chur i gcrích. Déanfar lucht teaghlaigh a ghríosadh chun páirt a ghlacadh i scéimeanna do bhailiúcháin scartha ar thaobh an bhóthair agus chun dramhaíl inathchúrsála (m.sh. gloine) a scaradh a gcuid dramhaíola agus iad a thabhairt chuig lárionaid athchúrsála. Chun a chinntiú go dtuigeann gach duine a ról i mbainistíocht dramhaíola sa chathair, leanfaidh Comhairle na Cathrach dá cláir feasachta agus oideachais phoiblí.

Tá na grúpaí daoine seo aitheanta ag Comhairle na Cathrach mar *páirtithe leasmhara* (i.e. daoine is mó a mbeadh cleachtais athraithe ag dul i bhfeidhm orthu):

- An pobal i gcoitinne (m.sh. lucht teaghlaigh);
- A pobal gnó (m.sh. siopaí, bainc, óstáin);
- An earnáil tionsclaíochta (ach go háirithe iad siúd nach mbaineann córas ceadúnais an GCC leo);

- Daltaí Scoile –lucht teaghlaigh agus ceannairí tionsclaíochta an lae amáraigh;
- Áisínteachtaí Rialtais;
- Rialtas Áitiúil féin – ach go háirithe Comhairle Contae Chorcaí agus Bord Sláinte an Deiscirt;
- Eagrais Neamh-Rialtais agus eagrais ionadaíocha; agus
- Grúpaí Ilghnéitheacha.

1.6 An Próiséas Pleanála do Bhainistíocht Dramhaíola

Seo thíos an próiséas ullmhúcháin don Phlean do Bhainistíocht Dramhaíola. Tá dhá phríomheilimint de chomhairle an phobail ann – rud a léiríonn tábhacht rannpháirtíocht agus tiomantas an phobail i bpleanáil bainistíochta dramhaíola.

Foilsigh Fógra d'Intinn Plean Bainistíochta Dramhaíola a Ullmhú
+ Aighneachtaí a Lorg ó Dhaoine a bhfuil Suim acu

Tréimhse dhá mhí do chomhairle an phobail

↓

Ullmhaigh Dréacht-Phlean do Bhainistíocht Dramhaíola
(agus Aighneachtaí san Áireamh)

↓

Foilsigh Fógra ag Rá go bhfuil an Dréacht-Phlean do Bhainistíocht Dramhaíola ar fáil do Cheadú
+ Aighneachtaí a Lorg ó Dhaoine a bhfuil Suim acu

Tréimhse dhá mhí do chomhairle an phobail

↓

Leasaigh Dréacht-Phlean do Bhainistíocht Dramhaíola
(agus Aighneachtaí san Áireamh)

↓

Foilsigh an Plean Críochnaithe do Bhainistíocht Dramhaíola, agus Cuir ar Fáil don Phobal

Aighneachtaí

Fuarthas aighneachtaí ó na dreamanna seo a leanas mar fhreagra ar an bhfógra reachtúil go raibh sé i gceist ag an gComhairle Cathrach a Plean Bainistíochta Dramhaíola a athbhreithniú

- Indaver (Ireland)
- Fóram Chomhshaoil Chorcaí

Indaver (Ireland)

Rinne an aighneacht seo athbhreithniú ar Pholasaí do Bhainistíocht Dramhaíola mar atá sa Chomh-Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola 1995 agus Plean na cathrach do Bhainistíocht Dramhaíola 1999 – 2004.

Rinne sé na moltaí seo a leanas:

- *Struchtúr comhtháite do bainistíochta dramhaíola sa Réigiún le béim ar athúsáid, athchúrsáil, agus dramhaíl go fuinneamh, agus bogadh amach ó líonadh talún.*

- *Soláthar de bhailiúcháin d'earraí tirime inathchúrsála scartha ag an bhfoinse agus ábhar orgánach do lucht teaghlaigh agus tráchtála. Feabhsóidh seo rátaí athchúrsála agus laghdófar ar thruailliú ar fud na tíre.*

- *Dramhaíl-go-Fuinneamh a chur san áireamh mar rogha riachtanach do chóireáil d'ábhar iarmharach neamhchontúirteach a ghintear sa Réigiún agus mar rogha molta thar líonadh talún.*

Tá an aighneacht go ginearálta ag teacht le polasaí Chomhairle na Cathrach agus an Comhairle Contae. Ach le linn tréimhse an phleain seo is é Radharc 2 (a chothaíonn athchúrsáil, scagadh meicniúil agus úsáid de líonadh talún gan teas go fuinneamh an rogha is fearr.

Fóram Chomhshaoil Chorcaí

Tá na príomhphointí a déantar san aighneacht seo maidir le bainistíocht inbhuaine dramhaíola clúdaithe sa phlean, maraon le moltaí maidir le Láithreáin "Beir Leat", srl. Ní ghlactar leis an moladh go mbeadh Plean do Bhainistíocht Acmhainní mar theideal ar an bplean toisc go ndéanann an tAcht tagairt do Phlean do Bhainistíocht Dramhaíola.

1.7 Struchtúr an Phleain Bainistíochta Dramhaíola do Chathair Chorcaí

Pléann an Plean na gnéithe uilig de bainistíochta dramhaíola – ó chosc agus laghdú ar dhramhaíl, go bailiúchán, cóireáil, tarrtháil agus diúscairt deiridh dramhaíola nach féidir a sheachaint. Seo a leanas na príomhshonraí a thugtar sa Phlean seo:

- Na córais atá ann faoi láthair, nó atá beartaithe le linn na tréimhse cúig bhliana atá clúdaithe ag an bPlean;
- Stádas bainistíochta dramhaíola sa chathair faoi láthair (m.sh. rátaí athchúrsála);
- Na dúthshláin atá os comhair Chomhairle na Cathrach thar na cúig bhliana atá romhainn;
- Pleananna Chomhairle na Cathrach do na sruthanna dramhaíola sa chathair thar na cúig bhliana atá romhainn; agus

- Freagrachtaí Chomhairle na Cathrach mar atá sa reachtaíocht.

Tá an Plean leagtha amach ar bhealach a léiríonn an tOrdlathas Bhainistíocht Dramhaíola, mar seo a leanas:

a) **Brollach** – a thugann cur síos ar na hearnálacha a tháirgíonn dramhaíl i gCathair Chorcaí, agus a thugann eolas cuí eile (*Caibidil a Dó*);

b) Forbhreathnú ar Pholasaí & Reachtaíocht. (*Caibidil a Trí);*

c) Forbhreathnú ar iarrachtaí faoi láthair chun **táirgeacht dramhaíola sa chathair a chosc agus a laghdú** (*Caibidil a Ceathair*);

d) Cur síos ar an mbealach ina ndéantar an dramhaíl a **bhailiú** agus a chur go háiseanna bainistíochta dramhaíola (*Caibidil a Cúig*);

e) Eolas ar líon agus cineálacha dramhaíola **a ghintear** gach bliain i gCathair Chorcaí (*Caibidil a Sé*);

f) Cineálacha agus leibhéil **d'athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola** sa chathair (*Caibidil a Seacht*); agus

f) Cineálacha agus líon **dramhaíola a chuirtear i líonadh talún** sa chathair (agus i líonadh talún eile lasmuigh den Chathair) (*Caibidil a hOcht*).

Ar deireadh, ainmníonn agus pléann an Plean na treochtaí a mbeidh tionchar acu ar bainistíochta dramhaíola sa chathair sna blianta atá romhainn (*Caibidil a Naoi*), agus cuireann sé i láthair pleananna gníomhaíochta ar leith de chuid Chomhairle na Cathrach sna cúig bhliana atá romhainn (*Caibidil a Deich*).

2. BROLLACH

2.1 Réamhrá

Tá pleanáil do bainistíochta dramhaíola ag brath ar réimse leathan de chúinsí – ar nós leibhéal tionsclaíochta agus imeachtaí talmhaíochta, líon na dteaghlach, agus an cumas diúscairt a fhágtar i líonadh talún. Tugann an Plean seo aird ar cheisteanna ar nós:

- **Cén chontúirt atá ann d'aibhneacha, locha agus acmhainní eile uisce de bharr stóráil nó diúscairt dramhaíola i gCathair Chorcaí?** Tugtar freagra ar an gceist seo trí athbhreithniú ar an mbuncharraig agus na cineálacha ithir atá os a cionn[12].
- **Cad iad na ceantair is gá a chosaint ó thionchar bainistíochta dramhaíola imeachtaí?** Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí an timpeallacht a chosaint, ach go háirithe na tailte nó gnáthóga a bhfuil tábhacht ar leith leo (m.sh. Ceantair Oidhreachta Nádúrtha), nó cúlchistí uisce talún atá i gcontúirt.
- **Cé mhéad daoine atá ina gcónaí i gCathair Chorcaí, agus cé mhéad tithe ina bhfuil cónaí orthu?** Caithfidh na húdaráis áitiúla bailiúchán dramhaíola teaghlaigh a rialú. Tá sé riachtanach go mbeadh aird ag pleanáil ar líon na dteaghlach i gceantar ar bith sa chaoi is gur féidir lárionaid athchúrsála a phleanáil i gceart.
- **Cad iad na príomhearnálacha a tháirgíonn dramhaíl i gCathair Chorcaí?** Tá sé tábhachtach go n-aithnítear na táirgeoirí dramhaíola seo chun pleanáil bainistíocht dramhaíola agus cláir feasachta phoiblí a éascú.

2.2 Cathair Chorcaí – Cur Síos Ginearálta

Is í Cathair Chorcaí an dara chathair is mó i bPoblacht na hÉireann. Bhunaigh Naomh Fionnbarra mainistir ar bhruach theas Abhann na Laoi sa séú chéad. Tá achar 3,700 heicteár ag an gcathair, le córais aibhneacha ag dul isteach san fharraige i gCuan Chorcaí – lena n-áirítear an Laoi, an Curraichín, an Gleann agus an Trá Mór. Tá na foirgnimh ag baint leis an dtréimhse i ndiaidh na seachtú haoise déag, don chuid is mó. Líonadh isteach na cainéil abhainn san ochtú agus naoiú haois déag chun na príomhshráideanna a chruthú, mar shampla, Sráid Naomh Phádraig agus Sráid an Chapaill Bhuí.

(graphic)

2.3 Geolaíocht, Hidreagheolaíocht agus Soláthairtí Uisce

In **dtéarmaí geolaíochta**, is *aolchloch* atá mar bhuncharraig ag an gcathair, ar an gcrios lárnach ó Bhaile an Chollaigh go Loch Machan. Tá ceithre phríomhchineál d'aolchloch ann, mar seo a leanas:

a) Aolchloch bithmhicrít ollmhór liath;

[12] Cúlchistí uisce a úsáidtear go minic chun uisce óil a fháil.

b) Aolchloch dea-shuite bhithchlastach sceallach;

c) Aolchloch bithmhicrít liath droch-shuite; agus

d) Aolchloch bithmhicrít agus bithspairít le gann-leibhéil úilíteach.

Chomh maith leis sin, tá sil-leaganacha suntasacha ann de *ghaineamhchloch* (glas agus liath, agus glas agus donn) agus *sioltachloch* (dearg agus corcra, liathdhubh le stríocaí tanaí ghaineamhacha, agus liath le leabaí ilchlocha) freisin (Figiúir 2.1). Is í an phríomhimpleacht atá ag an ngeolaíocht aolchloch-bhunaithe seo ná go gcaithfear nádúr scagach (i.e. póiriúil) na buncharraige a chur san áireamh agus oibreacha innealtóireachta, forbairtí tithíochta, tograí tógála agus oibreacha do stóráil nó cóireáil draenála ar bun.

Is féidir *Ithir Dhonn Aigéadach agus Dhonn Phodsalach* (Figiúir 2.2) a thabhairt ar struchtúr na hithreach sa cheantar mórthimpeall Chathair Chorcaí. Tá an dá chineál ithreach seo go maith chun taise a choinneáil, agus déantar draenáil réasúnta maith orthu. Is féidir le hithreacha troma a bhfuil cuma cré orthu atá anuas ar aolchloch bac nádúrtha a chruthú a chuireann cosc ar ghluaiseacht leachtaí agus truaillitheoirí eile síos chuig, agus tríd, an bhuncharraig. Seo mar a tharlaíonn ag Láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile áit a bhfuil sraith thiubh den chineál sin ithreach ag feidhmiú chraiceann nádúrtha don líonadh talún, rud a laghdaíonn ar an gcontúirt go mbeadh láisteáit ag gluaiseacht síos ag an suíomh seo.

Fig. 2.1: Geolaíocht agus Hidreagheolaíocht Chathair Chorcaí

(graphic)

Fig. 2.2: Struchtúr Ithreach Cheantar Chathair Chorcaí

(graphic)

Baineann **hidreolaíocht** cheantair le méid, cineál agus dáileadh na n-aibhneacha. I gCathair Chorcaí, is iad an Laoi, an Gleann, an Trá Mór, an Trá Beag, Glaisín agus Curraichín na príomhaibhneacha.

Rinne an GCC suirbhé ar chaighdeán aibhneacha na hÉireann agus d'fhoilsigh na torthaí sa bhliain 2000. Caighdeán "sásúil" atá ag Abhainn na Laoi go fóill (ach amháin ag Droichead Inis Cara). Thíos le sruth ón gcathair, tá an t-inbhear measartha truaillithe. Ach tá Ionad Cóireála Uisce Dramhaíola do Chathair Chorcaí ag obair anois (2004) agus táthar ag súil go gcuideoidh cóireáil an dramhuisce chun an cuid truaillithe den abhainn a athchóiriú.

Níl aon chaighdeán náisiúnta ann do sruthanna ar nós an Gleann, Trá Mór srl timpeall ar Chathair Chorcaí. Déanann Comhairle Cathrach Chorcaí monatóireacht rialta ar shruthanna Trá Mór agus Trá Beag in aice leis an líonadh talún. Tá feabhas le feiceáil ar leibhéal truaillithe ó cuireadh córas do bhailiúchán láisteáit agus caidhp innealtóireachta i bhfeidhm. Táthar ag súil go bhfeabhsóidh caighdeán an uisce ag na láithreáin seo de réir a chéile nuair a bhíonn na gníomhartha seo i bhfeidhm go hiomlán.

Tagann an **t-uisce ólacháin** ar fad do Chathair Chorcaí ó Abhainn na Laoi. Soláthraíonn Oibreacha Uisce Bhóthar na Laoi 50,000 méadar ciúbach (m^3) (50 milliún líotar) in aghaidh an lae agus soláthraíonn Comhairle Contae Chorcaí 19,000 méadar ciúbach (m^3) (19 milliún líotar) breise in aghaidh an lae chuig líonra uisce na cathrach. Athraíonn na figiúirí seo ag brath ar éileamh.

In iarracht onnghníomhach chun feidhmíocht an líonra soláthar uisce a fheabhsú, bhunaigh Comhairle Cathrach Chorcaí an *'Togra do Bhainistíocht agus Caomhnú Uisce i gCorcaigh'* i Meán Fómhair 1997. Ba iad príomhaidhmeanna an chláir seo ná an líonra a mhapáil agus múnla a dhéanamh de, agus scéim phíolótach a chur i gcrích dírithe ar theacht ar sceitheadh sa chóras. Mar thoradh air seo tá líonra uisce na cathrach roinnte i 47 ceantar scartha, agus córas méadaruithe i ngach ceann acu - is féidir cian-mhonatóireacht a dhéanamh orthu le ríomhaire. Fágann sin gur féidir cur amú a aimsiú agus a smachtú go leanúnach. Bhí costas thar ar €2.95 milliún ag an dtogra seo, a fuair maoiniú ó Chiste Comhtháthaithe an AE agus a chríochnaigh i Nollaig 2002.

Cé nach mbaintear úsáid forleathan as **uisce talún** mar fhoinse do Chathair Chorcaí, tá sé riachtanach go gcaomhnaítear an acmhainn nádúrtha seo. Déanann Comhairle Cathrach Chorcaí monatóireacht rialta ar an uiscíoch atá faoi Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile faoi réir an Cheadúnais Dramhaíola GCC 12 – 2.

Cé go dtugann an stratagrafaíocht atá faoin láithreán líonta talún cosaint de shaghas i gcoinne gluaiseachta síos láisteáit, mar sin féin tháinig meath ar chaighdeáin an uisce talún thar na blianta go dtí cur cuireadh gníomhartha ar leith ar bun chun láisteáit a bhailiú agus chun insíothlú uisce fearthainne a chosc le caidhp innealtóireachta.

Tá córas bailiúcháin láisteáit anois faoi lán tseoil agus tá caidhp anois ar thart ar 40% (Bealtaine 2004) de chuid gníomhach den láithreán líonta talún. Leanfar den phróiséas seo.

Tá Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann ag ríomhadh agus ag mapáil contúirt uisce talún ar fud na tíre. Níl an t-eolas iomlán ar fáil do Cathair Chorcaí go fóill. Cuirfear sa chéad Plean eile do Bhainistíocht Dramhaíola.

Sa scéim atá á thógáil faoi láthair, titfidh séarachas go láithreán ar an dtaobh thoir den Linn Atlantach. Ansin cuirfear chuig ionad cóireála i gCarraig an Ghrianáin é. San áit sin, déanfar dlúthchóireáil ar an dramhuisce sula gcuirtear amach é in uisce domhain é ag Rinn Marino. Bainfidh an t-ionad seo úsáid as an dteicneolaíocht is nua-aimseartha, agus déanfaidh sé cóireáil den scoth ar dhramhuisce teaghlaigh agus tionsclaíochta ó Chathair Chorcaí, Gleann Thrá Mór, an tOileán Beag, an Gleanntán agus Gleann Maghair.

Níl aon **Phlean do Bhainistíocht Cáilíochta Uisce** ullmhaithe go fóill do Chathair Chorcaí.

Maidir le **Cáilíocht Aeir**, tá roinnt Stáisiún Mhonatóireacht Aeir timpeall na cathrach áit a dhéantar cáilíocht a thomhas, agus cuirtear tuairisc bhliantúil ar fáil. Tá feabhas suntasach tagtha ar chaighdeáin an aeir i gCathair Chorcaí ó cuireadh cosc ar ghual biotúmanach a dhíol go luath sna 1990anna. Chuidigh úsáid fhorleathan gháis nádúrtha freisin, maraon le peitreal gan luaidhe agus Tollán Sheáin Uí Loinsigh, a chuireann líon mór de HGVanna ón gcathair.

2.4 Úsáid talún agus Gnáthóga Cosanta

Is í an impleacht is mó a bheidh ag **úsáid talún** atá pleanáilte sa chathair ná an tionchar a bheidh aici ar líon agus cineálacha dramhaíola a tháirgítear – mar shampla, dramhaíl teaghlaigh, tráchtála agus tionsclaíochta. Bhí deiseanna forbartha aitheanta i Rannóg 2.20 de Phlean Forbartha na Cathrach (2004) mar seo a leanas:

- Forbairt le húsáid mheasctha;
- Forbairt d'ard-dhlús, nuair is cuí;
- Soláthar iompair poiblí den scoth;
- Timpeallacht agus seirbhísí den scoth; agus,
- Dearadh cathrach d'ard-chaighdeán.

Ainmníonn Rannóga 2.22 – 2.25 den Phlean Forbartha na suíomhanna seo a leanas mar cheantair fáis:

- Lár na Cathrach
- Na Duganna
- Gleann na Linne Duibhe / Cill Barra
- Leithinis Machan

Tá réimse leathan d'áiseanna ann do mhuintir Chathair Chorcaí - páirceanna poiblí, spásanna oscailte agus cladach (Cuan Chorcaí agus Inbhear Dhúghlas). Tá sé éasca do chathróirí teacht ar Ollcheantar Chorcaí (Figiúir 2.3). Cuireann Comhairle Cathrach Chorcaí 64 páirc imeartha agus áiseanna eile ar fáil don phobal. Is iad gleannta na Laoi agus an Chorraichín (lena n-áirítear Páirceanna na Laoi agus an Mhairdíog) an ceantar is mó áineasa sa chathair. Tá sócmhainní áineasa eile ann ar nós Páirc Mhic Gearailt, Páirc an Easpaig Lucey, Páirc Áineasa an Ghleanna, Páirc Shalom agus an Marina.

Athrófar cuid mhór de Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile ina cheantar áineasa le háiteanna curtha ar leataobh d'imeachtaí spóirt, rianta dúlra, ócáidí speisialta maraon le ceantar ar leith do imeachtaí áineasa gníomhacha agus éighníomhacha.

Fig. 2.3: Taitneamhachtaí i gCathair Chorcaí
(graphic)

Maidir le hainmniúcháin náisiúnta do chaomhnú an dúlra, tá Ceantair Oidhreachta Nádúrtha (CON) molta i gCathair Chorcaí maraon le hainmniúcháin eile ar nós Tearmann do Fhia-Éin (Figiúir 2.4). Go háirithe, tá codanna ar leith de Chuan Chorcaí ainmnithe mar CONanna agus tagann siad faoi stiúir Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí araon.

(graphic)

Figiúir 2.4 Ceantair Cosanta i gCathair Chorcaí.

2.4.1. Ceantair Oidhreachta Nádúrtha (CON) molta

San Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000, deineadh coinníoll chun Ceantair Oidhreachta Nádúrtha a ainmniú. Tá rannóg na Seirbhíse Oidhreachta den Roinn Comhshaoil Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil freagrach as láithreáin a ainmniú. I gCathair Chorcaí tá roinnt ceantair ainmnithe mar Cheantair Oidhreachta Nádúrtha (CON) molta ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus iarradh ar úinéirí talún staonadh ó imeachtaí a chuirfeadh isteach orthu nó a dhéanfadh dochar dóibh. Is iad seo na CONanna atá molta:

- An taobh thiar de Loch Machan,
- Inbhear Dhúghlas,
- Loch Chorcaí.

2.4.2. Ceantair Cosanta Speisialta

Chomh maith leis an ainmniú CON atá molta, tá Inbhear Dhúghlas agus an taobh thiar de Loch Machan ainmnithe cheana féin mar Cheantair Chosanta Speisialta (CCS) do Fhia-Éin faoi Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Caomhnú ar Fhia-Éin), 1994. Tá tábhacht na gceantar seo bunaithe ar riasc sáile, sraitheanna ghiolcach, bláir láibe idirthaoille agus líon tábhachtach náisiúnta d'éin lapairí.

2.4.3. Tearmann Fhiadhúlra

Chomh maith le hainmniú Loch Chorcaí mar CON molta, tá stádas aige cheana mar Thearmann do Fhia-Éin faoin *Acht um Fhiadhúlra 1976*.

2.4.4. Abhainn Bhradáin

De réir an *Treoir Éisc Fhionnuisce* de chuid an AE tá Abhainn na Laoi ainmnithe mar abhainn bhradáin ón bhfoinse go dtí Oibreacha Uisce Chathair Chorcaí. Leagann sé seo síos dualgas chun caighdeán ar leith uisce a choinneáil agus chun truailliú a smachtú.

2.5 Sonraí Déimeagrafacha

De réir an Phríomh-Oifig Staidrimh, léiríonn Daonáireamh 2002 go raibh 123,062 duine ina gcónaí i gcathair Chorcaí (127,187 i 1996). Laghdaigh daonra Chathair Chorcaí de 3.2% thar an tréimhse seo agus mhéadaigh daonra Réigiúin Chorcaí de 6.5%.

Measann Plean Forbartha na Cathrach 2004 go mbeidh méadú thart ar 23% nó 78,000 duine ar dhaonra Ollcheantar Chorcaí faoi 2020 go dtí daonra iomlán de 423,150 duine. Le linn an ama seo meastar go mbeidh fás daonra de 12,010 duine i gCathair Chorcaí agus fás 11,090 ar líon na dteaghlach. Malairt a bheidh ann ar laghdú dhaonra na cathrach a bhí ann le blianta beaga anuas.

Sa bhliain 2000 rinne *Plean Straitéiseach Cheantar Chorcaí, (CASP)* meastachán ar fhigiúir fostaíochta ag glacadh leis go raibh fás 30% ar fhostaíocht sa cheantar idir 1996 agus 2000 (mar a bhí go náisiúnta). Níl na fíor-fhigiúirí fostaíochta ar fáil don cheantar ach deineadh fás

sa chathair in 2001 a thomhas sa *Suirbhé Fostaíochta agus Úsáid Talún* a rinne Comhairle Cathrach Chorcaí. Thuairisc sé go raibh 72,193 duine ag obair sa chathair.

Chun an leibhéal reatha fostaíochta a chothú, beifear ag brath ar chúinsí fábharacha eacnamaíochta agus forbairt ar dheiseanna nua fostaíochta sa chathair, go háirithe i Lár na Cathrach agus san Duganna, a bheidh in iomaíocht ó shuíomhanna sna fobhailte agus taobh amuigh den chathair.

Taispeánann Tábla 2.1 na staitisticí fostaíochta i gCathair Chorcaí bunaithe ar Dhaonáireamh 1996. Cé gur féidir go raibh mion-athruithe i ngach earnáil, creidtear go léiríonn sé go cruinn na codáin do ghach earnáil fostaíochta sa chathair.

Tábla 2.1 Fostaíocht i gCathair Chorcaí

Earnáil	**Líon atá Fostaithe**	**Céatadán den Iomlán**
Miondíol	8,200	17
Airgeadas	2,600	5
Riarachán Poiblí agus Cosaint	4,500	9
Seirbhísí Proifisiúnta	13,300	27
Seirbhísí Pearsanta	3,800	8
Siamsaíocht agus Seirbhísí Eile	1,000	2
Talmhaíocht, Cairéalú srl.	40	< 1
Déantúsaíocht	8,600	18
Tógáil	1,800	4
Soláthar Fóntas	600	< 1
Mórdhíol	1,800	4
Iompar agus Cumarsáid	2,300	5
IOMLÁN	**48,500**	**100**

(Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 1996)

2.6. Infreastruchtúr Iompair i gCathair Chorcaí

Cé gur 6% d'fhaid iomlán na mbóithre sa chathair atá sa Líonra Bhóithre Náisiúnta, tá 35% den trácht air, agus codán i bhfad níos mó de na heilimintí HGV.

Is é líonra na mbóithre an príomhbhealach d'iompar príobháideach, poiblí agus lasta isteach agus amach as an gcathair.

Tugann Tábla 2.2 sonraí ar Líonra na mBóithre i gCathair Chorcaí i dtéarmaí Rannú an Bhóthair agus Faid

Tábla 2.2 Líonra na mBóithre i gCathair Chorcaí

Rannú an Bhóthair	**Faid (km)**
Náisiúnta	23
Réigiúnda	38.4
Áitiúil	349.4

Iomlán	**410.8**

2.6.1. Infreastruchtúr Iarnróid

Don chuid is mó, baintear úsáid as an infreastruchtúr iarnróid i gCorcaigh do sheirbhísí idirchathracha idir Chorcaigh agus Baile Átha Cliath agus freisin go Trá Lí trí Mhala. Tá codán atá beag (ach atá ag méadú) de thurais chomaitéirí á dhéanamh ar na seirbhísí fobhailteacha atá teoranta don líne ó Chorcaigh go Cóbh agus, ar bhealach níos lú, an líne ó Chorcaigh go Mala.

Luann *CASP* an riachtanas go n-athosclófaí an líne ó Chorcaigh go Mainistir na Corann agus seirbhísí a fheabhsú ar an líne ó Chorcaigh go Mala.

Tugann Plean Forbartha na Cathrach (2004) tacaíocht do mholadh *CASP* maidir le soláthar de **Bhealaí Glas** in suíomhanna áirithe sa chathair agus soláthar áiseanna **Páirceáil & Taisteal**.

Tá Comhairle Cathrach Chorcaí faoi láthair ag tógáil áis **Páirceáil & Taisteal** le 950 aonad ag an Láithreán na Fuinseoige Duibhe gar do Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile. Tá cuid den áis seo ar oscailt anois (Bealtaine 2004).

Tá Comhairle na Cathrach gníomhach i soláthar áiseanna eile dá leithéid i gceantair straitéiseacha timpeall na cathrach.

2.6.2. Aerfort Chorcaí

Is é Aerfort Chorcaí an tríú aerfort is mó ó thaobh toirt de i ndiaidh Baile Átha Cliath agus Sionainn. Tá sé suite go maith 5 km ó dheas den chathair agus nasc éifeachtach aige le lár na cathrach. Tá an-tionchar ag Aerfort Chorcaí ar fhás eacnamaíoch na cathrach.

2.6.3. Calafort Chorcaí

Cuidíonn Chalafort Chorcaí le rath eacnamaíoch an réigiúin freisin mar go gcuireann sé áiseanna den scoth ar fáil d'earnálacha tráchtála, tionsclaíochta agus turasóireachta. Nascann an Críochfort Farantóireachta ag Rinn an Scidígh Corcaigh le Swansea, Roscoff agus Le Havre.

3. POLASAÍ AGUS REACHTAÍOCHT DO BHAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

3.1 Cúlra Pholasaí agus Reachtaíocht

Mar Bhallstát, tá polasaithe bainistíocht dramhaíola na hÉirinn bunaithe orthu sin a fhorbraítear ag leibhéal an Aontais Eorpaigh. Go minic bíonn reachtaíocht ina dhiaidh sin bunaithe ar reachtaíocht an AE. Mar sin, caithfidh go mbeidh gníomhartha in Éirinn agus Comhairle Cathrach Chorcaí:

- Ag teacht leis na prionsabail atá mar bhunús le polasaithe agus cláir AE.
- A bheith bunaithe ar agus ag cloí le reachtaíocht AE agus náisiúnta.
- Ag cloí le dualgais an Chomhmhargaidh.

Tá dlúthbhaint ag na prionsabail i dTreoir 75/442/EEC agus Straitéis an AE do bainistíochta dramhaíola[13] leis an bpróiséas pleanála agus is féidir achoimre a dhéanamh orthu mar seo a leanas[14]:

- Chun caomhnú an nádúir agus acmhainní a shlánú, caithfear gineadh dramhaíola a laghdú agus a chosc nuair is féidir (**Prionsabal an Choisc**).
- Chun tionchar ó dhramhaíl ar sláinte agus an timpeallacht a laghdú, trí **Phrionsabal an Réamhchúraim**.
- A chinntiú go mbeidh orthu siúd a ghineann dramhaíl nó a thruaillíonn an timpeallacht costas iomlán a ngníomhartha a íoc trí **phrionsabail "Íoc mar a Thruaillítear" agus freagracht tháirgeora**.
- Infreastruchtúr sásúil a chruthú trí líonra d'áiseanna, bunaithe ar an **bPrionsabal Neasachta agus Féindóthaine**.

Tá cur chuige an AE mar sin bunaithe ar thrí phrionsabal:

1. **Cosc ar dhramhaíl**: Tá seo nasctha le modhanna déantúsaíochta a fheabhsú agus áiteamh ar thomhaltóirí táirgí níos glaise agus pacáistíocht níos lú a lorg, sa chaoi sin ag plé leis an bhfadhb ag leibhéil *tomhaltas* agus *táirgeacht*.

2. **Athchúrsáil agus athúsáid**: Muna féidir dramhaíl a chosc, ba chóir an méid is mó ábhair a tharrtháil - trí athchúrsáil más féidir. Tá 'sruthanna dramhaíola' ar leith luaite ag Coimisiún na hEorpa - pacáistíocht, feithiclí iomarcacha, cadhnraí, dramhaíl leictreach agus leictreonach. Le treoir an AE, tá iachall ar na Ballstáit reachtaíocht a thabhairt isteach ar bhailiúchán dramhaíola, athúsáid, athchúrsáil agus diúscairt na sruthanna dramhaíola seo.

[13] Communication ó the Commission on the athbhreithniú of the Community Straitéis for Bainistiú Dramhaíola COM (96) 399 final. Council Resolution of 24 Feabhra 1997 on a Community straitéis on bainistiú dramhaíola.
[14] Ó: Eorpach Commission Environment DG; Eorpach Topic Centre on Dramhaíl agus Ábhar Flows *Preparing a Plean do Bhainistiú Dramhaíola A modhological guidance note* Bealtaine 2003.

3. **Diúscairt deiridh agus monatóireacht a fheabhsú**: Tá treoirlínte ag an AE do bhainistíocht líonadh talún agus srian ar loisceoirí. Tá laghdú de dhíth ar astuithe gásanna ar nós NOx, SO2, agus HCL, a dhéanann dochar don tsláinte.

3.1.1 Reachtaíocht Dramhaíola AE

Tugann **Figiúir 3.1** forbhreathnú de Reachtaíocht an AE faoi láthair. Is i dTreoir 75/442/EEC de 15 Iúil 1975 , leasaithe ag Treoir 91/156/EEC de 18 Márta 1991, a fhaightear "creatlach" na rialachán AE ar fad.



Figiúir 3.1: Forbhreathnú ar Reachtaíocht an AE do Bainistiú Dramhaíola

3.2 Polasaí Éireannach do Bhainistíocht Dramhaíola

Le blianta beaga anuas, tá polasaithe tábhachtacha maidir le húsáid acmhainní, bainistíocht dramhaíola, inbhuaine agus astuithe gás glactha ag Éirinn, ina measc:

- Ráiteas Náisiúnta Polasaí ar Bhainistíocht Dramhaíola "*Changing Our Ways*", Meán Fómhair 1998.
- Ráiteas Táinisteach Polasaí "*Delivering Change*" a dhíríonn ar chleachtais do Chosc, Athúsáid agus Athchúrsáil, Márta 2002.
- Plean Náisiúnta do Bhainistíocht Dramhaíola Chontúirteach chun dramhaíl chontúirteach a chosc agus a bhainistíocht, glactha Iúil 2001.
- Straitéis Náisiúnta d'Fhorbairt Inbhuaine "*Sustainable Development: A Strategy for Ireland*", a eisíodh i 1997 agus a cuireadh leis in "*Making Ireland's Development Sustainable:* Review, Assessment and Future Action" a eisíodh i Lúnasa 2002.

3.2.1 "Changing Our Ways", 1998

Tugann an doiciméad polasaí *Changing Our Ways* cur síos ar spriocanna náisiúnta do tharrtháil, athchúrsáil agus cur ó líonadh talún, agus cuirtear béim ann ar an bPrionsabal "Íoc mar a Thruaillítear", agus táillí dramhaíola. Is iad seo na spriocanna agus táscairí is tábhachtaí a luaitear ann:

- 50% de dhramhaíl teaghlaigh a chur ó líonadh talún;
- Laghdú, de 65% ar a laghad, ar dhramhaíl bhith-indíghrádaithe a chuirtear go líonadh talún;
- Athchúrsáil ar 35% de Dhramhaíl Sholadach Cathrach;
- Forbairt ar mhúiríniú agus áiseanna cóireála eile a ghlacfaidh suas le 300,000 tonna de dhramhaíl bhith-indíghrádaithe in aghaidh na bliana;
- Laghdú 80% in astuithe meatáin ó líonadh talún;
- An 100 líonadh talún sa tír a laghdú go thart ar 20 áis nua-aimseartha.

3.2.2 "Delivering Change", 2002 :

Tá an ráiteas polasaí tánaisteach "Delivering Change", 2002 dírithe ar na cleachtais is airde san ordlathas de bhainistíocht dramhaíola, is iad sin Cosc, Athúsáid agus Athchúrsáil. Tá sé ag eascairt as agus bunaithe ar an ráiteas "Changing Our Ways", 1998 agus é d'aidhm aige a chinntiú go mbaineann Éire na spriocanna a luaitear ann amach trí ghníomhartha éifeachtacha lena n-áirítear athrú eagraíochta.

Sa cháipéis

- dírítear ar na rialacha is gá a dhéanamh chun dul chun cinn ceart a fháil maidir le cosc ar dhramhaíl, athúsáid agus tarrtháil;
- tugtar cur síos ar réimse ghníomhartha a dhéanfar chun gineadh dramhaíola a laghdú agus chun leathnú ar athúsáid agus athchúrsáil a chinntiú;
- ainmníonn téamaí agus gníomhartha a bhfuil tuilleadh smaoineamh de dhíth ina leith; agus
- geallann go mbunófaí Bord Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola i 2002 chun gnéithe ar fad de pholasaí bainistíochta dramhaíola a stiúradh, a athbhreithniú agus a chomhairliú do gach leibhéal den ordlathas dramhaíola.

3.2.2(a) Cosc agus Laghdú

Geallann *Delivering Change*:

- Go mbunófar Clár Náisiúnta do Chosc ar Dhramhaíl (CNCD) chun laghdú suntasach a dhéanamh ar dhramhaíl;
- Go mbunófar "Lár-Fhoireann Chosc" (LFC) taobh istigh den GCC chun an togra seo a threoiriú;
- Go mbunófar Grúpa Stiúrtha an Chláir Chosc, a dhéanfaidh comhordú agus teagmháil le húdaráis phoiblí ag gach leibhéil, agus a thabharfaidh treoir straitéiseach don LFC;
- Go soláthrófar córas de iniúchadh éigeantach dramhaíola agus cláir do laghdú dramhaíola do ghnóthaí nach mbaineann ceadúnú dramhaíola leo.

3.2.2(b) Athúsáid:

- Tobhach 15 cent ar mhálaí plaisteacha agus úsáid mhálaí inathúsáidte siopadóireachta a chothú.

3.2.2(c) Athchúrsáil:

- Fóram Comhairleach Athchúrsála a mbeidh tacaíocht aige ón Bhord Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola a bhunú chun feidhmiú mar chomhairleoir ar ghnéithe uilig d'athchúrsáil;
- Soláthar de €127 milliún i dtacaíocht AE/Stáitchiste d'infreastruchtúr tarrthála dramhaíola, lena n-áirítear infreastruchtúr athchúrsála, sa tréimhse 2002 – 2006;
- Soláthar de thobhach do líonadh talún agus cosc náisiúnta ar ábhair ar leith i líonadh

talún;
- Úsáid an ioncaim ó na tobhacha nua chun cuidiú le himeachtaí athchúrsála trí gCiste Comhshaoil (atá ceadaithe de réir an Achta um Bainistiú Dramhaíola (Leasú) 2001);
- Soláthar de mhaoiniú tosaigh €0.635 milliún do Chlár Forbartha Margaidh a ainmneoidh agus a chothóidh margadh d'ábhar inathchúrsála;

3.2.2(d) Freagracht Tháirgeoirí

I gcomhoibriú le gnóthaí déanfaidh an Rialtais na nithe seo a leanas:

- Gníomhartha chun tacú le tarrtháil ar 50% de dhramhaíl pacáistíochta faoi 2005, (lena n-áirítear socruithe ar leith d'ábhair ar leith ar nós PET agus Tetra Pak);
- Athbhreithniú cuimsitheach ar na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistíocht), 1997;
- Gníomhartha a chinntiú go ndéantar feithiclí iomarcacha agus dramhaíl threalamh leictreach agus leictreonach a tharrtháil agus a athchúrsáil faoi réir Threoracha an AE agus laistigh den chlár ama atá leagtha amach iontu;
- Córas éifeachtach a bhunú chun a chinntiú go mbaintear amach na spriocanna athchúrsála do dhramhaíl tógála agus scartála (50% faoi 2003 agus 85% faoi 2013) ag an dtionscal tógála;
- Tograí freagrachta táirgeora a bhunú i 2002 chun páipéar nuachtáin, boinn agus cadhnraí a athchúrsáil;
- Nuair is gá, iachall a chur ar earnálacha trioblóideacha scéimeanna tarrthála dramhaíola a thabhairt isteach faoi na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola;
- Cur i bhfeidhm na Rialachán a dhéantar faoi na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola mar thacaíocht le tograí freagrachta táirgeora a chinntiú;
- Aonad Freagrachta Táirgeora a bhunú laistigh den GCC chun dul chun cinn a mheas agus chun cleachtas níos fearr a bhaint amach.

3.2.2(e) Cóireáil Bitheolaíoch de Dhramhaíl Orgánach

- Náisiúnta Straitéis a chruthú ar Dhramhaíl Bhith-indíghrádaithe Dramhaíl i Sruth Dramhaíola na Cathrach
- Tacú le soláthar infreastruchtúir do chóireáil bhitheolaíoch de dhramhaíl orgánach;
- Caighdeáin a bhunú do mhúirín a dhéantar as dramhaíl cathrach;
- Margadh a chothú do na táirgí seo;
- Tacú le forbairt ar mhúiríniú baile.

3.2.2(f) Clár Bhainistíocht Dramhaíola na Seirbhíse Poiblí

Déanfaidh an Rialtas:

- Clár do bainistíochta dramhaíola sa tseirbhís phoiblí;
- Úsáid ábhair athchúrsála a chothú i bpolasaithe soláthar poiblí, lena n-áirítear a chinntiú go mbaineann gach údarás poiblí úsáid as páipéar athchúrsála do ghnáthúsáid;
- Na líonraí glas a láidriú idir Ranna Rialtais agus idir Oifigigh Feasachta Comhshaoil san húdaráis áitiúla.

3.3 Reachtaíocht Éireannach do Bhainistíocht Dramhaíola

Tá roinnt mhaith de reachtaíocht Éireannach ann maidir le bainistíocht dramhaíola, cuid mhaith de casta agus leathan, agus ag plé le nithe ar nós bainistíocht dramhaíola (bailiúchán, tarrtháil, diúscairt, srl.); seoladh trasteorann; bainistíocht agus gluaiseacht dramhaíola chontúirteacha; dramhaíl pacáistíochta, ceadú, ceadúnais, sruthanna speisialta dramhaíola ar nós slodaí, plaisteacha feirme srl.

Tá sracfhéachaint ar chuid den reachtaíocht seo thíos.

3.3.1 Na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996 – 2003

Tá sé d'aidhm ag *Na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996 go 2003* creatlach reachtúil nua-aimseartha a sholáthar chun dramhaíl a chosc, a bhainistíocht agus a smachtú. Tá córas ceadúnais á chur i bhfeidhm d'áiseanna bainistíochta dramhaíola, ach ní bhaineann na hAchtanna le hastuithe atá idir lámha ag rialuithe eile ar nós astuithe san aeir, séarachas agus eisiltigh eile. Leagann na hAchtanna an dualgas ar dhaoine a láimhseálann dramhaíl truailliú chomhshaoil a sheachaint.

I measc nithe eile, déanann an tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996 soláthar dos na nithe seo a leanas

- Cruthú plean bainistíochta dramhaíola ag udarás áitiúil;
- Go mbeidh údaráis áitiúla freagrach as bailiúchán dramhaíola teaghlaigh agus soláthar dhiúscairt dramhaíola. Is féidir le húdaráis áitiúla dramhaíl tráchtála bhailiú;
- Gníomhartha a chur ar bun do chosc agus laghdú ar tháirgeacht dramhaíola lena n-áirítear rialacháin a dhéanamh do smacht agus bainistíocht na gcineálacha éagsúla de shruthanna dramhaíola;
- Cruth, déanamh nó dearadh agus úsáidí phacáistíocht;
- Dualgais éagsúla ar na húdaráis áitiúla maidir le dramhaíl
- Ceadúnais d'áiseanna le haghaidh athchúrsáil, stóráil agus diúscairt dramhaíola

Rinneadh leasú ar an *Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 (I.R. Uimh. 10 de 1996)* san *Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 (Uimh. 30 de 2000)*. Tugann an tAcht coinníollacha nua isteach maidir leis an gcumarsáid idir rialú pleanála agus ceadúnais d'fhorbairt faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996. Faoi láthair níl cead ach ag an GCC tuairimí a nochtadh maidir le nithe chomhshaoil a bhaineann le forbairt dá leithéid. Faoin Acht, beidh cead ag *An Bord Pleanála* agus an údarás pleanála gnéithe chomhshaoil a thabhairt san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le cead a thabhairt. Níl cead acu coinníollacha a chur ar áis dá leithéid, áfach. Fanann an fheidhm sin ag an GCC.

3.3.2 An tAcht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú) 2001

Is iad na haidhmeanna atá ag an Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú) 2001 ná:

(a) athrú ar an modh chun pleananna réigiúnda bainistíocht dramhaíola a ghlacadh.
(b) tobhach líonadh talún a thabhairt isteach, ag ráta tosaigh suas le €19 in aghaidh an tonna.
(c) tobhach ar mhálaí plaisteacha siopadóireachta a thabhairt isteach, suas go 19c in aghaidh an mhála.
(d) coinníoll ghinearálta a thabhairt isteach chun cosc/teorainn a chur ar tharrtháil/diúscairt sruthanna áirithe dramhaíola go cineálacha áirithe áiseanna nó ar bhealach ar leith. Is féidir an choinníoll seo a úsáid chun dramhaíl áirithe a chosc ar líonadh talún.
(e) Ciste Chomhshaoil a bhunú.

3.3.3 An tAcht um Chaomhnú an Chomhshaoil 2003

Déanann an tAcht um Chaomhnú an Chomhshaoil 2003 athruithe áirithe ar ghnéithe den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996 lena n-áirítear iad seo a leanas:

- tugtar cumhacht ar leith dos na húdaráis áitiúla chun bailiúchán de dhramhaíl teaghlaigh a stopadh muna n-íoctar táillí agus chun córas a bhunú le fianaise a sholáthar d'íocaíocht dá leithéid
- tá cumhacht ag údaráis áitiúla táillí a ghearradh ar sholáthar seirbhíse dramhaíola ar bith
- fágtar leasú nó athnuachan ar phlean bainistíocht dramhaíola faoi bhainisteoirí na n-údarás áitiúl.

3.3.4 Plean Náisiúnta do Bhainistíocht Dramhaíola Contúirteacha

D'fhoilsigh an GCC an Plean Náisiúnta do Bhainistíocht Dramhaíola Contúirteacha i Iúil 2001. Baineann an plean seo le cosc agus laghdú, tarrtháil, bailiúchán, gluaiseacht agus diúscairt de dhramhaíl chontúirteach. Caithfidh údaráis áitiúla aird a thabhairt ar na coinníollacha sa phlean, lena n-áirítear:

- Sprioc do laghdú diúscairt ar dhramhaíl chontúirteach go leibhéil 1996 faoi dháta atá le haontú le hionadaithe ón earnáil.
- Clár Chosc a bhunú.
- Áiseanna diúscairt agus tarrthála a fhorbairt, lena n-áirítear líonadh talún agus cóireáil teirmeach.
- Sprioc chun dramhaíl chontúirteach nach dtuairiscítear a chosc.
- Sean-láithreáin de dhramhaíl chontúirteach a ainmniú agus a ghlanadh.
- Struchtúr bhailiúcháin níos fearr do dhramhaíl chontúirteach.

3.4 Rialacháin faoi na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola

Is iad seo a leanas na príomhrialacháin a deineadh faoi na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola le nóta gairid ar phríomhéifeachtaí na rialachán.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pleanáil), 1997 (I.R. Uimh. 137 de 1997)
Leagann na Rialacháin seo síos nithe atá le plé i bpleananna bainistíocht dramhaíola.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Clár), 1997 (I.R. Uimh. 183 de 1997)
Leagann na Rialacháin seo síos na sonraí atá le cur i gcláracha poiblí le coinneáil ag na húdaráis áitiúla agus an GCC.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Plaisteacha Feirme), 1997 (I.R. Uimh. 315 de 1997)
Leagann na Rialacháin seo síos dualgais ar dhaoine a sholáthraíonn plaisteacha feirme do mhargadh na hÉireann.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceadúnais do Loisceoirí de Dhramhaíl Chontúirteach), 1998 (I.R. Uimh. 64 de 1998).
Cuireann na Rialacháin seo Treoir an AE 94/67/EC ar loscadh de dhramhaíl chontúirteach i bhfeidhm.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Leasú ar an Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996), 1998 (I.R. Uimh. 146 de 1998).
Déanann na Rialacháin seo leasú ar raon rannóg 51(2) d'Acht 1996, maidir le tarrtháil slodaí agus dramhaíl talmhaíocht.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhaíl Chontúirteach a Bhogadh), 1998 (I.R. Uimh. 147 de 1998).
Leagann na Rialacháin seo síos coinníollacha do chóras de nótaí coinsíneachta maidir le dramhaíl chontúirteach a bhogadh laistigh den Stáit agus cuireann riachtanais áirithe an AE isteach i reachtaíocht na hÉireann.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhaíl Chontúirteach a Bhogadh), 1998 (I.R. Uimh. 147 de 1998).
Leagann na Rialacháin seo síos coinníollacha do chóras de nótaí coinsíneachta maidir le dramhaíl chontúirteach a bhogadh laistigh den Stáit agus cuireann riachtanais áirithe an AE isteach i reachtaíocht na hÉireann.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Coinníollacha Ilghnéitheacha), 1998 (I.R. Uimh. 164 de 1998).
Déanann na Rialacháin seo leasú ar raon rannóg 51(2) d'Acht 1996, maidir le tarrtháil slodaí agus dramhaíl talmhaíocht.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Ceadúnas), 1998 (I.R. Uimh. 165 de 1998).

Leagann na Rialacháin seo síos ceadúnais dramhaíola údaráis áitiúla tarrtháil dramhaíola agus diúscairt.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhaíl chontúirteach) (Leasú), 2000 (I.R. Uimh. 73 de 2000)

Leagann na Rialacháin seo síos dualgais ar dhaoine a sholáthraíonn plaisteacha feirme do mhargadh na hÉireann.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Ceadúnas), 2000 (I.R. Uimh. 185 de 2000)

Leagann na Rialacháin seo síos dualgais ar dhaoine a sholáthraíonn plaisteacha feirme do mhargadh na hÉireann.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Plaisteacha Feirme), 2001 (I.R. Uimh. 341 de 2001)

Leagann na Rialacháin seo síos dualgais ar dhaoine a sholáthraíonn plaisteacha feirme do mhargadh na hÉireann.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dáta Leagtha Síos), 2001 (I.R. Uimh. 390 de 2001)

Leagann na Rialacháin seo síos 14 Meán Fómhair 2001 mar dháta deiridh do dhéanamh phlean bainistíocht dramhaíola faoi alt 22 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistíocht), 2003

Glacann na Rialacháin seo áit na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistíocht), 1997 agus tá sé d'aidhm acu tarrtháil dramhaíola phacáistíochta a chothú.

4. FEASACHT PHOIBLÍ AGUS SEACHAINT DRAMHAÍOLA

4.1 Réamhrá

Baineann an caibidil seo le seachaint dramhaíola agus feasacht phoiblí – tá gníomhartha sheachaint dramhaíola gan éifeacht muna mbíonn tiomantas agus rannpháirtíocht na dtáirgeoirí dramhaíola agus páirtithe leasmhara ann. Is fusa tiomantas na bpáirtithe leasmhara a fháil le cláir **feasachta phoiblí**. Caithfear an fhadhb a aithint agus réiteach na faidhbe a thabhairt chom maith – i bhfocail eile, treoracha simplí ar na modhanna is éifeachtaí chun dramhaíl a sheachaint.

Cuirtear an-bhéim i gcónaí ar na bealaí ina ndéantar dramhaíl cathrach a láimhseáil, a chóireáil agus a dhiúscairt. Ach b'fhearr a chinntiú nach ngintear sa chéad áit í (**cosc ar dhramhaíl**). Muna dtáirgítear í, ní gá í a bhainistiú – beidh amanna ann i gcónaí, áfach, nuair nach féidir táirgeacht dramhaíola a sheachaint. Sa chás sin is fearr a chinntiú go dtáirgítear a laghad agus is féidir (**laghdú dramhaíola**). Tá an cur chuige se o ag teacht le Polasaithe AE agus Náisiúnta.

Chomh maith le díriú ar *líon* na dramhaíola a tháirgítear sa chathair, tá sé tábhachtach freisin go laghdófar *cumas thruaillithe* na dramhaíola. Caithfear iarrachtaí ar leith i bhfeasacht phoiblí a chur ar bun lena haghaidh seo.

4.2 Dramhaíl a Sheachaint

Gníomh choisc is ea laghdú ar an líon nó cumas thruaillithe de Dhramhaíl Sholadach Cathrach agus an dramhaíl eile a tháirgítear i gceantar ar leith – agus mar sin tá feidhm aige atá éagsúil ar fad le bainistíocht dramhaíola. Tá iliomad buntáistí ag baint le laghdú dramhaíola – m.sh. níos lú fadhbanna chomhshaoil le bainistíocht dramhaíola, costais níos ísle do bhainistíocht dramhaíola, caomhnú méadaithe, úsáid níos éifeachtaí d'acmhainní agus méadú ar iontaobh an phobail i dtionsclaíocht agus rialtas. Tá buntáistí suntasacha ag baint le laghdú ar úsáid bhunábhair, riachtanais fuinnimh níos ísle agus níos lú úsáide talún.

Bac eile ar chosc ar dhramhaíl is ea éileamh thomhaltóirí an lae inniu d'áisiúlacht agus do tháirgí indiúscartha. Go minic, codán mór is ea na nithe sin de Dhramhaíl Sholadach Cathrach ach tá sé deacair iad a scrios toisc go mbíonn réimse feidhmeanna acu – lena n-áirítear sláintíocht, cosc ar ghadaíocht, sábháilteacht an phobail, laghdú meáchain agus tarraingtheacht don phobal.

Ní athróidh tomhaltas agus táirgeacht, áfach, mura n-athraíonn gnásanna agus cultúr, chomh maith le cúinsí eacnamaíocha. Is iad seo a leanas na bealaí inar féidir na hathruithe seo a dhéanamh:

- Méadú ar an bhfeasacht phoiblí;

- Treoirlínte nó reachtaíocht a fháil ón rialtais (idir rialtas lárnach agus áitiúil) maidir le cosc agus laghdú dramhaíola (mar shampla, táillí líonadh talún a ardú); agus/nó
- Iarrachtaí suntasacha ó dhéantóirí tháirgí (dlite orthu de bharr reachtaíochta nó cúinsí eacnamaíochta, nó tosaithe as a stuaim féin) chun leibhéil na pacáistíochta a laghdú.

Ó thosaigh an scéim RGCCK, maraon le cosc ar shruthanna áirithe dramhaíola i líonadh talún, tá laghdú tagtha ar líon na dramhaíola a théann go líonadh talún.

4.3 Díriú ar Tháirgeoirí Dramhaíola

Tá clár fadtéarmach d'eolas, taighde agus forbairt phoiblí, ócáidí oiliúna agus scéimeanna phíolótacha riachtanach chun seachaint agus dramhaíola a bhaint amach. Chomh maith leo sin, tá gá le cláir speisialta dos na hearnálacha éagsúla sa chathair sa tháirgíonn dramhaíl. Go minic ní fheictear buntáistí a théann le seachaint dramhaíola ach de réir a chéile – agus uaireanta tá sé deacair iad a aithint.

Aithníonn Comhairle Cathrach Chorcaí go bhfuil riachtanais éagsúla ag táirgeoirí éagsúla dramhaíola sa chathair agus tá sí tiomanta d'fhorbairt agus scaipeadh fheachtais fadtéarmach ag díriú ar ghníomhartha do sheachaint dramhaíola go speisialta dos na hearnálacha sin. Díreoidh na feachtais ar tháirgeoirí uilig dramhaíola ach le béim ar leith ar lucht teaghlaigh, gnóthaí agus Fiontar Bheaga agus Meánmhéid (FBM-anna). Go minic bíonn na comhlachtaí móra tionsclaíochta gníomhach go maith i gcur i bhfeidhm ghníomhartha chun dramhaíl a sheachaint toisc go n-éilíonn córas ceadúnais[15] an GCC a leithéid.

Mar chruthú ar thiomantas Chomhairle na Cathrach chun dramhaíl a laghdú, déanfaidh an t-údarás áitiúil deimhin de go nglacfar go hiomlán leis na gníomhartha sin a mholtar don phobal ina cuid imeachtaí féin. I bhfocail eile, is gá caitheamh le Comhairle Cathrach Chorcaí mar an gcéanna le táirgeoir dramhaíola ar bith eile. Mar sin tá dhá ról ag Comhairle Cathrach Chorcaí maidir leis an sprioc chun líon na dramhaíola a tháirgítear ag Cathair Chorcaí a laghdú. Is iad:

1. Tacaíocht agus cothú do ghníomhartha chun dramhaíl a sheachaint; agus
2. A chinntiú go laghdófar méid na dramhaíola a ghineann Halla na Cathrach le linn tréimhse an Phleain.

4.4 Bealaí chun Dramhaíl a Sheachaint atá tosaithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí

Cé nach féidir tionchar suntasach a bheith ag údaráis áitiúla ar ghnéithe áirithe de dhéantúsaíocht agus tomhaltas, *is féidir* le Comhairle na Cathrach tionchar a bheith aici agus

[15] The Integrated Truailliú Control (IPC) Ceadúnas Córas.

treoir a thabhairt ar na roghanna a dhéanann an pobal, déantóirí agus lucht úsáide líonadh talún i gCathair Chorcaí. Tá sé i gceist ag Comhairle na Cathrach, mar sin, an clár atá ann chun eolas ar sheachaint dramhaíola a choinneáil agus a leathnú. Chomh maith leis sin, ullmhófar sraith de phacanna eolais agus féin-iniúchadh chun freastal ar na riachtanais atá ag dhá earnáil de tháirgeoirí dramhaíola sa chathair – lucht teaghlaigh agus FBM-anna. Cothófar spriocanna do laghdú dramhaíola freisin do FBM-anna agus óstáin.

Molann Comhairle na Cathrach go mbeadh sprioc ann chun líon na dramhaíola tionsclaíochta a tháirgítear sa chathair a laghdú de 10% don tréimhse cúig bhliana atá clúdaithe sa Phlean seo. Tá an sprioc seo ag brath, áfach, ar thiomantas na gcomhlachtaí chomh maith leis an leibhéil atá acu faoi láthair.

Déantar achoimre sna hailt seo thíos ar chuid de na modhanna atá úsáidte ag Comhairle na Cathrach cheana chun seachaint dramhaíola a chothú.

4.4.1 Oideachas agus Tograí ar Sheachaint Dramhaíola do Scoileanna

Aithníonn Comhairle Cathrach Chorcaí go bhfuil sé tábhachtach díriú ar tháirgeoirí dramhaíola agus iad óg. Mar sin, tá clár forbraithe de chuairteanna scoile ina mbíonn léachtaí ar nithe éagsúla chomhshaoil agus bainistíocht dramhaíola. Déanann foireann Chomhairle na Cathrach an t-eolas seo a scríobh agus a chur os comhair na ndaltaí (agus earnálacha eile sa chathair a tháirgíonn dramhaíl). Leanfaidh Comhairle na Cathrach de chomhoibriú le gnóthaí agus le heagrais nach Eagrais Rialtais iad maidir le maoiniú na dtograí seo.

4.4.2 An Scéim "Brat Glas" do Scoileanna

Tá scoileanna na cathrach á ngríosadh faoi láthair chun dramhaíl a laghdú faoi réir chórais nuálaíoch iniúchtha atá bunaithe ar chórais idirnáisiúnta ar nós an chláir ISO 9000. Tugtar aitheantas do thoradh dearfach san iniúchadh agus bíonn cead ag an scoil bratach a chur ar thaispeáint agus lógó athchúrsála air. Déantar iniúchadh gach trí bhliana.

Toisc go bhfuil Scéim Dhamhachtainí Idirnáisiúnta a riaradh ag An Taisce do scoileanna ní riarann Comhairle Cathrach Chorcaí an Scéim "Brat Glas" 20/20 do scoileanna a thuilleadh. Ach tá gach tacaíocht ag thabhairt ag an gComhairle dos na scoileanna agus An Taisce chun an scéim nua a éascú.

4.4.3 Infheistíocht i dTaighde Ábhartha

Tá nasc láidir bunaithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí le forais oideachais triú-leibhéil sa réigiún – mar shampla an Coláiste Ollscoile, Corcaigh, an tIonad Glan-Theicneolaíochta agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Cuirtear an chomhairle agus torthaí an taighde a fhaightear ón gcomhoibriú seo san áireamh san cláir feasacht phoiblí a dhéanann Comhairle na Cathrach. Is cosúil go nglacfaidh na húdaráis áitiúla páirt i dtuilleadh iarrachtaí mar seo as seo amach.

4.4.4 An Clár "*Fáilte Glas"*

Rinne Comhairle Cathrach Chorcaí agus an Comhairle Contae comhoibriú i bhforbairt chláir d'fheabhas an chomhshaoil atá dírithe go speisialta ar earnáil na n-óstán. Tá an scéim seo á riaradh ag Cumann Ghnó Chorcaí do réigiún Chorcaí. Tá na gnéithe seo a leanas sa chlár:

- Ceistneoirí féin-mheasúnuithe le córas márcála inmheánach;
- Spriocanna cuí a aithint bunaithe ar bhun-chaighdeán imeachta;
- Pacanna Eolais a Sholáthar;
- Ócáidí Poiblí chun Gradaim a bhronnadh;
- Duaiseanna dos na smaointe is fearr chun dramhaíl a laghdú;
- Tuairiscí a fhoilsiú ag cur síos ar na cineálacha agus ráta feabhsuithe is féidir a dhéanamh – ag ainmniú óstáin "samplacha" a fheidhmíonn chun an cuid eile den earnáil a ghríosadh; agus
- Iniúchadh seachtrach ar óstáin chun torthaí na suirbhéanna in-tí a dhearbhú.

4.5 Dramhaíl a Sheachaint i Halla na Cathrach

4.5.1 Coiste um Tíos Glas

Bunaíodh Coiste um Thíos Glas, a mbíonn cruinniú in aghaidh na míosa aige, laistigh de Chomhairle Cathrach Chorcaí chun plé leis an réimse iomlán d'fhorbairt inbhuaine. Gné tábhachtach de fhreagrachtaí an Choiste is ea bainistíocht dramhaíola – lena n-áirítear coincheapa sheachaint dramhaíola. Tá an Coiste páirteach go honnghníomhach sna cinní uilig maidir le bainistíocht dramhaíola i Halla na Cathrach.

Tugann an grúpa idir-rannach seo comhairle do rannóga uilig na Comhairle maidir lena bhfreagrachtaí i dtaobh bhainistíocht dramhaíola, úsáid fuinnimh agus an timpeallacht go ginearálta. Tugann sé comhairle leis chuig ranna Chomhairle na Cathrach a bhíonn ag ceannach earraí ar na bealaí chun dramhaíl pacáistíochta a laghdú agus chun polasaí Chomhairle na Cathrach maidir le bainistíocht dramhaíola a chur i bhfeidhm.

4.5.2 Córas Deonach do Bhainistíocht Chomhshaoil

Chun dea-shampla a thabhairt don chuid eile den chathair, tá Córas Bainistíochta Chomhshaoil curtha i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach Chorcaí i Halla na Cathrach. Obair mhór atá i gcur i bhfeidhm a leithéid de chóras toisc go gcaithfear gach tionchar chomhshaoil a aithint agus gníomhartha a thosú chun iad a sheachaint. Eilimint tábhachtach de Chóras Bainistíochta Chomhshaoil ar bith is ea an bhainistíocht dramhaíola. Tá creidiúnú ISO 14001 faighte ag Comhairle Cathrach Chorcaí do dhá Rannóg Páirce dá cuid agus do Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile. Leanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí dá polasaí creidiúnú ISO14001 a lorg i leith cuid eile dá himeachtaí.

4.6 Imeachtaí Feasachta Phoiblí

(graphic)

Tá Comhairle na Cathrach tiomanta do phrionsabal an oideachais phoiblí maidir le gnéithe de bhainistíocht dramhaíola agus, mar sin, tá dian-fheachtas gníomhach d'eolas poiblí idir lámha ó seoladh an Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola do Réigiún Chorcaí i 1995. Tá imeachtaí eile eagraíochta curtha ar bun ag Comhairle na Cathrach chun bainistíocht dramhaíola níos fearr a chothú ar nós rannpháirtíocht i gcomhchoiste caidrimh phoiblí le Comhairle Contae Chorcaí. I bhfocail eile, tabharfar eolas ar roghanna atá báúil don chomhshaol seachas táirgí a bheadh mar bhunús le dramhaíl chontúirteach.

San rannóga thíos tugtar eolas ar chuid eile imeachtaí atá tosaithe ag an údarás áitiúil.

4.6.1 Nuacht faoi Straitéis Chorcaí um Bainistiú Dramhaíola – Radharc 20/20

I gcomhair le Comhairle Contae Chorcaí, foilsíonn Comhairle Cathrach Chorcaí nuachtlitir atá tarraingtheach go maith d'earnálacha uilig an daonra. Tugann an foilseachán seo eolas ar thograí do bhainistíocht dramhaíola i réigiún Chorcaí chomha maith le nodanna agus comhairle úsáideach do dhaoine ar mian leo a dtáirgeacht dramhaíola a laghdú agus a n-imeachtaí athchúrsála a mhéadú.

4.6.2 Cláir Oideachais Poiblí

Tugann Comhairle na Cathrach iliomad léachtaí ar laghdú dramhaíola agus cosc ar bhruscar i scoileanna ar fud na cathrach, toisc go dtaispeánann taithí idirnáisiúnta go bhfuil níos mó de sheans ann gnásanna na beatha a athrú nuair a théitear i gcionn go luath ar an aos óg. Pléitear agus mínítear polasaithe maidir le Tíos Glas go minic freisin. Ba chóir a rá nach bhfuil an tseirbhís seo teoranta do scoileanna – eagróidh Comhairle na Cathrach ócáidí oideachasúla do ghrúpa ar bith atá á lorg (mar shampla, múinteoirí bunscoile agus fiontair bheaga agus mheánmhéid). Tá sé i gceist ag Comhairle na Cathrach na cláir seo (a chuireann foireann Chomhairle na Cathrach i láthair) a threisiú agus a phoibliú.

5. BAILIÚCHÁN AGUS GLACADH DRAMHAÍOLA I GCATHAIR CHORCAÍ

5.1 Réamhrá

Féachann an caibidil seo ar na córais atá ann faoi láthair i gCathair Chorcaí chun dramhaíl sholadach a bhailiú, a láimhseáil agus a stóráil. Tá na céimeanna seo riachtanach sular féidir cóireáil dramhaíola a thosú. Mar shampla, ní féidir le háiseanna athchúrsála feidhmiú ach má chuirtear an líon agus na cineálacha ceart d'ábhar inathchúrsála chucu. Tá dhá phríomh-mhodh ann ina gcuirtear dramhaíl ar fáil d'áiseanna, eadhon:

- Bailiúchán dramhaíola ón bhfoinse, agus í a thabhairt chuig an áis chuí – m.sh. bailiúcháin teaghlaigh ó dhoras go doras ag údaráis áitiúla;

agus

- Dramhaíl á fhágáil ag gabhdáin suite go lárnach – m.sh. Láithreáin "Beir Leat" d'earraí inathchúrsála teaghlaigh.

5.2 Bailiúchán Dramhaíola ag Comhairle Cathrach Chorcaí

Tá bailiúchán de dhramhaíl teaghlaigh, dramhaíl tráchtála agus dramhaíl ghlanadh poiblí mar chuid d'imeachtaí bhailiúchán dramhaíola a dhéanann Comhairle Cathrach Chorcaí faoi láthair. Bhí costas €9.469 milliún ar sholáthar na seirbhísí sin i 2003. Bhí ioncam thart ar €14,846 milliún ag na seirbhísí sa bhliain sin. Baineadh úsáid as an bhfuílleach chun imeachtaí eile (m.sh. líonadh talún, athchúrsáil, srl.) a mhaoiniú.

5.2.1 Bailiúchán Dramhaíola Teaghlaigh

Tá freagracht reachtúil ag Comhairle Cathrach Chorcaí bailiúchán agus diúscairt na dramhaíola teaghlaigh agus bruscar a ghintear laistigh de Chathair Chorcaí. Tá córas do bhailiúchán d'araid rothaí ag Comhairle Cathrach Chorcaí, agus baineann thart ar 98% de theaghlaigh na cathrach leas as. Tá rogha déanta ag thart ar 750 teaghlaigh, áfach, a gcuid dramhaíola a thabhairt ag seirbhís phríobháideach le bailiú, nó a gcuid dramhaíola a thabhairt ag Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile iad féin.

Déanta na bailiúcháin sa chathair ar maidin, Luan go hAoine (naoi mbealach in aghaidh an lae), agus bailítear na haraid rothaí ó dhoras go doras. Tá córas blocanna ann – déantar freastal ar cheantar amháin in aghaidh an lae. Chomh maith leis sin, tugtar málaí agus láimhíní do chumainn cónaitheoirí nuair a bhíonn feachtais glantacháin ar siúl sna ceantair agus bailíonn Comhairle Cathrach Chorcaí an dramhaíl a ghintear san feachtais sin. Cuirtear an dramhaíl teaghlaigh ar fad a bhailíonn Comhairle Cathrach Chorcaí ag Láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile.

(graphic)

Feithicil Bhailiúchán Dramhaíola de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí

(i) Bailiúchán Dramhaíola Teaghlaigh ar Tháillí

Gearrann Comhairle na Cathrach táille de €355 in aghaidh an teaghlaigh in aghaidh na bliana (táille 2004) don tseirbhís bhailiúchán dramhaíola teaghlaigh. Is mar seo a leanas a thagtar ar an dtáille:

(a) Costas an bhailiúchán agus iompar go Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile.

(b) Costas chun an dramhaíl a dhiúscairt (táille bunaithe ar mheáchan, a fhreagraíonn dos na costais ar fad chun an líonadh talún a oibriú, lena n-áirítear cloí leis an gCeadúnas GCC don láithreán).

(c) An Tobhach Líonta Talún (€15 in aghaidh an tonna de dhramhaíl a chuirtear i líonadh talún) a íoctar díreach isteach i gCiste Chomhshaoil an Rialtais.

(d) An costas chun infreastruchtúr dramhaíola a sholáthar (m.sh. Láithreáin "Beir Leat", Láithreán Áiseanna Cathartha, seirbhís bruscar, glanadh sráide, srl.).

Táille cothrom atá ann faoi láthair. Ach tá an tAire Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil tar éis 1 Eanáir 2005 a chur mar sprioc chun an t-athrú náisiúnta go córas "íoc mar a úsáidtear" a bheith críochnaithe. Mar sin, ó 1 Eanáir 2005, beidh ar Chomhairle Cathrach Chorcaí seirbhís bunaithe ar mheáchan nó toirt a chur ar fáil do theaghlaigh (i.e. íoc de réir mheáchain, íoc as gach bailiúchán nó cuir lipéad ar an mbionna). Tá sé d'aidhm ag an scéim seo luach saothair a thabhairt do lucht teaghlaigh as modhanna maithe a úsáid chun dramhaíl a laghdú agus as laghdú ar líon na dramhaíola a chuireann siad go líonadh talún in aghaidh na seachtaine.

(ii) Bailiúchán Scartha de Ghnéithe Inathchúrsála de Dhramhaíl Teaghlaigh

I bhFómhair 2004, tá Comhairle Cathrach Chorcaí le tosú ar bhailiúchán (ar thaobh an bhóthair) d'earraí glan tirim inathchúrsála. Cuirfear an bailiúchán ar fáil dóibh siúd a bhfuil a gcuid táillí do bhailiúchán dramhaíola íoctha acu.

Soláthrófar málaí speisialta do chustaiméirí a líonfaidh iad le hearraí tirime inathchúrsála agus a chuirfidh ar fáil do bhailiúchán iad uair sa choicís. Beidh an bailiúchán ann ar an lá céanna leis an gnáth-bhailiúchán. Baileofar páipéar measctha, nuachtáin, irisleabhair agus leabhráin, cairtchlár, cannaí dí (alúmanam), cannaí stáin, cannaí bia (cruach), tetrapaks (cartáin do bhainne agus sú) agus buidéil/soithigh plaisteacha.

Baileoidh Comhairle Cathrach Chorcaí na málaí agus cuirfear chuig áis phríobháideach iad le scagadh agus le cur i gcornáin sula ndéantar athchúrsáil orthu. Cuirfear an bailiúchán i bhfeidhm de réir a chéile agus beidh trucail amháin ann (le tiománaí amháin agus beirt oibrí ann) i bhFómhair na bliana 2004. Beidh an trucail seo ag freastal ar thart ar trian de theaghlaigh Chathair Chorcaí; beidh trucailí eile de dhíth chun an bailiúchán iomlán a chur i bhfeidhm.

5.2.2 Bailiúchán Dramhaíola Tráchtála

Bailíonn conraitheoirí príobháideacha nó córas an chomhlachta féin an cuid is mó de dhramhaíl tráchtála sa chathair. Níl cead an dramhaíl seo a dhiúscairt ag Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile. Tugadh an cosc[16] seo isteach chun spás líonadh talún a choinneáil do dhramhaíl teaghlaigh a bhfuil iachall reachtúil ar Chomhairle Cathrach Chorcaí í a bhailiú.

Bailíonn Comhairle Cathrach Chorcaí dramhaíl iarmharach ó thart ar 1,200 foirgneamh tráchtála sa chathair (ní chlúdaítear na codáin inathchúrsála sa tseirbhís seo). Dhá bhailiúchán in aghaidh na seachtaine a dhéantar i lár na cathrach, agus bailiúchán amháin sna fobhailte. Tá an táille bhliantúil don bhailiúchán seo bunaithe ar mhéid agus líon na mbionnaí agus minicíocht na mbailiúchán.

(i) Bailiúchán Scartha de Ghnéithe Inathchúrsála de Dhramhaíl Tráchtála

Thug Comhairle Cathrach Chorcaí, i gcomhpháirt le páirtnéir príobháideach, bailiúchán mhálaí isteach do pháipéar, cairtchlár agus plaisteach. Sa scéim seo, díolann Comhairle Cathrach Chorcaí málaí speisialta do chustaiméirí a líonann le páipéar, cairtchlár agus plaisteach iad agus ansin a chuireann amach iad le bailiú ag an gconraitheoir príobháideach. Ansin tógann an conraitheoir iad chuig áis áit a ndéantar iad a scagadh agus a chur i gcarnáin roimh athchúrsáil.

Glantar costas an bhailiúcháin seo le praghas na málaí (€130 ar rolla de 50 mála i 2004). Tá ag éirí go han-mhaith leis an mbailiúchán seo agus leathnaíodh ó lár na cathrach é go gnóthaí, scoileanna, srl. san fobhailte.

5.2.3 Dramhaíl Ghlanadh Sráide agus Bruscar

Tá sé de dhualgas ar Chomhairle Cathrach Chorcaí na bóithre agus cosáin phoiblí a ghlanadh – scuabadh de láimh agus le hinnill, bailiú bruscar agus níochán sráide san áireamh.

Scuabtar Lár na Cathrach de réir chlár ama, ag baint úsáide as scuabann láimhe, folús-scuabaire agus innealra eile. Baintear úsáid as innealra den tsórt chéanna sna ceantair taobh amuigh de lár na cathrach, 5 lá sa tseachtain. Bíonn an folús-scuabaire ag obair 7 lá sa tseachtain i lár na cathrach.

(graphic)

Feithicil Ghlanadh Sráide de chuid Comhairle na Cathrach

Folmhaítear na boscaí bruscair ar a laghad uair sa lá i rith na seachtaine. Glantar na cinn i lár na cathrach dhá uair sa lá (Luan go Satharn) agus uair amháin Dé Domhnaigh. Baintear úsáid as dhá fheithicil speisialta don obair seo. Tá clár nua ag Comhairle na Cathrach faoi láthair

[16] Began with a banning of 25% of dramhaíl tráchtála in Meán Fómhair 2001 agus dul chun cinned go a cosc of 100% dramhaíl tráchtála in Eanáir 2004.

chun boscaí bruscair nua a chur isteach agus bíonn aonaid diúscartha do thoitíní agus guma coganta ar na boscaí nua.

Tá uimhir shaorfhóin (1800 22 22 26) ag Comhairle na Cathrach le glacadh le gearáin maidir le bruscar agus dumpáil.

Cothaíonn na Maoir Bruscair feasacht phoiblí agus oideachas faoi bhruscar agus cruthaíonn siad páirtnéireachtaí le gnó, tionsclaíocht, scoileanna agus an pobal chun troid i gcoinne an bhruscair agus chun timpeallacht ghlan a chruthú. D'eisigh Comhairle na Cathrach 594 fíneál bhruscair le linn 2003.

Tugtar an dramhaíl seo a bhailíonn Comhairle na Cathrach ar an gcaoi seo chuig Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile do dhiúscairt deiridh. Thart ar 4,200 tonna a cuireadh i 2003 (is ionainn sin agus 34 kg de bhruscar in aghaidh an duine in aghaidh na bliana).

5.3 Bailiúchán Dramhaíola ag Comhlachtaí Príobháideacha

Ní ach thart ar 750 de theaghlaigh uile Chathair Chorcaí nach mbaineann úsáid as seirbhís Chomhairle na Cathrach, ach tá thart ar 80% d'fhoirgnimh tráchtála a úsáideann socruithe eile do bhailiúchán agus diúscairt.

Go ginearálta, bailítear agus déantar an dramhaíl a dhiúscairt mar seo a leanas:
Go ginearálta, is féidir dramhaíl na cathrach a bhailiú agus a dhiúscairt mar seo a leanas:

- Ag Comhairle Cathrach Chorcaí;
- Ag comhlachtaí príobháideacha bailiúchán;
- Ag an ngineadóir dramhaíola féin – ag an teaghlach féin, foirgneamh tráchtála nó tionsclaíochta, nó rannóg dramhaíola de chomhlacht aonarach; agus
- Ag bailitheoirí speisialta dramhaíola.

Oibríonn conraitheoirí príobháideacha taobh istigh de Chathair Chorcaí de ghnáth le córas d'araid rothaí do theaghlaigh agus scipí do dhramhaíl eile. Cuirtear scipí ar cíos do réimse leathan de fhoirgnimh – óstáin, tithe tabhairne, bialanna, ospidéil, agus gnóthaí – agus bailítear iad in aghaidh na seachtaine, nó nuair atá siad lán.

Chomh maith leis sin, cuireann comhlachtaí príobháideacha dramhaíola taincéirí ar fáil do bailiúchán slodaí tionsclaíochta. Ní ghlactar le slodaí ach iad siúd atá neamhchontúirteach ag Láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile agus fiú ansin caithfear comhaontú a bheith déanta le Comhairle Cathrach Chorcaí.

5.3.1 Ceadúnais do Bailiúchán Dramhaíola

Faoi réir na Rialacháin um Bhainistiú Dramhaíola (Ceadúnas Bhailiúcháin) 2001, caithfidh siad siúd a bhfuil sé ar intinn acu dramhaíl a bhailiú i gceantar de chuid údarás áitiúil iarratas a chur chuig an údarás ainmnithe do Cheadúnas Bhailiúchán Dramhaíola.

Bhí 165 bailitheoir ceadaithe i réigiún Chorcaí i 2003. Caithfidh sealbhóirí na gceadúnas achoimre bhliantúil a thabhairt do Chomhairle Contae Chorcaí ar a gcuid imeachtaí don bhliain atá thart.

5.4 Áiseanna Glactha Dramhaíola

5.4.1 Láithreáin Áiseanna Cathartha

Tá Láithreán Áiseanna Cathartha amháin in oibríocht laistigh de cheantar riaracháin Chomhairle Cathrach Chorcaí – ag Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile. Glacann an Láithreán Áiseanna Cathartha le réimse leathan d'ábhair le haghaidh athchúrsála; ina measc tá buidéil agus soithigh ghloine, buidéil plaisteach, cannaí dí (alúmanam), cannaí stáin, cannaí cruaiche, páipéar agus cairtchlár, nuachtáin agus irisleabhair, cadhnraí, ola innill, miotail, earraí bána, cuisneoirí agus reoiteoirí, teilifíseáin agus ríomhairí, dramhaíl ghlas agus dramhaíl adhmaid. Tá áis ann freisin chun dramhaíl iarmharach a dhiúscairt do líonadh talún. Glactar leis an gcuid is mó d'ábhair saor in aisce ach amháin dramhaíl iarmharach, earraí bána (€15 ar bhall - táille 2004), dramhaíl ghlas agus dramhaíl adhmaid (€10 in aghaidh an chairr, €40 in aghaidh an chairr agus leantóir –táillí 2004). Is d'úsáid teaghlaigh amháin an Láithreán Áiseanna Cathartha agus ní cheadaítear veain nó feithiclí tráchtála ar an láithreán.

Bhí sé de choinníoll ag an Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola do Réigiún Chorcaí go gcruthófaí ar a laghad Láithreán Áiseanna Cathartha amháin eile i gCorcaigh i ndiaidh na bliana 2001. Caithfear áis mar sin a shuíomh ar an dtaobh ó thuaidh d'Abhainn na Laoi chun freastal ar an daonra sa cheantar sin. Tá suíomh áisiúil aimsithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí, is é sin Crosaire na dTincéirí, Baile na mBocht.

5.4.2. Láithreáin "Beir Leat"

Áit atá curtha ar leataobh is ea Láithreán "Beir Leat" inar féidir líon teoranta d'ábhair a fhágáil d'athchúrsáil. Is iad seo a leanas cuid de na hábhair a bhailítear ag Láithreáin "Beir Leat" i gCathair Chorcaí: gloine, cannaí, teicstílí, páipéar agus cadhnraí (tá liosta iomlán de na Láithreáin "Beir Leat" i gCathair Chorcaí agus na hábhair a nglactar d'athchúrsáil iontu ag Aguisín 2).

De ghnáth bíonn costas thart ar €8,000 - €12,000 chun Láithreán "Beir Leat" a bhunú (gan costas na ngabhdán féin a chur san áireamh). Go hiondúil cuirtear na láithreáin "Beir Leat" ag suíomhanna lárnacha, ar nós lárionaid siopadóireachta, agus is féidir aonad amháin a bheith iontu d'ábhar amháin ar nós gloine, nó bailiúchán d/aonaid d'ábhair éagsúla. Tá sé rí-thábhachtach na láithreáin "Beir Leat" a shuíomh i gceart – ba chóir go roghnófaí an suíomh ia áisiúla do lucht teaghlaigh.

Tá 41 Láithreáin "Beir Leat" i gCathair Chorcaí, is ionainn sin agus ráta 1 láithreán do gach 3,000 duine. Tógadh thart ar 10 gcinn díobh seo le linn 2003 le cuidiú ón Scéim Deontais d'Infreastruchtúr Bhainistiú Dramhaíola. Bailíodh 2,400 tonna d'ábhar ag Láithreáin "Beir Leat" i gCathair Chorcaí le linn 2003.

Bíonn fadhbanna ag baint le tógáil agus cothabháil na Láithreán "Beir Leat" i gCathair Chorcaí mar seo a leanas:

(a) *Pobal ag cur i gcoinne suíomh Láithreáin "Beir Leat"* – Cé go bhfuil éileamh ón phobal do mhéadú ar líon na láithreán "Beir Leat" agus Láithreáin Áiseanna Cathartha agus éilíonn daoine go mbeidís suite chomh h-áisiúil agus is féidir, ní ghlacann cónaitheoirí leo ina gceantar féin. Is minic go dtagann na húdaráis áitiúla ar an dearcadh seo "not in my back yard" (NIMBY) agus iad ag iarraidh teacht ar láithreáin d'infreastruchtúr bhainistíocht dramhaíola.

(b) *Loitiméireacht agus bruscar ag láithreáin* – Tarlaíonn loitiméireacht ag uimhir shuntasach de Láithreáin "Beir Leat" sa réigiún. Áirítear dó na ngabhdán, iad a chaitheamh amach ar na bóithre, carr-chlósanna nó ceantair ghlasa, iad a loit agus glasanna a bhriseadh. Tá fadhbanna eile ann ar nós ábhair neamh-inathchúrsála á gcur san boscaí, earraí á bhfágáil i málaí nó boscaí, agus bruscar á fhágáil timpeall ar na Láithreáin "Beir Leat". Gné eile is ea mí-úsáid na áiseanna ag an earnáil tráchtála (cuirtear na Láithreáin "Beir Leat" ar fáil don earnáil teaghlaigh amháin). Tá sé deacair na fadhbanna seo a réiteach gan tacaíocht chuí ó reachtaíocht. Mar sin, tá fodhlithe á ndréachtadh faoi láthair ag Comhairle Cathrach Chorcaí chun na fadhbanna seo a réiteach agus an dlí a chur ar dhaoine a bhaineann mí-úsáid as na háiseanna.

(c) *Costas Láithreáin "Beir Leat" a thógáil* – D'íoc Comhairle Cathrach Chorcaí an cuid is mó de chostais Láithreáin "Beir Leat" i gCathair Chorcaí, le cúnamh airgid ón rialtas agus ó Repak le linn 2003. The fás ga teacht ar mhaoiniú de Láithreán "Beir Leat" ag an earnáil phríobháideach toisc go mbíonn coinníollacha pleanála á lorg i bhforbairtí áirithe sa réigiún (m.sh. lárionaid siopadóireachta). Tá an ghluaiseacht seo éascaithe ó cuireadh isteach an t-alt seo a leanas i bPlean Forbartha na Cathrach: "*Láithreáin "Beir Leat": Tá sé beartaithe líon na Láithreán "Beir Leat" a mhéadú, áit ar féidir leis an bpobal a gcuid dramhaíl teaghlaigh inathchúrsála a thabhairt, faoi réir na Straitéise um Athchúrsáil Dramhaíola agus chomh maith leis sin leathnú ar réimse na n-ábhar a ghlacfar ag na láithreáin seo. De ghnáth glactar ábhair ar nós gloine, páipéar, teicstílí agus cannaí. Tá 30 láithreán ag Comhairle na Cathrach faoi láthair agus é mar aidhm 1 láithreán in aghaidh 1000 daonra a bheith ann le linn tréimhse an Phleain. Tá sé beartaithe go mbeadh sé mar choinníoll pleanála ag forbairtí móra tráchtála, tithíochta agus measctha áit agus infreastruchtúr a sholáthar laistigh den fhorbairt a cheadóidh 'Láithreán "Beir Leat"' agus socruithe bainistíochta a bhunú do láithreáin dá leithéid.*"

(d) *Costas cothabhála Láithreáin "Beir Leat"* Mar thoradh ar na fadhbanna a luaitear in alt (b) thuas bíonn ualach airgeadais ar údaráis áitiúla maidir le cothabháil ar na láithreáin, boscaí a dheisiú nó cinn nua a sholáthar, boscaí agus láithreáin a ní, bruscar a bhailiú agus reachtaíocht maidir le truailliú a chur i bhfeidhm. Tá an chothabháil seo tábhachtach toisc go bhfuil sé riachtanach go bhfeicfidh an pobal gur rogha maith é ó thaobh freagrachtaí chomhshaoil. Tá ball den fhoireann fostaithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí, le trealamh glantóireachta, atá freagrach as cothabháil agus glanadh na Láithreán "Beir Leat". Costas reatha atá ann don Chomhairle agus tá maoiniú do chuid dó faighte ón gCiste Chomhshaoil le blianta beaga anuas (2003-2004).

(e) *Costas seirbhíse na Láithreán "Beir Leat"* – Go minic ceapann an pobal go bhfuil athchúrsáil saor in aisce. Íocann údaráis áitiúla lucht athchúrsála chun na gabhdáin d'ábhair inathchúrsála ag Láithreáin "Beir Leat" a sholáthar agus a sheirbhísiú; eisceacht is ea na cannaí alúmanam agus na teicstílí a bhailíonn lucht athchúrsála saor ó tháille. Íocann

údaráis áitiúla lucht athchúrsála as bailiúchán na n-earraí eile inathchúrsála ar fad (m.sh. páipéar agus cairtchlár, gloine, cadhnraí, plaisteacha, miotail, earraí bána, srl.). Brathann an praghas ar phraghas an mhargaidh an ábhair atá á bhailiú. Faigheann údaráis áitiúla fóirdheontas ó Repak maidir le cairtchlár a bhailítear ach déantar gach ábhar eile a athchúrsáil ar chostas an údaráis.

5.4.3. Áiseanna Glactha Príobháideacha

Tá ceadúnas tugtha ag Comhairle Cathrach Chorcaí do líon áirithe d'áiseanna príobháideacha dramhaíola. Tugtar cur síos orthu thíos (cuirtear san áireamh áiseanna a bhfuil iarratais déanta ar a son ach nach bhfuil aon chinneadh déanta ina leith go fóill)

a) *Denis Healy Ltd.*, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaí – ceadúnas tugtha ag Comhairle Cathrach Chorcaí do stáisiún athruithe do dramhaíl sholadach thirim (m.sh. brablach, adhmad, páipéar agus cairtchlár). Tá cumas 5,000 tonna in aghaidh na bliana ag an áis.

b) *Keohane Pallets*, Bóthar an tSean-Theampaill – iarratas ar cheadúnas d'áis chun 2,000 tonna d'adhmaid in aghaidh na bliana a scrios.

c) *Lee Metal Co.,* Bóthar Pholl an Daimh – ceadúnas tugtha do phróiseáil de chruach dosmálta (30 tonna in aghaidh na bliana), miotal feiriúil (323 tonna in aghaidh na bliana), copar (160 tonna in aghaidh na bliana), alúmanam (200 tonna in aghaidh na bliana) agus luaidh (35 tonna in aghaidh na bliana).

d) *Rehab Recycling Partnership*, Bóthar Uí Mhuineacháin – ceadúnas tugtha do tharrtháil ghloine agus alúmanam (7,000 tonna in aghaidh na bliana), cannaí stáin (120 tonna in aghaidh na bliana) agus páipéar rúnda (800 tonna in aghaidh na bliana).

e) *Cork Mini Skips*, Eastáit Tionsclaíochta Chnoc na Cille – ceadúnas tugtha d'athchúrsáil agus/nó diúscairt de pháipéar agus cairtchlár (50 tonna in aghaidh na bliana), plaisteacha (50 tonna in aghaidh na bliana), miotal (800 tonna in aghaidh na bliana), adhmad (500 tonna in aghaidh na bliana), brablach (1,500 tonna in aghaidh na bliana), barrithir (1,500 tonna in aghaidh na bliana), dramhaíl ghairdín (300 tonna in aghaidh na bliana), teicstílí (5 tonna in aghaidh na bliana) agus ábhar dramhaíola eile (295 tonna in aghaidh na bliana).

f) *National Recycling Co. Ltd.*, Cnoc na Cille – ceadúnas tugtha d'athchúrsáil agus tarrtháil chadhnraí luaidhe (500 tonna in aghaidh na bliana), feithiclí caite (100 tonna in aghaidh na bliana), dramh-mhiotal (2000 tonna in aghaidh na bliana) agus dramhaíl neamh-fheiriúil (1,000 tonna in aghaidh na bliana).

g) *Ashgrove Plant & Skip Hire*, An Tóchar – iarratas ar cheadúnas d'áis athruithe/athchúrsála do phróiseáil dhramhaíl tógála (3,000 tonna in aghaidh na bliana), adhmad, gloine & plaisteach (1,000 tonna in aghaidh na bliana), asfalt (100 tonna in aghaidh na bliana), miotail (300 tonna in aghaidh na bliana), barrithir (200 tonna in aghaidh na bliana), dramhaíl cathrach & ghairdín (50 tonna in aghaidh na bliana), páipéar (50 tonna in aghaidh na bliana), teicstílí (50 tonna in aghaidh na bliana) agus dramhaíl ilghnéitheach (200 tonna in aghaidh na bliana).

h) *Gerlan Cars & Parts Ltd.,* Sráid Rutland – ceadúnas tugtha do bhriseadh charranna. Is iad seo an líon atá ceadaithe: sreabhán choscáin (6 ghalún in aghaidh na bliana), ola innill (100

ghalún in aghaidh na bliana), sloda scagthóir ola/uisce (5 líotar in aghaidh na bliana), boinn caite (350 in aghaidh na bliana), cadhnraí luaidhe (30 in aghaidh na bliana).

i) *Recoverex Ltd.*, Páirc Tionsclaíochta Bhóthar Uí Mhuineacháin – ceadúnas tugtha do tharrtháil ríomhairí (800 tonna in aghaidh na bliana) agus páirteanna ríomhairí (200 tonna in aghaidh na bliana).

j) *Blarney Wheel a Bin Ltd*.– ceadúnas tugtha d'áis athchúrsála agus athruithe do dhramhaíl teaghlaigh (1,350 tonna in aghaidh na bliana), páipéar agus cairtchlár (300 tonna in aghaidh na bliana), cannaí alúmanam (50 tonna in aghaidh na bliana), plaisteacha (150 tonna in aghaidh na bliana), dramhaíl tógála agus scartála (200 tonna in aghaidh na bliana), adhmad (100 tonna in aghaidh na bliana), miotal measctha (100 tonna in aghaidh na bliana) agus dramhaíl thoirteach teaghlaigh (300 tonna in aghaidh na bliana).

k) *Fingal Recycling* – iarratas ar cheadúnas d'áis do tharrtháil agus/nó athrú de pháipéar (300 tonna in aghaidh na bliana), cairtchlár (600 tonna in aghaidh na bliana), plaisteach (250 tonna in aghaidh na bliana), miotal (250 tonna in aghaidh na bliana), adhmad (500 tonna in aghaidh na bliana), trealamh TF (100 tonna in aghaidh na bliana), trealamh leictreonach (100 tonna in aghaidh na bliana), trealamh teileafóin (50 tonna in aghaidh na bliana), soilse fluaraiseacha (5 tonna in aghaidh na bliana) agus caisíní phrintéara (5 tonna in aghaidh na bliana).

l) *OCS One Complete Solution Ltd*. - ceadúnas tugtha chun 90 tonna de dhramhaíl cathrach a láimhseáil in aghaidh na bliana.

Chomh maith leis na háiseanna thuasluaite, tá líon áiseanna ceadaithe ag an GCC. Tá an cuid is mó díobh taobh amuigh de theorainn na cathrach ach luaitear anseo iad toisc go beidh siad ag plé le dramhaíl a tháirgítear i gCathair Chorcaí chomh maith le Contae Chorcaí.

a) *Cairéal Beaumont,* Baile an Locha, Corcaigh – Tá ceadúnas faighte ag Comhairle Cathrach Chorcaí do líonadh talún de 250,000 tonna de dhramhaíl tógála agus scartála i sean-chairéal thar tréimhse dhá bhliain. Beifear in ann páirc phoiblí a fhorbairt ag an láithreán. Tá Comhairle Cathrach Chorcaí ag lorg tairiscintí faoi láthair ó chomhlachtaí príobháideacha chun an áis seo a oibriú.

b) *Greenstar Recycling (Munster) Ltd.,* Gleann Maghair, Co. Chorcaí – stáisún is ea seo do dhramhaíl neamhchontúirteach áit a ndéantar dramhaíl teaghlaigh, tráchtála agus tionsclaíochta a scagadh i gcodanna inathchúrsála, tógtar na codanna sin le haghaidh athchúrsála agus déantar an dramhaíl iarmharach a chur i líonadh talún. Tá ceadúnas aige glacadh le 99,017 tonna de dhramhaíl in aghaidh na bliana. Freisin, tá ceadúnas ann múiriniú a dhéanamh ar 5,000 tonna/bhliain de dhramhaíl bhith-indíghrádaithe a scagtar ag an bhfoinse.

c) *Greenstar Recycling Holdings Ltd.*, Cnoc na Ceárta, Co. Chorcaí – áis tarrthála agus athruithe do dhramhaíl neamhchontúirteach tráchtála agus tionsclaíochta. Tá ceadúnas aige glacadh le huasmhéid de 99,800 tonna dramhaíola in aghaidh na bliana.

d) *Ipodec Ireland,* Cnoc na Ceárta, Co. Chorcaí – áis tarrthála agus athruithe do dhramhaíl neamhchontúirteach (tráchtála, don chuid is mó). Tá ceadúnas aige glacadh le huasmhéid de 82,000 tonna dramhaíola in aghaidh na bliana.

e) *Ashgrove Recycling*, Cnoc na Cille, Corcaigh – stáisiún athruithe agus áis athchúrsála do dhramhaíl neamhchontúirteach a bheidh ag plé don chuid is mó le dramhaíl tógála agus scartála agus dramhaíl tráchtála. Tá ceadúnas aige glacadh le 50,000 tonna in aghaidh na bliana.

Tá cumas iomlán de 500,000 tonna in aghaidh na bliana, a bheag nó a mhór, ag na h-áiseanna príobháideacha ar fad a luaitear thuas. Tugtar achoimre orthu i dTábla 5.1 thíos:

Tábla 5.1. Áiseanna Príobháideach Dramhaíola

Ainm	**Stádas maidir le Ceadúnas**	**Ábhair Dramhaíola**	**Líon Iomlán Tonna/ bhliain**
Denis Healy Ltd	Ceadúnas tugtha	Dramhaíl sholadach thirim	5,000
Keohane Pallets	Ceadúnas á phróiseáil	Adhmad/pailléid	2,000
Lee Metal Co.	Ceadúnas tugtha	Cruach dosmálta, Feiriúil, Copar, Alúmanam agus Luaidh	748
Rehab Recycling Partnership	Ceadúnas tugtha	Gloine agus alúmanam, Cannaí stáin, Páipéar	7,920
Cork Mini Skips	Ceadúnas tugtha	Páipéar agus cairtchlár, Plaisteach, Miotal, Adhmad, Brablach, Barrithir, Dramhaíl gháirdín, Teicstílí, eile	5,000
National Recycling Co.	Ceadúnas tugtha	Cadhnraí luaidhe, Feithiclí caite, Dramhaíl mhiotail, Dramhaíl neamhfheiriúil	3,600
Ashgrove Plant & Skip hire	Ceadúnas á phróiseáil	Tógáil, Adhmad, Gloine & plaisteach, Asfalt, Miotail, Ithir, Dramhaíl cathrach & gháirdín, Páipéar, Teicstílí, Ilghnéitheach	4,950
Gerlan Cars & Parts Ltd.	Ceadúnas tugtha	Sreabhán choscáin, Ola innill, Sloda, Boinn caite, Cadhnraí luaidhe	
Recovrex Ltd	Ceadúnas tugtha	Ríomhairí, Páirteanna ríomhairí	1,000
Blarney Wheel a Bin	Ceadúnas tugtha	Dramhaíl teaghlaigh, Páipéar & cairtchlár, Cannaí alúmanam, Plaisteach, T & S, Adhmad, Miotail mheasctha, Dramhaíl thoirteach teaghlaigh	2,550
Fingal Recycling	Ceadúnas á phróiseáil	Páipéar, Cairtchlár, Plaisteach, Miotal, Adhmaid, Trealamh TF, leictreonach agus teileafóin, Soilse fluaraiseacha, Caisíní phrintéara	2,160

One Complete Solution Ltd.	Ceadúnas tugtha	Dramhaíl cathrach	90
Cairéal Beaumont	Ceadúnas GCC tugtha	T & S	125,000
Greenstar Recycling (Munster)	Ceadúnas GCC tugtha	Teaghlaigh, Tráchtála, Tionsclaíochta, Dramhaíl bhith-indíghrádaithe scagtha ag an bhfoinse	99,017
Greenstar Recycling Holdings	Ceadúnas GCC tugtha	Tráchtála agus tionsclaíochta	99,800
Ipodec Ireland	Ceadúnas GCC tugtha	Tráchtála	82,000
Ashgrove Recycling	Ceadúnas GCC tugtha	T & S, tráchtála	50,000
CUMAS IOMLÁN			**493,835**

6. GINEADH DRAMHAÍOLA I GCATHAIR CHORCAÍ

6.1. Réamhrá

Sa chaoi is gur féidir pleananna cuí agus réalaíocha a dhéanamh do bhainistíocht dramhaíola i gCathair Chorcaí thar na cúig bhliana atá romhainn, tá eolas de dhíth ar an staid faoi láthair. Tugann an rannóg seo cur síos ar an gcaoi inar bailíodh an t-eolas seo.

Roghnaíodh **2003** mar bhliain bhunlíne do chnuasach staitisticí dramhaíola don Phlean seo toisc gurb iad na sonraí is cruinne agus is déanaí atá ar fáil. Fuarthas eolas ar líon agus cineálacha na dramhaíola atá á gineadh, athchúrsáil, diúscairt nó a bhainistiú ar bhealach ar bith eile i gCathair Chorcaí. Is iad seo a leanas na foinsí is tábhachtaí:

⇒ Taifid agus staitisticí Chomhairle na Cathrach féin maidir le bainistíochta dramhaíola sa chathair;

⇒ Taifid ar líon na dramhaíola a cuireadh i líonadh talún i Réigiún Chorcaí i 2003;

⇒ Bunachar Náisiúnta Dramhaíola an GCC, 2001;

⇒ An Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola do Réigiún Chorcaí, 1995;

⇒ An Phríomh-Oifig Staidrimh;

⇒ Eolas a thug conraitheoirí agus áiseanna ceadaithe;

⇒ Taifid maidir le Ceadúnais Dramhaíola GCC agus Ceadúnais IPC;

⇒ Sonraí éagsúla rialtais;

⇒ Torthaí thaighde idirnáisiúnta agus náisiúnta ar bhainistíocht dramhaíola;

⇒ Doiciméadú TFS agus C1;

⇒ Foinsí eile.

Baintear úsáid as meastacháin áirithe chun forbhreathnú sásúil a fhorbairt ar chleachtais Chathair Chorcaí i mbainistíocht dramhaíola.

6.2. Dramhaíl Sholadach Cathrach (DSC)

Sa rannóg seo pléitear an staid faoi láthair maidir le gineadh Dhramhaíl Sholadach Cathrach (DSC). Seo é an cineál dramhaíola is mó a bhfuil suim ag údaráis áitiúla ann toisc gur tromlach mór é den dramhaíl a chuirtear i líonadh talún in áiseanna cathrach. Dramhaíl Sholadach Cathrach is ea an téarma ar thrí shruth dramhaíola, eadhon:

- Dramhaíl teaghlaigh;
- Dramhaíl tráchtála (ó bhainc, scoileanna, óstáin agus siopaí); agus
- Dramhaíl ó ghlanadh poiblí (nó glanadh sráide) agus bruscar.

Tugtar cur síos ar na sruthanna dramhaíola seo sna hailt thíos.

6.2.1. Gineadh Dramhaíola Teaghlaigh

Tugann sonraí ó dhaonáireamh 2002 (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2002) le fios go bhfuil 123,062 duine agus 42,742 teaghlach (lena n-áirítear árasáin, tithe príobháideacha, agus tithe de chuid an údaráis) i gCathair Chorcaí, is ionainn sin agus ráta cónaí de 2.8 duine in aghaidh an teaghlaigh.

Measann Tuarascáil Bhunachar Náisiúnta Dramhaíola an GCC 2001 gur gineadh 56,472 tonna de dhramhaíl teaghlaigh i gCathair Chorcaigh. Is ionainn sin agus ráta ginte 0.46 tonna in aghaidh an duine nó 1.32 tonna in aghaidh an teaghlaigh.

Tugann sonraí ó Thuairisc Chomhshaoil Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile 2003 gur cuireadh 47,593 tonna de dhramhaíl teaghlaigh i líonadh talún ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile. Is ionainn sin agus an dramhaíl teaghlaigh ar fad a bhailigh Comhairle Cathrach Chorcaí (ó thart ar 98.25% de theaghlaigh i gCathair Chorcaí). Meastar gurb é 48,441 tonna méid iomlán na dramhaíola teaghlaigh (ó 100% de na teaghlaigh i gCathair Chorcaí) a chuirtear i líonadh talún.

Sa bhliain 2003 ba é 3,761 tonna méid iomlán na dramhaíola athchúrsála teaghlaigh i gCathair Chorcaí. Mar sin is é 52,202 tonna (= líon i líonadh talún + líon athchúrsála) an méid iomlán de dhramhaíl a gineadh i gCathair Chorcaí sa bhliain 2003. Is ionainn seo agus ráta bliantúil do dhramhaíl teaghlaigh de 0.42 tonna in aghaidh an duine agus 1.22 tonna in aghaidh an teaghlaigh. Tá an figiúir seo thart ar 6,000 tonna níos ísle ná an meastachán a rinneadh i mBunachar Náisiúnta Dramhaíola GCC (2001). An fáth atá leis seo, is dócha, ná go raibh dramhaíl teaghlaigh a bailíodh i gContae Chorcaí á thabhairt chuig Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile i 2001 agus gur rannaíodh seo mar “dramhaíl cathrach”. Ní tharlaíonn a leithéid a thuilleadh.

6.2.2. Comhdhéanamh Dramhaíola Teaghlaigh

Tá comhdhéanamh na dramhaíola teaghlaigh cinntithe ag an GCC (Bunachar Náisiúnta Dramhaíola, 2001) agus taispeántar i dTábla 6.1 thíos é. Tá líon na sruthanna a ghineann na teaghlaigh i gCathair Chorcaí ríomhtha trí úsáid a bhaint as na sonraí d’iomlán na dramhaíola teaghlaigh i gCathair Chorcaí agus sonraí an GCC. Tugtar an t-eolas seo freisin i dTábla 6.1 thíos.

Tábla 6.1. Comhdhéanamh na Dramhaíola Teaghlaigh

Ábhar	% d’Iomlán na Dramhaíola Teaghlaigh (GCC, 2001)	Líon Dramhaíola Teaghlaigh i gCathair Chorcaí (Tonna)
Páipéar	22	11,484.44
Gloine	4	2,088.08
Plaisteach	12	6,264.24
Miotal	4	2,088.08
Teicstílí	4	2,088.08

Orgánach	32	16,704.64
Eile	22	11,484.44
Iomlán	**100**	**52,202**

6.2.3. Gineadh Dramhaíola Tráchtála

Mar a dúradh i gCaibidil 5 (rannóg 5.2.2), bailítear an cuid is mó de dhramhaíl tráchtála na cathrach ag conraitheoirí príobháideacha dramhaíola nó córas iompair an chomhlachta féin. Ní cuirtear an dramhaíl seo i Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile a thuilleadh. Thosaigh an gníomh seo le cosc ar 25% de dhramhaíl tráchtála i Meán Fómhair 2001 agus de réir a chéile go dtí gur cuireadh cosc iomlán ar dhramhaíl tráchtála ó líonadh talún in Eanáir 2004. Rinne Comhairle Cathrach Chorcaí an gníomh seo chun spás sa líonadh talún a choinneáil do dhramhaíl teaghlaigh.

Cuireadh 6,911 tonna de dhramhaíl tráchtála i Láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile i 2003; níl anseo ach codán de líon iomlán dramhaíola tráchtála sa chathair. Dá bharr sin táthar ag brath go mór ar chonraitheoirí dramhaíola mar fhoinse eolais ar líon na dramhaíola tráchtála a ghintear.

Tugann eolas ón dá fhoinse (conraitheoirí dramhaíola maraon le sonraí Chomhairle Cathrach Chorcaí maidir le Láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile) le fios gur 43,972 tonna an líon iomlán de dhramhaíl tráchtála a gineadh sa chathair i 2003. Roinntear seo i rannóga éagsúla mar a thaispeántar i dTábla 6.2. thíos.

Tábla 6.2. Cóireáil ar Dhramhaíl Tráchtála

Rogha Cóireála/Diúscairt	Líon Cóirithe/Diúscartha
Curtha i líonadh talún ag Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile	6,911
Curtha i líonadh talún i gContae Chorcaí	2,389
Curtha i líonadh talún taobh amuigh de Chorcaigh ach laistigh den Stáit	12,890
Curtha thar lear	3,844
Athchúrsáil	17,938
Iomlán	**43,972**

Measann Bunachar Náisiúnta Dramhaíola an GCC gur 66,549 tonna líon na dramhaíola tráchtála a gineadh i gCathair Chorcaí i 2001. Tá seo 22,577 tonna níos mó ná an líon tugtha thuas. Is féidir cuid den difir a chur i leith na dramhaíl tráchtála a bailíodh i gContae Chorcaí agus a cuireadh i Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile i 2001 agus cuid eile den difir a chur i leith thuairiscí mí-chruinn ar líon na dramhaíola tráchtála bhailigh conraitheoirí dramhaíola i 2003.

Is dócha go bhfuil an figiúir ceart áit éigin idir an dá uimhir a luaitear. Chun críche an phleain seo, glactar leis gur 59,023 tonna[17] líon na dramhaíola tráchtála a ghintear. Is ionainn sin agus ráta 0.48 tonna in aghaidh an duine agus 1.38 tonna in aghaidh an teaghlaigh.

6.2.4. Comhdhéanamh Dramhaíola Tráchtála

Tá comhdhéanamh na dramhaíola tráchtála beartaithe ag an GCC (Bunachar Náisiúnta Dramhaíola, 2001) agus tugtar i dTábla 6.3 é. Tá líon gach ábhair a ghintear ag an earnáil tráchtála i gCathair Chorcaí ríomhtha ag baint úsáide as na sonraí don líon iomlán de dhramhaíl tráchtála bailithe i gCathair Chorcaí agus sonraí an GCC.

Tábla 6.3. Comhdhéanamh na Dramhaíola Tráchtála

Ábhar	% d'Iomlán na Dramhaíola Tráchtála (GCC, 2001)	Líon Dramhaíola Tráchtála i gCathair Chorcaí (Tonna)
Páipéar	48	28,331
Gloine	7	4,132
Plaisteach	10	5,902
Miotal	3	1,771
Teicstílí	1	590
Orgánach	21	12,395
Eile	10	5,902
Iomlán	**100**	**59,023**

6.2.5. Dramhaíl Ghlanadh Poiblí (Glanadh Sráide) agus Bruscar

Tarlaíonn an cineál seo dramhaíola mar thoradh ar ghlanadh sráideanna, boscaí bruscair, Láithreáin "Beir Leat" agus eile, agus ó oibríochtaí scuaibe (de láimh nó le h-innill) sa chathair (mar a thugtar cur síos air i rannóg 5.2.3). Bailíonn Rannóg Oibríochtaí Dramhaíola de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí an dramhaíl seo ar fad agus cuirtear i líonadh talún í ag Láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile. Bailíodh 4,156 tonna den chineál seo i 2003. Is ionainn seo agus thar ar 80 tonna in aghaidh na seachtaine nó 0.03 tonna (33.7 kg) in aghaidh an duine in aghaidh na bliana.

Is é líon na dramhaíola seo a thugtar i mBunachar Náisiúnta Dramhaíola an GCC (2001) ná 3,492 tonna; tá Comhairle Cathrach Chorcaí muiníneach, áfach, gurb ionainn an méid a cuireadh i líonadh talún i 2003 agus an líon a táirgeadh, ó tharla gurb í an Chomhairle amháin a bhailíonn an dramhaíl seo.

6.2.6 Líon Iomlán de Dhramhaíl Sholadach Cathrach a Ghintear

[17] This assumes that two-thirds of the difference between the GCC Náisiúnta Dramhaíl Database data agus the Dramhaíl Conraitheoirí data is due go inaccurate reporting by dramhaíl conraitheoirí in 2003 agus one-third of the difference is due go líonadh talún of dramhaíl tráchtála originating in the County sa chathair líonadh talún.

Agus na figiúirí thuas ar fad san áireamh - dramhaíl teaghlaigh (52,202 tonna), dramhaíl tráchtála (59,023 tonna) agus dramhaíl ó ghlanadh poiblí (4,156 tonna), is é 115,381 tonna líon iomlán measta de Dhramhaíl Sholadach Cathrach a gineadh i 2003, nó 0.94 tonna in aghaidh gach duine ag cónaí i gCathair Chorcaí.

6.3. Gineadh Dramhaíola Tionsclaíochta

D'éirigh le Réigiún Chorcaí infheistíocht a mhealladh ó líon mór de thionscail – idir náisiúnta agus idirnáisiúnta ó bhunús. Tá tromlach na tionsclaíochta lonnaithe taobh amuigh de cheantar na cathrach, áfach. Ní ghlacann Comhairle Cathrach Chorcaí le dramhaíl tionsclaíochta ar bith ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile.

Déantar dramhaíl tionsclaíochta ar bith a ghintear taobh istigh den chathair a chóireáil ar an láthair ag an gcomhlacht féin nó ar láthair eile ag conraitheoirí speisialta. Mar sin, níl aon sonraí ag Comhairle Cathrach Chorcaí ar líon na dramhaíola tionsclaíochta a ghintear sa chathair.

Is ó Bhunachar Náisiúnta Dramhaíola an GCC, 2001 a fhaightear an tuairim is fearr ar líon na dramhaíola tionsclaíochta. Tá sonraí an GCC bunaithe ar shonraí a fhaightear ó chomhlachtaí le ceadúnas IPC nó gan cheadúnas. Ansin déantar na figiúirí sin a scálú bunaithe ar líon na bhfostaithe sna hearnálacha éagsúla.

Sainmhínítear dramhaíl tionsclaíochta san hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996 agus 2001 mar dhramhaíl lena n-áirítear dramhaíl a tháirgítear nó a tharlaíonn mar thoradh ar imeachtaí déantúsaíochta nó imeachtaí nó próiséis tionsclaíochta. Rannaítear an dramhaíl seo mar dhramhaíl neamhchontúirteach nó dramhaíl chontúirteach.

6.3.1 Dramhaíl Thionsclaíochta Neamhchontúirteach

Tugtar na deich dramhaíola neamhchontúirteacha is mó i 2001 (dar le Bunachar Náisiúnta Dramhaíola an GCC, 2001) i dTábla 6.4.

Tábla 6.4. Deich dramhaíola neamhchontúirteacha tionsclaíochta is mó in Éirinn (2001)

Cód EWC	Cur síos
01 03 01	Fuílleach (ó phróiseáil fisiciúil de mhiotail)
01 03 03	Láibe dhearg ó tháirgeacht alúmana (ó phróiseáil fisiciúil de mhiotail)
01 03 99	Dramhaíola nach sainítear (ó phróiseáil fisiciúil de mhiotail)
10 01 02	Luaithreach Ghuail (ó stáisiúin ginte leictreachais agus innealra eile dóiteáin)
02 07 99	Dramhaíola nach sainítear (ó tháirgeadh dheochanna alcólacha agus neamhalcólacha, gan tae, caifé nó cócó a chur san áireamh)
03 01 02	Min sáibh (ó phróiseáil adhmaid agus táirgeadh phainéil agus troscán)
01 01 02	Dramhaíl ó mhianadóireacht de mhianraí neamh-mhiotail (ó mhianadóireacht)
02 02 02	Dramhaíl Uige Ainmhí (ó ullmhú feoil, éisc agus bia eile a thagann ó ainmhithe)
02 02 99	Dramhaíl nach sainítear (ó ullmhú feoil, éisc agus bia eile a thagann ó ainmhithe)
01 01 01	Dramhaíl ó mhianadóireacht de mhianraí miotail (ó mhianadóireacht)

Dar leis an GCC, táirgíodh 438,403 tonna de dhramhaíl neamhchontúirteach tionsclaíochta de na cineálacha a liostaítear i dTábla 6.4. i gCathair Chorcaí agus Contae Chorcaí i 2001. Chun

críche an Phlean seo agus Plean Bhainistíochta Dramhaíola Chontae Chorcaí, tá aontaithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí go dtagann ar 90% de líon iomlán na dramhaíola tionsclaíochta don réigiún ón Chontae, agus 10% ón gcathair. Mar sin, is é 43,840 tonna an líon iomlán de dhramhaíl neamhchontúirteach tionsclaíochta do Chathair Chorcaí.

6.3.2 Dramhaíl Thionsclaíochta Chontúirteach

Tugtar na deich dramhaíola chontúirteacha is mó i 2001 (dar le Bunachar Náisiúnta Dramhaíola an GCC, 2001) i dTábla 6.5.

Tábla 6.5. Deich dramhaíola chontúirteacha tionsclaíochta is mó in Éirinn (2001)

Cód EWC	Cur síos
07 05 04	Tuaslagóirí orgánach, leachtaí níocháin agus máthairlicéir (ó DFSÚ* chógaisí)
06 03 99	Dramhaíls nach sainítear (dramhshalainn agus tuaslagáin ó phróiséis cheimiceach neamhorgánach)
07 05 01	Leachtaí níocháin uiscí agus licéir eile (ó DFSÚ chógaisí)
07 05 03	Tuaslagóirí hailiginithe orgánacha leachtaí níocháin agus licéirí eile (ó DFSÚ chógaisí)
07 07 04	Tuaslagóirí orgánach, leachtaí níocháin agus máthairlicéir (ó DFSÚ cheimici agus táirgí ceimice nach sainítear)
06 02 01	Hiodrocsaíd chailciam (ó dramhaíl tuaslagáin alcaileacha ó phróiséis cheimiceach neamhorgánach)
07 05 99	Dramhaíola nach sainítear (ó DFSÚ chógaisí)
07 05 07	Dramha stile hailiginithe (ó DFSÚ chógaisí)
07 07 08	Dramha stile eile agus fuíoll (ó DFSÚ cheimici agus táirgí ceimice nach sainítear)
13 06 01	Dramhola nach sainítear
*DFSÚ = déantús, foirmliú, soláthar agus úsáid	

Dar leis an GCC, táirgíodh 115,347 tonna de dhramhaíl chontúirteach tionsclaíochta de na cineálacha a luaitear i dTábla 6.5 i gCathair Chorcaí agus i gContae Chorcaí i 2001. Arís, meastar go dtagann ar a laghad 90% den dramhaíl seo ó Chontae Chorcaí de bharr an líon ard de thionscail ceimicí agus cógaisíochta i gceantar an chuain. Mar sin, meastar thart ar 11,534 tonna a bheith mar líon iomlán de dhramhaíl chontúirteach tionsclaíochta a gineadh i gCathair Chorcaí.

6.4. Táirgeacht Dramhaíola Sloda i gCathair Chorcaí

Is iad seo a leanas na cineálacha sloda a ghintear i gCathair Chorcaí: slodaí ó chóireáil uisce dramhaíola, slodaí ó chóireáil uisce agus slodaí ó phróiséis tionsclaíochta.

6.4.1. Slodaí ó Chóireáil Uisce Dramhaíola

Bailítear agus iompraítear níos mó ná 90% d'eisilteach shéarachais ó Chathair Chorcaí tríd an bPríomh-Scéim Draenála chuig an áis chóireála dhramhuisce ag Carraig an Ghrianáin. Thóg Comhairle Cathrach Chorcaí an áis seo le socrú pháirtnéireacht phoiblí phríobháideach (Dearadh, Tógáil agus Oibriú) agus tá sé a choimisiúnú faoi láthair (Meitheamh 2004).

Eisilteach teaghlaigh is cúis le 62% den sruth (36,803 m^3), 44% den Éileamh Ceimiceach Ocsaigine (26 tonna) agus 52% de na solaid ar crochadh (25 tonna), agus is eisilteach tráchtála/próiséas atá sa fuílleach.

Tá srutha thart ar 49,000m^3 in aghaidh an lae á ghlacadh ag an áis faoi láthair. Táirgítear sloda dí-uiscithe (ábhar tirim >90%) agus uisce. Cuirtear an t-uisce amach i gCuan Chorcaí agus cuirtear an sloda dí-uiscithe ar thalamh mar leasú talún. Faoi láthair tá 8-9 tonna sloda á tháirgeadh in aghaidh an lae.

6.4.2. Slodaí ó Chóireáil Uisce

Déanann Comhairle Cathrach Chorcaí uisce ólacháin a chóireáil agus a sholáthar do Chathair Chorcaí ag na hoibreacha uisce ar Bhóthar na Laoi. Déantar soláthar ar riachtanais uile na cathrach ag pointí eastósctha ó Abhainn na Laoi ag láithreán na n-oibreacha uisce agus ó thrí cheangal le soláthar uisce de chuid na Comhairle Contae. Cuirtear an tuisce (thart ar 45,000m^3 in aghaidh an lae) trí phróiséis caighdéanach scagacháin domhantarraingthe ag na ionad (atá ag feidhmiú ar barr a chumais faoi láthair, a bheag nó a mhór) agus cuirtear na céimeanna cóireála seo a leanas i bhfeidhm air:

- Scagadh tosaigh;
- Flocasú;
- Moirtiú
- Scagachán;
- Ceartúchán pH le h-aol;
- Clóiríniú; agus
- Fluairídiú.

Táirgíonn an moirtiú agus an scagachán thart ar 4,500 m^3 de shloda iarmharach agus uisce scagacháin in aghaidh an lae, a chuirtear isteach san abhainn ina dhiaidh sin.

6.4.3. Slodaí Tionsclaíochta

Tugann an Ceadúnas GCC atá ag Láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile cead slodaí neamhchontúirteacha tionsclaíochta a chur i líonadh tallún faoi choinníollacha smachtaithe.

Níor tugadh aon slodaí tionsclaíochta do líonadh talún at the láithreán sa bhliain deiridh, áfach. Meastar anois go bhfuil na slodaí a bhíodh á dtabhairt chuig an láithreán á gcóireáil ar an láthair ag an gcomhlacht féin nó ar láthair eile ag conraitheoirí speisialta. Ar chaoi ar bith, meastar nach ngintear mórán slodaí tionsclaíochta laistigh den chathair ó tharla gur tháinig an cuid is mó den sloda a fuarthas cheana ag an líonadh talún ó thionsclaíocht suite taobh amuigh de theorainn na cathrach.

6.5. Gineadh Dramhaíola i dTógáil agus Scartáil

Dramhaíl Tógála agus Scartála (T&S) is ea dramhaíl ó thogáil, deisiú agus cothabháil, ithir thochailte, dramhaíl scartála agus dramhaíl dreidire.

Ghlac Comhairle Cathrach Chorcaí le dramhaíl T&S d'athchúrsáil ag Láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile le linn na tréimhse 1997-2002. Deineadh athchúrsáil ar thart ar

200,000 tonna dramhaíola in aghaidh na bliana le linn an ama sin. Cuireadh an t-ábhar athchúrsála ar leataobh ansin le húsáid chun an líonadh talún a athrú go páirc phoiblí. Níl an áis ag feidhmiú a thuilleadh toisc go bhfuil dóthain ábhair ag an gComhairle d'fhorbairt na páirce agus níl aon mhargadh eile don ábhar athchúrsála. Tá áis ag an gComhairle freisin d'athchúrsáil chodanna adhmaid de Dhramhaíl T&S; deineadh athchúrsáil ar thart ar 3,700 tonna adhmaid i 2003.

Tá sé deacair líon na dramhaíola T&S a ghintear i gCathair Chorcaí a mheas toisc go n-athraíonn an líon go mór ó bhliain go bliain ag brath ar méid agus cineálacha na bhforbairtí atá ar siúl sa cheantar. Don Phlean seo, meastar gur líon 500,000 tonna de dhramhaíl tógála agus scartála a ghintear i gCathair Chorcaí agus Contae Chorcaí in aghaidh na bliana agus glactar leis go dtagann thart ar 200,000 tonna den líon seo ó Chathair Chorcaí.

6.6. Dramhaíl Chontúirteach

Is iad seo na dramhaíola a bhfuil ábhair iontu a d'fhéadfadh a bheith mar:

- **Chontúirtí Gearr-théarmacha**, ar nós ghéar-thocsaineacht trí ionghabháil, ionanálú, nó ionsú craicinn, creimneacht nó contúirtí eile craicinn nó súile nó contúirtí tine nó pléascadh;
- **Chontúirtí Fad-téarmacha** lena n-áirítear tocsaineacht leanúnach ar nochtadh rialta, carcanaigineacht, friotaíocht do phróiséis díthocsainithe ar nós bith-dhíghrádú, an cumas uisce a thruailliú faoi thalamh nó ar dhromchla, nó tréithe atá gránna go h-aeisteitiúil ar nós boladh lofa.

Tá an tIonad Ghlan-Theicneolaíochta atá fostaithe ag an GCC tar éis paca a chur ar fáil le dramhaíl chontúirteach a aithint.

Tá ranna éagsúla ann d'ábhar chontúirteach dramhaíola – is iad seo leanas na cinn is tábhachtaí:

1. *Dramhaíl Chontúirteach Tionsclaíochta* (ar nós tuaslagóirí clóirínithe, uisce dramhaíola ó tháirgeacht chógaisí agus dramhaíl le miotal). Déantar tromlach na dramhaíola seo a chóireáil, a dhiúscairt nó a tharrtháil ar an láthair (ag an ngineadóir) agus déantar cóireáil ar an gcuid eile ag speisialtóirí sa tír seo nó thar lear.

Déantar an GCC na comhlachtaí móra tionsclaíochta sa tír seo cheadú agus a mhonatóiriú - ní na húdaráis áitiúla. Éilíonn an córas seo (ar a dtugtar an ceadúnas IPC) go dtugann na comhlachtaí mion-staitisticí chuig an GCC ar a gcuid dramhaíola. Tá seacht dtionscal sa chathair agus ceadúnas IPC acu – *Fronville Ltd*. ar Bhóthar Chionn tSáile, *Dulux Paints Ltd*. ar Bhóthar na gCoimíní, *Millfield Textiles* sa Linn Dubh, *Beamish and Crawford plc.* ar an bPhríomhshráid Theas, *Galcan Ltd*. ar Bhóthar na Trá Móire, *Heineken Ireland Ltd*, agus an *Bord Soláthar Leictreachais* ar Bhóthar na Lárpháirce.

Tá cead pleanála faighte ag Indaver Ireland Ltd. loisceoir a thógáil ag Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí. Beidh cumas 100,000 tonna/bhliain ag an loisceoir agus glacfaidh sé le dramhaíl chontúirteach agus neamhchontúirteach. Maíonn Indaver Ireland Ltd. gur cheart an loisceoir a shuíomh ag Rinn an Scidígh toisc go ngintear thart ar 60% de líon

iomlán de dhramhaíl chontúirteach na hÉireann i gCorcaigh. Nuair a bheidh an loisceoir ag obair, ginfear suas go 37,000 tonna de luaithrigh in aghaidh na bliana. Measann Indaver go ndéanfar codán suntasach de seo a tharrtháil agus a athchúrsáil do thionscal na tógála.

2. *Dramhaíl Cathrach Chontúirteach* – ina bhfuil *Dramhaíl tráchtála chontúirteach* (ar nós cadhnraí agus dramhola ó imeachtaí cothabhála d'fheithicil, agus aispeist ó scartáil shean-fhoirgneamh) agus *Dramhaíl teaghlaigh chontúirteach* (lena n-áirítear ábhair ar nós cadhnraí, dramhaíl phéint, ola, glóthach, cógaisí, agus bleibíní solais (a bhfuil mearcair iontu)). Meastar nach bhfuil ann ach thart ar 1% d'iomlán na dramhaíola cathrach, ach caithfear í a dhiúscairt go cúramach. Meastar gur táirgeadh thart ar 1,100 tonna de dhramhaíl chontúirteach sna hearnálacha teaghlaigh/gnó i gCathair Chorcaí i 2003.

Tá Comhairle na Cathrach ag soláthar bailiúchán de Dhramhaíl Teaghlaigh Chontúirteach i gcomhpháirt le Comhairle Contae Chorcaí agus Cara Environmental agus lucht a mhaoinithe (Eli Lilly, Glaxo Smithkline, Janssen Pharmaceutical Ltd., Pfizer Éirinn Pharmaceuticals agus Schering Plough Co). Glacann an bailiúchán le dramhaí chontúirteach ar nós cadhnraí, sean-chógaisí, paeint, luibhicídí agus feithidicídí, soilse fluaraiseacha, srl. Is d'earnáil an teaghlaigh amháin a chuirtear ar fáil é.

3. *Ithir Thruaillithe* – a tháirgítear ó dhíthruailliú thailte tionsclaíochta. Brathann na héillitheoirí san ithir ar an imeacht a bhíodh ann – mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh láithreán de shean-scaglann ola truaillithe le hola scagtha agus neamhscagtha.

6.7. Tosaíochtaí do Sruthanna Dramhaíola

Bunaíodh clár an AE do Thosaíochtaí do Sruthanna Dramhaíola i 1991, ag ainmniú sruthanna áirithe dramhaíola a bhfuil gníomhartha speisialta dírithe orthu sa Chomhphobail. Is iad seo a leanas na sruthanna dramhaíola sin:

- Dramhaíl i dTógáil agus Scartáil;
- Dramhaíl Threalamh Leictreach agus Leictreonach;
- Feithiclí iomarcacha;
- Boinn;
- Cadhnraí;
- Dramhola;
- PCBanna; agus
- Dramhaíl pacáistíochta.

Déantar gach ceann de na sruthanna seo a mheas san h-ailt thíos.

6.7.1. Dramhaíl i dTógáil agus Scartáil

Pléadh an sruth dramhaíola seo i rannóg 6.5. Meastar go bhfuil thart ar 200,000 tonna de dhramhaíl ó thógáil agus scartáil i gCathair Chorcaí in aghaidh na bliana.

6.7.2 Trealamh Leictreach agus Leictreonach

Clúdaítear réimse leathan de threalamh leictreach anseo – mar shampla, cuisneoirí, reoiteoirí, soirn, teilifíseáin, ríomhairí, uirlisí leictreacha, uirlisí mhonatóireachta agus smachtaithe agus mar sin de. Miotail, gloine agus plaisteach atá iontu, don chuid is mó. Measann Bunachar Náisiúnta Dramhaíola an GCC (2001) go ngintear idir 9 agus 18 kg in aghaidh an duine in aghaidh na bliana de Dhramhaíl Threalamh Leictreach agus Leictreonach (tá an figiúir ag brath ar an mhodheolaíocht a úsáidtear chun an líon a ríomh).

Chomh maith leis na h-áiseanna a chuireann Comhairle Cathrach Chorcaí ar fáil don earnáil teaghlaigh, tá áiseanna i gCathair Chorcaí do Dhramhaíl Threalamh Leictreach agus Leictreonach ón earnáil tráchtála (rannóg 5.4.3). Tá cumas thart ar 1250 tonna (gan miotal a chur san áireamh) ag na háiseanna seo.

6.7.3. Feithiclí Iomarcacha

Deir Bunachar Náisiúnta Dramhaíola an GCC (2001) gur gineadh 155,094 feithiclí iomarcacha (ELVanna) in Éirinn i 2001. Toisc go bhfuil thart ar 3.14% de dhaonra na tíre i gCathair Chorcaí, meastar gur gineadh thart ar 4,869 ELVanna i gCathair Chorcaí i 2001.

Cruach agus alúmanam is ea thart ar 75% de mheáchan an ghnáth-ELV - is féidir an cuid is mó de sin a athchúrsáil.

Tá moltaí suntasacha sa Treoir ar ELVanna (2000/53/EC), a foilsíodh Deireadh Fómhair 2000, lena n-áirítear gníomhartha dírithe ar

(a) a chinntiú go mbunaítear córais do bhailiúchán ELVanna saor ó chostas don cheannaitheoir,

(b) a chinntiú go ndéantar gach ELV a bhailítear a bhriseadh agus a tarrtháil ar bhealach nach gcruthaíonn truailliú,

(c) dramhaíl ó fheithiclí a chosc,

(d) rátaí tarrthála agus athchúrsála ELVanna agus a gcodanna a mhéadú, agus

(e) laghdú ar úsáid ábhar contúirteach i bhfeithiclí.

Leagann an Treoir amach spriocanna ar leith maidir le h-athúsáid, athchúrsáil agus tarrtháil ar fheithiclí iomarcacha. Is iad seo:

1) Faoi 1 Eanáir 2006, go méadófar athúsáid agus tarrtháil ar chodanna na bhfeithiclí iomarcacha go 85% ar a laghad agus athúsáid agus athchúrsáil a mhéadú go 80%, bunaithe ar mheán-mheáchan an fheithicil. Do fheithiclí a deineadh roimh 1 Eanáir 1980, is féidir leis na Ballstáit spriocanna níos ísle a leagadh síos, ach ní féidir sprioc níos ísle ná 75% a leagadh síos d'athúsáid agus tarrtháil agus 70% d'athúsáid agus athchúrsáil.

2) Faoi 1 Eanáir, 2015, méadófar athúsáid agus tarrtháil go 95% ar a laghad, agus athúsáid agus athchúrsáil go 85% ar a laghad.

Tar éis ghlacadh foirmeálta leis an dTreoir, Deireadh Fómhair 2000, tá comhaontú ag an Roinn Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le SIMI, Irish Motor Vehicle Recyclers' Association (IMVRA), Metal Merchants Association of Ireland (MMAI) agus dreamanna eile chun togra a fhorbairt maidir le ELV-anna.

6.7.4. Dramhaíl Boinn

Measann Bunachar Náisiúnta Dramhaíola an GCC gur gineadh 34,394 tonna de dhramhaíl boinn i 2001. Boinn ghluaisteáin ab ea 52% den líon iomlán seo, agus an fuílleach ag teacht ó bhusanna, lorraithe, eitleáin, gluaisrothair, rothair agus foinsí eile.

Bunaithe ar chodáin daonra, mar sin, glactar leis go ngintear 1,079 tonna de dhramhaíl boinn i gCathair Chorcaí. Ní bhailíonn Comhairle Cathrach Chorcaí dramhaíl boinn ag an Láithreán Áiseanna Cathartha. Tá áis amháin ann chun gluaisteáin a bhriseadh, (Gerlan Cars & Parts), a bhfuil ceadúnas aige 300 tonna a athchúrsáil agus 50 tonna a dhiúscairt in aghaidh na bliana.

6.7.5. Dramhaíl Cadhnraí

Tá dhá phríomh-chineál de chadhnraí ann: cadhnraí luaidh-aigéid agus cadhnraí (beaga) eile. Baintear úsáid as cadhnraí luaidh-aigéid mar chadhnraí i bhfeithiclí de ghnáth agus rannaítear mar dhramhaíl chontúirteach iad. Ní dhéantar aon athchúrsáil ar chadhnraí luaidh-aigéid in Éirinn agus cuirtear thar lear gach cadhnra luaidh-aigéid a bhailíonn conraitheoirí údaraithe. Deir Bunachar Náisiúnta Dramhaíola an GCC gur cuireadh 7,479 tonna de chadhnraí luaidh-aigéid thar lear d'athchúrsáil i 2001 agus measann sé go raibh 7,146 tonna sa bhreis nach raibh aon tuairisc orthu. Meastar go ngintear 459 tonna de chadhnraí luaidh-aigéid i gCathair Chorcaí.

Tá dhá áis phríobháideach ann le ceadúnas glacadh le cadhnraí luaidh-aigéid; National Recycling (500 tonna) agus Gerlan Car & Parts (30 cadhnra).

6.7.6. Olaí Dramhaíola

Deir Bunachar Náisiúnta Dramhaíola an GCC (2001) gur bailíodh 23,997 tonna d'olaí dramhaíola do phróiseáil ar fud na hÉireann i 2001. Deirtear gur deineadh cóireáil ar 76 tonna den iomlán san áit inar gineadh é, deineadh cóireáil ar 23,343 tonna ag áiseanna in Éirinn agus cuireadh 579 tonna thar lear. Tá muinín ag an GCC gur deineadh tuairisc ar ghineadh iomlán d'olaí dramhaíola i 2001.

Meastar (ar bhonn daonra) gur gineadh 753 tonna d'olaí dramhaíola i gCathair Chorcaí i 2001. Glacann Comhairle Cathrach Chorcaí le h-olaí dramhaíola ó theaghlaigh ag earnáil ag Láithreán Áiseanna Cathartha Bhóthar Chionn tSáile. Bailítear 20,000 líotar in aghaidh na bliana.

6.7.7. Dramhaíl Pacáistíochta

Tugtar an sainmhíniú seo a leanas ar dhramhaíl pacáistíochta sna hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996 agus 2001: aon ábhar, árthach nó clúdach a úsáidtear i dtaca le coinneáil,

iompar, láimhseáil, cosaint, bolscaireacht, margaíocht nó díol de tháirge nó ábhar ar bith. Rannaítear nithe ar nós buidéil ghloine, clúdaigh phlaisteacha, clúdaigh bia, cannaí alúmanam agus pailléid adhmaid mar phacáistíocht.

De réir Bhunachar Náisiúnta Dramhaíola an GCC, gineadh 892,917 tonna de dhramhaíl pacáistíochta in Éirinn i 2001.

Leagtar spriocanna náisiúnta agus AE amach do tharrtháil de dhramhaíl pacáistíochta i dTreoir Pacáistíochta de chuid an AE. Togra deonach tionsclaíochta is ea Repak a bunaíodh chun spriocanna tarrthála a bhaint amach mar seo a leanas: 25% faoi 2001, 50% faoi 2005 agus 60% faoi 2011. Measann Repak go mbainfear amach an sprioc tarrthála de 50% faoi dheireadh 2005.

6.8 Sruthanna Dramhaíola Ilghnéitheacha

6.8.1. Dramhaíl Chúram Sláinte

Bailíonn Sterile Technologies Ireland (STI) dramhaíl chúram sláinte ó Bhord Sláinte and Deiscirt, agus déanann STI í a iompar agus a dhiúscairt. Déanann STI an dramhaíl chontúirteach ar fad (ach amháin dramhaíl atá "eisiata") a chóireáil le tuaslagán fochlóirít sóidiam agus gal. Déantar an dramhaíl a dhiúscairt ansin i láithreán líonta talún taobh amuigh de Chorcaigh a bhfuil ceadúnas aige glacadh le dramhaíl sláinte chóireáilte. Cuirtear dramhaíl "eisiata" (m.sh. cógaisí) thar lear chun iad a loscadh.

Bailítear 846 tonna in aghaidh na bliana ó Cathair Chorcaí (Tábla 6.6). Ba chóir a lua go dtagraíonn na figiúirí a thugtar i dTábla 6.6. d'ospidéil amháin agus nach mbaineann siad le dramhaíl ó ionaid sláinte, oifigí dhochtúirí srl. (cé gur féidir leis na dreamanna seo a gcuid dramhaíola sláinte a thabhairt chuig an ospidéal áitiúil).

Tábla 6.6. Dramhaíl Chúram Sláinte i gCathair Chorcaí

Ospidéal/Eagras	Líon a ghintear tonna
Ospidéal Ollscoile Chorcaí	448
Ospidéal Naomh Fionnbarra	115
Ospidéal na Trócaire	112
Ospidéil Otharlann Theas/Victoria	56
Seirbhís Fuilaistriúcháin	45
Ospidéal Erinville	33
Naomh Muire, Ortaipéideach	29
COPE Cnoc an Chuilinn	5
COPE Baile na mBocht	3
IOMLÁN	**846**

6.9. Achoimre ar Ghineadh Dramhaíola i gCathair Chorcaí

6.9.1. Táirgeacht Iomlán Dramhaíola

Pléadh sruthanna dramhaíola éagsúla go mion san hailt thuas. De ghnáth bíonn sruthanna áirithe dramhaíola, ar nós na sruthanna a bhfuil tosaíocht acu, ina bhfothacair de shruthanna níos mó agus ní chlúdófar sna figiúirí iomlána iad - ar an gcaoi sin seachnófar (ríomh dúbailte de shonraí).

Meastar gur gineadh thart ar 370,755 tonna dramhaíola i gCathair Chorcaí sa bhliain 2003 (ionainn agus 3 tonna dramhaíola in aghaidh gach aon duine sa chathair). Is iad seo a leanas na codanna is mó den iomlán seo:

- Dramhaíl Sholadach Cathrach - 115,381 tonna
- Dramhaíl Tionsclaíochta – 55,374 tonna
- Dramhaíl Tógála agus Scartála – 200,000 tonna

7. LAGHDÚ AGUS TARRTHÁIL DRAMHAÍOLA I GCATHAIR CHORCAÍ

7.1. Réamhrá

Taispeánann polasaí Eorpach agus náisiúnta do bhainistíocht dramhaíola gurb é líonadh talún an modh is lú a mholtar chun plé le dramhaíl. In ainneoin sin, tá infreastruchtúr agus córais náisiúnta agus áitiúil do bhainistíocht dramhaíola ag brath go mór ar líonadh talún.

Caithfidh go mbeadh cosc agus laghdú na dramhaíola ag dul go líonadh talún mar phríomhaidhm ag Plean Bainistíochta Dramhaíola ar bith, sa chaoi is go dtarlódh na rudaí seo a leanas:

- Treoir an AE do Líonadh Talún a chomhlíonadh;
- Spriocanna náisiúnta athchúrsála a chomhlíonadh;
- Laghdú ar bhagairt timpeallachta a dhéanann líonadh talún;
- Laghdú ar chostais do bhainistíocht dramhaíola;
- Laghdú ar an riachtanas do líonadh talún nua agus méadú ar shaol líonadh talún atá ann faoi láthair, agus
- Bunábhair agus acmhainní nádúrtha a chaomhnú.

Dúthshlán atá ann líon na dramhaíola a chuirtear go líonadh talún a laghdú. Is féidir aghaidh a thabhairt ar an dúthshlán seo le córas bainistíochta dramhaíola atá bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

1) Cosc agus laghdú sa ghineadh dramhaíola;
2) Soláthar d'infreastruchtúr athchúrsála;
3) Bailiúchán scartha ag an bhfoinse de chodanna inathchúrsála de dhramhaíl cathrach;
4) Scagadh lárnach d'earraí inathchúrsála ó dhramhaíl mheasctha.

7.2. Cosc agus Laghdú ar Ghineadh Dramhaíola

Beidh tionchar ag gníomhartha do chosc agus laghdú ar líon na dramhaíola a ghintear, agus freisin ar chaighdeán na dtáirgí dramhaíola toisc go n-úsáidfear níos lú codanna contúirteacha agus níos mó codanna inathchúrsála i dtáirgí.

Cuireann Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola 1995 a ghlac an Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí an cosc ar dhramhaíl chun tosaigh. Is iad seo a leanas na gníomhartha a dhéanfar chun an aidhm seo a bhaint amach:

- Feachtais fógraíochta/oideachais chun an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas maidir le buntáistí a bhaineann le cosc agus laghdú agus na modhanna is féidir a úsáid chun dramhaíl a chosc agus a laghdú sa bhaile, oifig, láthair oibre srl. Tá dul chun cinn déanta anseo le foilsiú Nuachtlitir (Nuacht 20/20), feachtais fógraíochta, cláir do scoileanna srl.

- Gníomhartha do chosc agus laghdú a chur san áireamh nuair a thugtar cead pleanála agus ceadúnais d'imeachtaí tionsclaíochta, mar atá as siúl faoi láthair. Tá cur i bhfeidhm na gcoinníollacha pleanála éascaithe toisc gur cuireadh nithe áirithe a bhaineann le bainistíocht dramhaíola i bPlean Forbartha Chathair Chorcaí.
- Soláthar de chórais do bhainistíocht chomhshaoil d'fhiontair tionsclaíochta agus tráchtála.
- Sruthanna áirithe de dhramhaíl inathchúrsála a chosc ó líonadh talún. Níor cuireadh cosc ó líonadh talún ach ar na sruthanna sin a bhfuil margaí inrochtana athchúrsála ann dóibh.
- Cuótaí nó cosc iomlán ar dhramhaíl tráchtála. Deineadh seo chun spás luachmhar i líonadh talún a choinneáil do dhramhaíl teaghlaigh (an t-aon sruth dramhaíola a bhfuil dualgas reachtúil ag na húdaráis áitiúla ina leith). Tarlaíonn laghdú suntasach ar líon na dramhaíola a chuirtear i líonadh talún go háitiúil ach is féidir nach bhfuil an tionchar céanna ann ar líon na dramhaíola a ghintear.
- Scéimeanna "íoc mar a úsáidtear" a sholáthar. Tá an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tar éis 1 Eanáir 2005 a chur mar sprioc chun an t-athrú náisiúnta go córas "íoc mar a úsáidtear" a bheith críochnaithe. Is féidir córas a bheith bunaithe ar mhodheolaíocht "íoc de réir mheáchain" nó "íoc as gach bailiúchán".

7.3. Infreastruchtúr Athchúrsála a Sholáthar

Tá athchúrsáil dramhaíola ar cheann de na modhanna is soiléire chun líonadh talún a laghdú. Caithfear athchúrsáil a bheith inrochtana dos na hearnálacha éagsúla agus é a bheith chomh tarraingtheach le líonadh talún (nó níos mó) ó thaobh eacnamaíochta de. Brathann seo ar an gcaoi ina ghníomhann na céimeanna seo a leanas lena chéile:

1. Bailiúchán agus iompar na dramhaíola;
2. Scagadh agus glanadh na dramhaíola;
3. Próiseáil na dramhaíola glanta chun ábhair agus táirgí a fháil; agus
4. Margaíocht ar na táirgí sin.

Tá uasmhéadú na rátaí athchúrsála ag brath ar sholáthar d'infreastruchtúr inrochtana. Sa ghnáth-infreastruchtúr athchúrsála bíonn Láithreáin "Beir Leat", Láithreáin Áiseanna Cathartha agus áiseanna speisialta athchúrsála chun earraí ar leith a athchúrsáil.

7.3.1. Láithreáin "Beir Leat":

Láithreán "Beir Leat" is ea ceantar leactha a chuireann áiseanna ar fáil do bhailiúchán d'ábhar áirithe ar nós gloine, cannaí, teicstílí, páipéar agus plaisteach. Go hiondúil cuirtear na láithreáin "Beir Leat" ag suíomhanna lárnacha, ar nós lárionaid siopadóireachta, agus is féidir aonad amháin a bheith iontu d'ábhar amháin ar nós gloine, nó bailiúchán d/aonaid d'ábhair éagsúla.

Tá 41 Láithreáin "Beir Leat" i gCathair Chorcaí, is ionainn sin agus ráta 1 láithreán do gach 3,000 duine. Tógadh thart ar 10 gcinn díobh seo le linn 2003 le cuidiú ón Scéim Deontais d'Infreastruchtúr Bhainistiú Dramhaíola. Bailíodh 2,400 tonna d'ábhar ag Láithreáin "Beir Leat" i gCathair Chorcaí le linn 2003.

Bíonn fadhbanna ag baint le tógáil agus cothabháil na Láithreán "Beir Leat" i gCathair Chorcaí mar seo a leanas:

(f) *Pobal ag cur i gcoinne suíomh Láithreáin "Beir Leat"* – Cé go bhfuil éileamh ón phobal do mhéadú ar líon na láithreán "Beir Leat" agus Láithreáin Áiseanna Cathartha agus éilíonn daoine go mbeidís suite chomh h-áisiúil agus is féidir, ní ghlacann cónaitheoirí leo ina gceantar féin. Is minic go dtagann na húdaráis áitiúla ar an dearcadh seo "not in my back yard" (NIMBY) agus iad ag iarraidh teacht ar láithreáin d'infreastruchtúr bhainistíocht dramhaíola.

(g) *Loitiméireacht agus bruscar ag láithreáin* – Tarlaíonn loitiméireacht ag uimhir shuntasach de Láithreáin "Beir Leat" sa réigiún. Áirítear dó na ngabhdán, iad a chaitheamh amach ar na bóithre, carr-chlósanna nó ceantair ghlasa, iad a loit agus glasanna a bhriseadh. Tá fadhbanna eile ann ar nós ábhair neamh-inathchúrsála á gcur san boscaí, earraí á bhfágáil i málaí nó boscaí, agus bruscar á fhágáil timpeall ar na Láithreáin "Beir Leat". Gné eile is ea mí-úsáid na áiseanna ag an earnáil tráchtála (cuirtear na Láithreáin "Beir Leat" ar fáil don earnáil teaghlaigh amháin). Tá sé deacair na fadhbanna seo a réiteach gan tacaíocht chuí ó reachtaíocht. Mar sin, tá fodhlithe á ndréachtadh faoi láthair ag Comhairle Cathrach Chorcaí chun na fadhbanna seo a réiteach agus an dlí a chur ar dhaoine a bhaineann mí-úsáid as na háiseanna.

(h) *Costas Láithreáin "Beir Leat" a thógáil* – D'íoc Comhairle Cathrach Chorcaí an cuid is mó de chostais Láithreáin "Beir Leat" i gCathair Chorcaí, le cúnamh airgid ón rialtas agus ó Repak le linn 2003. The fás ga teacht ar mhaoiniú de Láithreán "Beir Leat" ag an earnáil phríobháideach toisc go mbíonn coinníollacha pleanála á lorg i bhforbairtí áirithe sa réigiún (m.sh. lárionaid siopadóireachta). Tá an ghluaiseacht seo éascaithe ó cuireadh isteach an t-alt seo a leanas i bPlean Forbartha na Cathrach: "*Láithreáin "Beir Leat": Tá sé beartaithe líon na Láithreán "Beir Leat" a mhéadú, áit ar féidir leis an bpobal a gcuid dramhaíl teaghlaigh inathchúrsála a thabhairt, faoi réir na Straitéise um Athchúrsáil Dramhaíola agus chomh maith leis sin leathnú ar réimse na n-ábhar a ghlacfar ag na láithreáin seo. De ghnáth glactar ábhair ar nós gloine, páipéar, teicstílí agus cannaí. Tá 30 láithreán ag Comhairle na Cathrach faoi láthair agus é mar aidhm 1 láithreán in aghaidh 1000 daonra a bheith ann le linn tréimhse an Phleain. Tá sé beartaithe go mbeadh sé mar choinníoll pleanála ag forbairtí móra tráchtála, tithíochta agus measctha áit agus infreastruchtúr a sholáthar laistigh den fhorbairt a cheadóidh 'Láithreán "Beir Leat"' agus socruithe bainistíochta a bhunú do láithreáin dá leithéid.*"

(i) *Costas cothabhála Láithreáin "Beir Leat"* Mar thoradh ar na fadhbanna a luaitear in alt (b) thuas bíonn ualach airgeadais ar údaráis áitiúla maidir le cothabháil ar na láithreáin, boscaí a dheisiú nó cinn nua a sholáthar, boscaí agus láithreáin a ní, bruscar a bhailiú agus reachtaíocht maidir le truailliú a chur i bhfeidhm. Tá an chothabháil seo tábhachtach toisc go bhfuil sé riachtanach go bhfeicfidh an pobal gur rogha maith é ó thaobh freagrachtaí chomhshaoil. Tá ball den fhoireann fostaithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí, le trealamh glantóireachta, atá freagrach as cothabháil agus glanadh na Láithreán "Beir Leat". Costas

reatha atá ann don Chomhairle agus tá maoiniú do chuid dó faighte ón gCiste Chomhshaoil le blianta beaga anuas (2003-2004).

(j) *Costas seirbhíse na Láithreán "Beir Leat"* – Go minic ceapann an pobal go bhfuil athchúrsáil saor in aisce. Íocann údaráis áitiúla lucht athchúrsála chun na gabhdáin d'ábhair inathchúrsála ag Láithreáin "Beir Leat" a sholáthar agus a sheirbhísiú; eisceacht is ea na cannaí alúmanam agus na teicstílí a bhailíonn lucht athchúrsála saor ó tháille. Íocann údaráis áitiúla lucht athchúrsála as bailiúchán na n-earraí eile inathchúrsála ar fad (m.sh. páipéar agus cairtchlár, gloine, cadhnraí, plaisteacha, miotail, earraí bána, srl.). Brathann an praghas ar phraghas an mhargaidh an ábhair atá á bhailiú. Faigheann údaráis áitiúla fóirdheontas ó Repak maidir le cairtchlár a bhailítear ach déantar gach ábhar eile a athchúrsáil ar chostas an údaráis.

Chomh maith le méadú ar sholáthar áiseanna athchúrsála, déanann Comhairle na Cathrach iarracht an t-infreastruchtúr athchúrsála a leathnú trí cur leis an réimse d'ábhair a nglactar leo ag na háiseanna seo. Faoi láthair glacann gach Láithreán "Beir Leat" le gloine agus cannaí alúmanam, glacann cuid díobh le páipéar, cairtchlár agus plaisteach freisin, agus glacann cuid bheag díobh le cadhnraí. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar ghlacadh na n-ábhar seo ag na láithreáin toisc go bhfuil sé i gceist ag Comhairle Cathrach Chorcaí bailiúchán ar thaobh an bhóthair a chur i bhfeidhm do raon earraí tirime inathchúrsála i bhfómhar na bliana 2004.

7.3.2. Láithreáin Áiseanna Cathartha

Séard is Láithreán Áiseanna Cathartha ann ná, go bunúsach, Láithreán "Beir Leat" a ghlacann le raon níos leithne d'ábhair athchúrsála agus a oibrítear faoi coinníollacha dochta. Faoi láthair tá Comhairle Cathrach Chorcaí i mbun Láithreáin Áiseanna Cathartha amháin atá suite ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile. Láithreán Áiseanna Cathartha den scoth atá ann, le foireann de thriúr ann le linn na n-uaireanta oscailte (8.00 r..n. - 3.45 i.n. Luan go hAoine, 8.00 r.n. - 12.45 i.n. Satharn).

Glactar leis na hábhair seo a leanas d'athchúrsáil: gloine, cannaí alúmanam, páipéar agus cairtchlár, teilifíseáin, ríomhairí, plaisteach, cannaí stáin, olaí dramhaíola, cadhnraí, miotail mheasctha, dramhaíl ghlas, dramhaíl adhmaid agus earraí bána. Leathnaítear ar an raon sin de réir mar a thagann margaí nua athchúrsála ar an saol.

Tá sé d'aidhm ag Comhairle Cathrach Chorcaí dhá Láithreán Áiseanna Cathartha a sholáthar sa chathair (ceann ó dheas agus ceann ó thuaidh). Tá suíomh áisiúil aimsithe do Láithreán Áiseanna Cathartha ag Crosaire na dTincéirí i mBaile na mBocht ar an dtaobh ó thuaidh den chathair. Tá sé beartaithe áis fhálaithe a thógáil ar an suíomh seo atá thart 1.1 Heicteár in achar. Beidh bealach isteach chuig an láithreán ón gCuarbhóthar Thuaidh agus an bealach amach ag Sean-Bhóthar Eochaille, ag brath ar chead ó Rannóg na mBóithre i gComhairle na Cathrach. Glacfaidh an áis seo le réimse d'ábhair athchúrsála ó lucht teaghlaigh amháin: earraí ar nós gloine, páipéar, cairtchlár, cannaí, earraí bána, teilifíseáin, earraí leictreacha srl. is féidir an réimse sin a leathnú de réir mar a thagann margaí nua athchúrsála ar an saol. Tá léarscáil de shuíomh an láithreán ag Aguisín 3. Beidh costas thart ar €2 m. chun an áis seo a fhorbairt agus cuirfear iarratas ar mhaoiniú chuig an RCORA ag an am chuí.

7.3.3. Tograí Athchúrsála Chomhairle Cathrach Chorcaí

Bíonn méid áirithe de thograí athchúrsála ar bun ag Comhairle Cathrach Chorcaí ina ceantar riaracháin ó am go h-am, mar seo a leanas:

(a) *Athchúrsáil ar Chrainn Nollag* – gach bliain socraíonn Comhairle Cathrach Chorcaí crainn Nollag a thógáil ón bpobal ag láithreáin éagsúla ar fud na cathrach le linn mhí Eanáir. Déantar na crainn a athchúrsáil ag an áis mhúirínithe lonnaithe ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile. Déantar athchúrsáil ar thart ar 85 tonna (thart ar 20,000 crann).

(b) *Díolachán de Bhoscaí Mhúirínithe* – Tugann Comhairle Cathrach Chorcaí fóirdheontas chun boscaí mhúirínithe a dhíol phobal i gcoitinne ó am go h-am. De ghnáth díoltar iad agus ócáidí eile ar bun (m.sh. seachtainí feasachta chomhshaoil). Tá Comhairle Cathrach Chorcaí ag smaoineamh ar na boscaí seo a dhíol ar bhonn leanúnach ó shuíomh laistigh den chathair agus ag ráta íslithe.

(c) *Tograí athchúrsála do scoileanna* – Iarrann scoileanna go rialta ar Chomhairle Cathrach Chorcaí athchúrsáil a sholáthar nó cuidiú léi i scoileanna. Tá tromlach na scoileanna i gCathair Chorcaí páirteach i gcur i bhfeidhm de phleananna chomhshaoil a bhfuil tograí athchúrsála mar chuid lárnach díobh. Déanann Comhairle Cathrach Chorcaí gach iarracht cuidiú leis na scoileanna sa mhéid agus is féidir laistigh de shrianta an bhuiséid. Cuidíonn Comhairle Cathrach Chorcaí le soláthar de bhoscaí athchúrsála i líon áirithe scoileanna ar fud na cathrach. Freisin, tá boscaí mhúirínithe agus boscaí d'athchúrsáil chadhnraí curtha ar fáil dos na bunscoileanna uilig sa chathair.

7.3.4. Áiseanna Speisialta Athchúrsála

Tá líon áirithe d'áiseanna athchúrsála curtha ar fáil d'athchúrsáil ar dhramhaíl speisialta i gCathair Chorcaí. Tógadh iad seo le comhaontú idir Chomhairle na Cathrach agus páirtnéir príobháideach.

Seo iad na háiseanna a cuireadh ar fáil:

(a) *Áis Tarrthála Dramhaíola Tógála agus Scartála* – Bunaíodh an áis seo ag Láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile i bpáirtnéireacht le Loftus Civil Engineering Ltd. Ghlac Comhairle na Cathrach le dramhaíl tógála agus scartála d'athchúrsáil ag Láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile le linn na tréimhse 1997-2002. Deineadh athchúrsáil ar thart ar 200,000 tonna de dhramhaíl in aghaidh na bliana le linn an ama sin. Cuireadh an t-ábhar athchúrsála ar leataobh ansin le húsáid chun an líonadh talún a athrú ina pháirc phoiblí. Níl an áis ag feidhmiú a thuilleadh ó tharla go bhfuil go leor ábhair ag an gComhairle d'fhorbairt na páirce agus níl aon mhargadh eile don ábhar athchúrsála.

Tá ceadúnas GCC faighte ag Comhairle na Cathrach le cairéal taobh istigh dá ceantar riaracháin a líonadh isteach (Cairéal Beaumont, Baile an Locha) le 250,000 tonna de dhramhaíl tógála agus scartála i sean-chairéal thar tréimhse dhá bhliain. Beifear in ann páirc phoiblí a fhorbairt ag an láithreán. Tá Comhairle Cathrach Chorcaí ag lorg tairiscintí faoi láthair ó chomhlachtaí príobháideacha chun an áis seo a oibriú.

(b) *Áis Tarrthála do Dhramhaíl Ghlas* – Faoi láthair tá áis athchúrsála do dhramhaíl ghlas ag Comhairle Cathrach Chorcaí ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile i bpáirtnéireacht le comhlacht príobháideach (CTO Environmental Solutions Ltd.). Glacann an áis seo le dramhaíl ghlas (gháirdín) ó chonraitheoirí garraíodóireachta agus earnáil an teaghlaigh ar chostas €75 in aghaidh an tonna (2004). Déantar an dramhaíl a mhionstialladh agus a mhúiríniú. Baintear úsáid as an mhúirín (a tháirgítear thar tréimhse ocht seachtainí) mar leasú talún chun an láithreán líonta talún a athrú ina pháirc phoiblí. Rinne an áis athchúrsáil ar thart ar 950 tonna de dhramhaíl ghlas i 2003.

(c) *Áis Tarrthála do Dhramhaíl Adhmaid* – Chomh maith leis sin tá áis athchúrsála do dhramhaíl adhmaid ag Comhairle Cathrach Chorcaí ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile i bpáirtnéireacht le CTO Environmental Solutions Ltd. Glactar leis an dramhaíl adhmaid ó earnálacha tráchtála agus teaghlaigh ar chostas €60 in aghaidh an tonna (2004). Déantar an t-adhmad a mhionstialladh ar an láithreán agus a iompar go háit eile lena úsáid chun snáthchlár a dhéanamh nó mar bhreosla. Rinne an áis athchúrsáil ar thart ar 3,700 tonna adhmaid i 2003.

7.3.5. Bailiúchán Scartha ag Foinse de Chomhbhaill Inathchúrsála

Modh is ea an bailiúchán scartha ag foinse de chomhbhaill inathchúrsála atá in úsáid níos minicí de réir a chéile chun laghdú ar líon na dramhaíola ag dul go líonadh talún agus chun rátaí athchúrsála a mhéadú agus cuidiú le comhlíonadh na Treorach do Líonadh Talún agus an Straitéis Náisiúnta do Dhramhaíl Bhith-indíghrádaithe. Tá roinnt scéimeanna den tsórt seo curtha i bhfeidhm i gCathair Chorcaí, lena n-áirítear:

(a) *Bailiúchán páipéar agus cairtchlár tráchtála* - Cuireann Comhairle Cathrach Chorcaí bailiúchán de pháipéar agus cairtchlár ar fáil i gcomhpháirt le bailitheoir príobháideach (Cork Recycling Co.). Faoin scéim seo, díoltar málaí speisialta chuig na custaiméirí, a líonann iad le páipéar agus cairtchlár. Bailíonn an bailitheoir príobháideach na málaí agus tugtar chuig áis bhainistíocht dramhaíola áit a dhéantar iad a scagadh agus a chur i gcarnáin sul gcuirtear chuig áis athchúrsála iad. Thosaigh an scéim i lár na cathrach ach d'éirigh chomh maith leis san earnáil tráchtála agus scoileanna gur leathnaíodh chuig fobhailte na cathrach í.

(b) *Bailiúchán Chemcar* - Tá bailiúchán Chemcar (do dhramhaíl chontúirteach teaghlaigh) á sholáthar ag an dá Chomhairle i gCorcaigh i bpáirtnéireacht le roinnt comhlachtaí cógaisíochta i gceantar Chorcaí. Déantar thart ar dhá bhailiúchán déag i rith na bliana, agus fógraítear iad seo go háitiúil san meáin. Bailítear dramhaíl chontúirteach ar nós cadhnraí, sean-chógaisí, paeint, luibhicídí agus feithidicídí, soilse fluaraiseacha, srl. Is d'earnáil an teaghlaigh amháin a chuirtear ar fáil é. Tá tacaíocht leanúnach don scéim á thabhairt ag comhlachtaí áitiúla cogaisíochta (Eli Lilly, Glaxo Smithkline, Janssen Pharmaceutical Ltd., Pfizer Éirinn Pharmaceuticals agus Schering Plough Co).

Cé nach laghdaíonn an bailiúchán seo líon na dramhaíola a théann go líonadh talún ar bhealach suntasach, cuireann sé le caighdeán na dramhaíola ag dul go líonadh talún trí na comhbhaill is contúirtí a bhaint as an sruth dramhaíola.

(c) *Bailiúchán d'earraí tirime inathchúrsála* - Tosóidh Comhairle Cathrach Chorcaí bailiúchán scartha (ó dhoras go doras) d'earraí tirime inathchúrsála i gCathair Chorcaí i Lúnasa 2004. Déanfar málaí speisialta a dháileadh ar theaghlaigh a líonfaidh iad le réimse leathan d'earraí tirime inathchúrsála (páipéar, cairtchlár, buidéil phlaisteach, tetrapaks, cannaí bia agus cannaí dí). Baileofar na málaí uair sa choicís agus tabharfar chuig áis phríobháideach iad le scagadh agus carnánú sula gcuirtear le haghaidh athchúrsála iad. Meastar gur féidir ar a laghad 5,000-5,500 tonna de dhramhaíl teaghlaigh a chur ó líonadh talún nuair a bheidh an scéim seo faoi lán-tseoil.

(d) *Bailiúchán bhith-dhramhaíola* - Tá Comhairle Cathrach Chorcaí ag smaoineamh ar bhailiúchán scartha (ó dhoras go doras) de bhith-dhramhaíl a sholáthar. Níl aon chinneadh déanta go fóill faoi chur i bhfeidhm nó eagrú scéime den tsórt seo. Chuideodh córas mar seo go mór le dramhaíl a chur ó líonadh talún.

7.3.6. Scagadh Lárnach d'Earraí Inathchúrsála ó Dhramhaíl Mheasctha

Cuid den Straitéis do Bhainistiú Dramhaíola ar ghlac an dá Chomhairle léi i 1995 is ea sórtáil agus scagadh lárnach d'earraí inathchúrsála ó dhramhaíl mheasctha. Bhí sé i gceist dramhail teaghlaigh agus dramhaíl tráchtála a thabhairt go hÁis Tarrthála Ábhair áit a scagfaí é i gcodáin éagsúla eadhon (i) codán inathchúrsála, (ii) codán bith-indíghrádaithe agus (iii) codán iarmharach. Níl ann Áis Tarrthála Ábhair ann go fóill cé gur cuid lárnach í den straitéis dramhaíola. Tá an dá údarás ag obair chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm.

Tá roinnt Áiseanna Tarrthála Dramhaíola príobháideacha ceadaithe ag an GCC i gCathair Chorcaí nó cóngarach di. Tugtar cur síos ar na h-áiseanna seo i rannóg 5.4.3 agus achoimre orthu i dTábla 7.1 thíos.

Tábla 7.1. Ceadúnais GCC d'Áiseanna Tarrthála Dramhaíola – príobháideach

Ainm	**Stádas cheadúnais**	**Ábhair Dramhaíola**	**Líon Iomlán Tonna/bhliain**
Greenstar Recycling (Munster)	Ceadúnas GCC tugtha	Dramhaíl teaghlaigh, tráchtála & tionsclaíochta, dramhaíl bhith-indíghrádaithe scartha ag foinse	99,017
Greenstar Recycling Holdings	Ceadúnas GCC tugtha	Dramhaíl tráchtála agus tionsclaíochta	99,800
Ipodec Ireland	Ceadúnas GCC tugtha	Dramhaíl tráchtála	82,000
Ashgrove Recycled	Ceadúnas GCC tugtha	Dramhaíl tógála agus scartála, dramhaíl tráchtála	50,000
CUMAS IOMLÁN			**330,817**

7.4 Líon na Dramhaíola a Athchúrsaítear i gCathair Chorcaí

Tugann an rannóg seo cur síos ar líon na dramhaíola a athchúrsaítear i gCathair Chorcaí tríd an infreastruchtúr athchúrsála a luadh sa rannóg thuas. Tagann na sonraí i dtaobh athchúrsáil

ar dhramhaíl teaghlaigh ó Chomhairle Cathrach Chorcaí maidir le Láithreáin "Beir Leat" agus an Láithreán Áiseanna Cathartha. Tagann na sonraí i dtaobh athchúrsáil ar dhramhaíl tráchtála ó chonraitheoirí don chuid is mó, chomh maith le roinnt eolais a thaifid na Comhairle féin.

7.4.1. Athchúrsáil ar Dhramhaíl Teaghlaigh

Is é 5.6% an ráta náisiúnta athchúrsála do dhramhaíl teaghlaigh i 2001 (Bunachar Náisiúnta Dramhaíola an GCC, 2001).

Tá an líon de dhramhaíl teaghlaigh a athchúrsaítear i gCathair Chorcaí ag méadú i gcónaí. Bailítear an dramhaíl teaghlaigh seo ón bpobal i gcoitinne ag an Láithreán Áiseanna Cathartha agus Láithreáin "Beir Leat". Tugtar an líon athchúrsála i 2003 i dTábla 7.2. thíos. Déantar athchúrsáil ar 7.2% de líon iomlán na dramhaíola teaghlaigh sa chathair. Tá an ráta seo níos airde ná an ráta náisiúnta athchúrsála.

Tábla 7.2. Dramhaíl teaghlaigh athchúrsála (tonnaí) ó Láithreáin "Beir Leat" agus Láithreáin Áiseanna Cathartha i gCathair Chorcaí

Ábhar	**Líon a ghintear (Tonnaí)**	**Líon athchúrsála**	**% athchúrsála**
Páipéar/cairtchlár	11,484.44	1,068.57	9.30
Gloine	2,088.08	1,481.93	70.97
Plaisteach	6,264.24	8.9	0.14
Miotal	2,088.08		5.34
Cannaí dí (alúmanam)		8.36	
Dramh-mhiotal		103.24	
Teicstílí	2,088.08		
Orgánach	16,704.64		4.32
Dramhaíl Ghlas		202.76	
Dramhaíl Adhmaid		519.38	
Eile	11,484.44	259.14	2.92
Earraí Bána		69.56	
Cuisneoirí agus Reoiteoirí		**27.1**	
Dramhaíl Chontúirteach Teaghlaigh		6.49	
Cadhnraí (Láithreáin Á.C.)		**5.64**	
Iomlán	**52,202**	**3,761.07**	**7.14%**

Is léir ón dtábla thuas go bhfuil lucht teaghlaigh i gCathair Chorcaí an-éifeachtach ag athchúrsáil gloine. Tá seans go dtarlaíonn seo toisc go soláthraíonn Comhairle Cathrach Chorcaí áiseanna d'athchúrsáil gloine ag gach ceann de na 41 Láithreáin "Beir Leat". Cuirtear áiseanna ar fáil do dhramhaíl chomónta teaghlaigh eile (m.sh. páipéar/cairtchlár, cannaí

alúmanam, plaisteach) ag na Láithreáin "Beir Leat" agus ag an Láithreán Áiseanna Cathartha ach ní chomh minic le háiseanna do bhuidéil ghloine.

Mar a luadh cheana, tá Comhairle Cathrach Chorcaí ag cur tús le bailiúchán scartha d'earraí tirime inathchúrsála ón earnáil teaghlaigh i Lúnasa 2004. Baileofar páipéar/cairtchlár, cannaí alúmanam, cannaí stáin, buidéil plaisteacha agus tetrapaks ó chustaiméirí Chomhairle Cathrach Chorcaí. Ba chóir go mbeadh méadú an-mhór ar leibhéil athchúrsála ábhair ón earnáil teaghlaigh, rud a chuideoidh le Cathair Chorcaí dul i bhfad os cionn an ráta náisiúnta athchúrsála.

7.4.2. Athchúrsáil ar Dhramhaíl Tráchtála

Tugtar an líon dramhaíola tráchtála a ghintear agus an líon athchúrsála i gCathair Chorcaí i 2003 i dTábla 7.3. thíos.

Tábla 7.3. Dramhaíl tráchtála athchúrsála (tonna) i gCathair Chorcaí

Ábhar	**Líon a Ghintear**	**Líon Athchúrsála**	**% Athchúrsála**
Páipéar/cairtchlár	28,331	2,124	7.49
Gloine	4,132	1,383	33.44
Plaisteach	5,902		
Miotal	1,771		0.09
Cannaí dí (alúmanam)		1.65	
Teicstílí	590		0
Orgánach	12,395	3,497	31.6
Adhmad		422	
Dramhaíl Ghlas			
Eile	5,902	9,789	165.85
Iomlán	**59,023**	**17,216.65**	**29.16%**

Is ó bhailitheoirí dramhaíola príobháideacha a thagann an cuid is mó den eolas thuas. Tá an cuma ar an scéal nach bhfuil rannú cruinn á dhéanamh ag na conraitheoirí ar shruthanna dramhaíola: léirítear seo ag na codáin mhóra ar a dtugtar "eile" orthu.

Mar sin féin, is féidir a fheiscint go bhfuil leibhéal an-ard ar an méid de dhramhaíl tráchtála a ndéantar athchúrsáil air i gCathair Chorcaí (leibhéal iomlán athchúrsála de 29.16% i gcomparáid le ráta náisiúnta de 23.8% dar le Bunachar Náisiúnta Dramhaíola an GCC, 2001).

Cothaíodh athchúrsáil ar dhramhaíl tráchtála le soláthar na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistíocht), 2003 a chuireann iachall ar tháirgeoirí dramhaíola pacáistíochta a gcuid dramhaíl pacáistíochta a scagadh agus athchúrsáil na pacáistíochta a shocrú.

Chomh maith le hathchúrsáil, go minic bhí ar an earnáil tráchtála bealaí eile a fháil chun dramhaíl a chóireáil sa chaoi is go laghdófaí an líon ag dul go líonadh talún áitiúil. I measc na "mbealaí eile" tá líonadh talún taobh amuigh den cheantar riaracháin ina ghintear an dramhaíl,

agus dramhaíl a chur thar lear do loscadh. I gCathair Chorcaí, cuireadh thart ar 7% d'iomlán na dramhaíola tráchtála thar lear do cóireáil theirmeach agus cuireadh thart ar 28% d'iomlán na dramhaíola tráchtála i líonadh talún in áiteanna eile in Éirinn.

8. DIUSCAIRT DRAMHAÍOLA I GCATHAIR CHORCAÍ

8.1. Réamhrá

Sa chaibidil seo tugtar cur síos ar an bpríomh-áis do dhiúscairt dramhaíola i gceantar riaracháin Chomhairle Cathrach Chorcaí – is é sin Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile – chomh maith le h-áiseanna eile dramhaíola atá ar fáil ag an láithreán seo.

8.2. Diúscairt Dramhaíola ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile

Is í seo an phríomh-áis do dhiúscairt dramhaíola do chodán dramhaíola teaghlaigh na cathrach agus tá sí suite ar 66 heicteáir (163 acra) de Ghleann na Trá Móire soir ón Nascbhóthar Theas agus ó thuaidh den Chuarbhóthar Theas (Figiúir 8.1).

Fig. 8.1. Suíomh Láithreáin Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile

(graphic)

Is le Comhairle Cathrach Chorcaí an láithreán líonta talún agus tá sé ag feidhmiú ó thús na 1960í. Cuireadh iarratas do Cheadúnas Dramhaíola d'imeachtaí leanúnacha an láithreáin chuig an GCC i Meán Fómhair 1997 agus tugadh cead ar 2 Feabhra 2000. Thug an Ceadúnas seo GCC (12-1) na coinníollacha a bhain leis an áis. Chlúdaigh an Ceadúnas gach gné d'oibríocht na h-áise, lena n-áirítear paraiméadair agus minicíochtaí monatóireachta chomhshaoil, an líon agus cineálach dramhaíola atá le glacadh, struchtúir bhainistíochta, airgeadas agus na gnásanna oibríochtúla ar fad atá riachtanach chun an áis a stiúradh go héifeachtach. Tá Tuairisc Bhliantúil Chomhshaoil (TBC) de dhíth ar an GCC faoi choinníollacha an cheadúnais. Tugann an TBC cur síos ar na imeachtaí an láithreáin in aon bhliain amháin lena n-áirítear oibreacha forbartha, gearáin, an clár do bainistíocht chomhshaoil, agus achoimre agus míniú ar shonraí chomhshaoil agus torthaí. Tugadh athbhreithniú ar an gCeadúnas ar 29 Samhain 2002. Faoi láthair oibríonn Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile faoi Cheadúnas GCC 12-2.

Cuireadh thart ar 283,000 tonna de dhramhaíl sholadach (lena n-áirítear Dramhaíl Tógála agus Scartála) sa líonadh talún i 1997 (Suirbhé Dramhaíola, 1997). Cuireadh thart ar 66,000 tonna i 2002 agus 54,500 tonna i 2003. (Foinsí TBC 2002, TBC 2003). Bhí cúiseanna éagsúla leis an laghdú, lena n-áirítear Dramhaíl Tógála agus Scartála a bhaint ón líonadh talún faoi thogra athchúrsála DEMCON 20/20, cur i bhfeidhm chórais cuóta do dhramhaíl tráchtála agus cosc iomlán uirthi i 2004. Chomh maith leis sin mhéadaigh Comhairle Cathrach Chorcaí líon na n-áiseanna athchúrsála atá ar fáil don phobal i gcoitinne agus laghdaíodh ar líon na dramhaíola i líonadh talún dá bharr. Ní ghlacann Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile ach le dramhaíl teaghlaigh a ghintear i gceantar riaracháin Chomhairle Cathrach Chorcaí. Bunaithe ar ionchur faoi láthair (Bealtaine 2004), cleachtais oibre ar an láithreán agus spás folamh ar fáil, meastar go mbeidh 4-5 bhliana fágtha is saol na h-áise seo.

Ní ghlactar ach le dramhaíl neamhchontúirteach bailithe ag an gComhairle Cathrach Chorcaí nó ar a son. Freisin, glacann an Láithreán Áiseanna Cathartha le dramhaíl teaghlaigh do dhiúscairt ag an líonadh talún. Tugann an Ceadúnas Dramhaíola 12-2 cead aispeist straighinnasctha a dhiúscairt ag an líonadh talún. Glactar le líon beag de seo faoi choinníollacha dochta ó chonraitheoirí ag obair i gCathair Chorcaí.

Tábla 8.1 Dramhaíl ag dul isteach i Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile i 2003

Cur Síos ar an Dramhaíl	Líon (tonna)
Teaghlaigh	47594
Tráchtála	6911
Slodaí Neamhchontúirteacha	800
Páirc & Glanadh	4156

(*Foinse*: TBC 2003)

Tá na gnásanna chun glacadh le dramhaíl ag an láithreán faoi réir an Cheadúnais 12-2 chomh maith leis na gnásanna a leagtar amach sa Chóras do Bhainistiú Chomhshaoil do phróiséis creidiúnaithe ISO14001 (2003). Glacadh leis an gCóras do Bhainistiú Chomhshaoil nuair a fuair an láithreán creidiúnú ISO 14001 i Nollaig 2003.

8.2.1. Gnásanna Láimhseála Dramhaíola ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile

Glactar le dramhaíl ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile idir 8:00 r.n. agus 3:45 i.n. Luan go hAoine agus 8:00 r.n. go 12:45 i.n. Dé Sathairn. Cuirtear gach aon fheithicil dramhaíola chuig an droichead meáite. Glactar síos, ar ríomhaire, uimhir an fheithicil, ainm an chomhlachta, foinse na dramhaíola, cur síos ar an dramhaíl agus ceann scríbe na dramhaíola ar an láithreán. Caithfidh an t-eolas seo a bheith ag teacht le haon pháipéarachas atá in éineacht an lasta. Cuirtear dramhaíl ghlas agus adhmaid chuig an gceantar athchúrsála mar a mhínítear thíos. Cuirtear dramhaíl atá le diúscairt chuig an ionad dumpála. Déantar lasta a scrúdú chun a chinntiú go bhfuil an t-ábhar ag teacht leis na cáipéisí. Ansin brúitear an dramhaíl san áit le comhdhlúthóir líonadh talún. Déanann an comhdhlúthóir líonadh talún (féach Figiúir 8.2) cúpla turas chun an dramhaíl a bhrú i gceart

Figiúir 8.2 – Comhdhlúthóir líonadh talún

(graphic)

Tá ráta chomhdhlúthuithe de 1.1 tonna sa mhéadar ciúbach de dhíth. Nuair atá an lasta caite, filleann an feithicil ar an droichead meáite. Coinnítear taifid leictreonacha agus scríofa. AG deireadh an lae clúdaítear aghaidh an ionad dumpála le h-éadach chun éalú de bhruscar a

chosc, chun éin a chosc ar ithe agus chun an cur isteach radhairce a laghdú. An lá dar gcionn cuirtear dramhaíl nua anuas go díreach ar éadach an lae roimhe agus tosaítear ar an bpróiséis arís. Ar an Aoine agus ar an Satharn cuirtear ithir ar an dramhaíl agus éadach ar fad chun smacht a chur ar bholadh agus chun cosc a chur ar chuileoga.

8.2.2. Buanna Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile

Tá buntáistí suntasacha ag Láithreán Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile.

- Suíomh den scoth aige (gar do naisc bhóthair náisiúnta thoir-thiar agus thuaidh-theas), agus beagnach ceantar na Cathrach ar fad laistigh de chúig mhíle uaidh.
- Áis chun leictreachas a ghineadh agus cumas gás líonadh talún a bhailiú, a ghineann 1.8 megawatt de leictreachas.
- Córas bhailiúcháin láisteáit ann ó 2001. Áis réamhchóireála chun caighdeáin an láisteáit a fheabhsú sula gcuirtear sa chóras séarachais é.
- Córas chun uisce dromchla a bhailiú chun sileadh an láithreáin an bhailiú. Bailítear uisce dromchla i lochanna uisce dromchla agus cuirtear trí chóras de sraitheanna ghiolcach é sula gcuirtear isteach in Abhainn na Trá Móire é.
- Tá caidhp (agus córas bhailiúcháin ghais ann) á cur ar an láithreán ar bhonn leanúnach. Tá caidhp anois ar thart ar 40% d'achar an láithreáin (Bealtaine 2004). Beidh tuilleadh ann de réir mar a théann an líonadh talún ar aghaidh.
- Tá Láithreán Áiseanna Cathartha ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile. Tugann sé deis don phobal codáin dramhaíola a athchúrsáil lena n-áirítear gloine, páipéar, cairtchlár, plaisteach, miotal, adhmaid, dramhaíl ghlas, ola, cadhnraí, dramhaíl threalamh leictreach agus leictreonach srl.
- Tá saotharlann nua-aimseartha agus foirgneamh riaracháin tógtha ar an láithreán.

8.2.3. Dúthshláin do Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile

Seo a leanas cuid de na dúthshláin bhainistíochta atá ag Comhairle Cathrach Chorcaí maidir le Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile:

- *Bainistiú ar Spás folamh:* Caithfear an leas is fearr a bhaint as spás folamh go dtí go mbeidh áiseanna eile ar fáil don dramhaíl a ghintear i gCathair Chorcaí.
- *Cosaint ar Uisce Talún agus Uisce Dromchla*: Tá cuid den líonadh talún suite ar bhuncharraig d'aolchloch, rud a chuirfeadh an t-uisce talún i gcontúirt thruaillithe. Ach tá sraitheanna de mhóin agus cré ag feidhmiú mar mhaolairí.

  Táirgítear láisteáit nuair a théann uisce báistí tríd an dramhaíl agus ar bhealaigh eile , agus cuireann seo an t-uisce talún i gcontúirt. Fadhb í seo atá ag gach láithreán líonta talún, beagnach. Aithníonn Comhairle Cathrach Chorcaí go gcaithfear an t-uisce talún ag an láithreán a chosaint chomh maith le caighdeán na n-uiscí a ritheann tríd an láithreán gar dó – ach go háirithe Aibhneacha na Trá Móire agus na Trá Bige, agus Inbhear Dhúghlas ina ritheann siad. Tá tearmann fhiadhúlra ansin agus é rí-thábhachtach go ndéanann Comhairle na Cathrach e a chosaint sa mhéid agus féidir. Chomh maith leis sin, tá sé d'aidhm fhad-téarmach ag Roinn na nIascach iascach a athbhunú in Abhainn na Trá Móire. Déantar monatóireacht ar an abhainn ag áiteanna éagsúla chun gur féidir tionchar an líonadh talún ar chaighdeán an uisce a mheas go cruinn.

8.2.4 Gnéithe Airgeadais de Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile

Ceann de na prionsabail is tábhachtaí a ghlac an AE maidir le bainistíocht dramhaíola is ea *Prionsabal "Íoc mar a Thruaillítear"*. Éilíonn seo go ngearrtar costas iomlán na bainistíochta dramhaíola ar an dtáirgeoir. Léiríonn taithí idirnáisiúnta go gcuidíonn cur i bhfeidhm iomlán an Phrionsabail seo le gníomhartha éifeachtacha do sheachaint dramhaíola ag táirgeoirí dramhaíola a aithint agus a chothú. Chun reachtaíocht agus polasaí AE agus náisiúnta a chomhlíonadh, mar sin, caithfidh Comhairle Cathrach Chorcaí a chinntiú go bhfuil na táillí a ghearrtar ag Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile ag teacht go hiomlán leis na costais a bhaineann le bainistíocht an láithreáin.

Deir an Treoir do Líonadh Talún go gcaithfidh bainisteoirí na líonadh ar fad costais iomlán do dhiúscairt dramhaíola a ghearradh ar an dtáirgeoir, agus na costais a bhaineann le forbairt, oibríocht agus iarchúram na n-áiseanna sin san áireamh.

Taispeánann Tábla 8.2 na táillí a gearradh ag Bóthar Chionn tSáile ó 1998 go 2004. Mar a fheictear, tá méadú mór curtha ar tháillí do líonadh talún le blianta beaga anuas – ag teacht leis an bPrionsabal "Íoc mar a Thruaillítear" agus le méadaithe ar chostais. Is cosúil go mbeidh gá le méaduithe eile le linn tréimhse an Phlean seo do Bhainistíocht Dramhaíola.

Tábla 8.2 – Costas Dhiúscartha Dramhaíola ag Méadú

Bliain	Costas in aghaidh an tonna do dhiúscairt dramhaíola
2004	€215
2003	€215
2002	€139.68 (méadaithe go €154.68 ar 1 Meitheamh de bharr Thobhach Líonadh Talún
2001	€59.05 (IR£46.50)
2000	€58.42 (IR£46.00)*
1999	€43.29 (IR£34.08)*
1998	€39.37 (IR£31.00)*

*Cuireadh táillí bunaithe ar thoirt

Measann Comhairle Cathrach Chorcaí go bhfuil gá le suim airgid de €30 milliún ar a laghad chun cloí le Ceadúnas GCC maidir le dúnadh agus athchóiriú an láithreán mar is ceart. Tá thart ar leath den mhéid seo caite cheana ag an bpointe seo (Meitheamh 2004). Caithfear fuílleach an airgid seo sna cúig bhliana atá romhainn. Beidh €1.5 milliún ag teastáil in aghaidh na bliana (bunaithe ar mheastacháin faoi láthair) nuair atá an láithreán dúnta, chun infreastruchtúr chomhshaoil a chothabháil agus a chinntiú ar an láithreán.

8.2.5. Dramhaíl a Chur ar Leataobh ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile

(a) *Áis athchúrsála do dhramhaíl tógála agus scartála:* Chuaigh Comhairle Cathrach Chorcaí i bpáirtnéireacht le Loftus Civil Engineering Ltd. le dramhaíl tógála agus scartála (T&S) a athchúrsáil. Glacadh le hábhar T&S saor ó tháille ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile. Deineadh é a bhriseadh agus a scagadh chun cloch a tháirgeadh, de thomhasanna 6 orlach go 4 orlach, 4 orlach go 2 orlach, agus 2 orlach síos. Baintear úsáid as an ábhar 2-orlach síos mar chlúdach sealadach don líonadh talún ar bhonn reatha agus freisin mar chuid den 850mm d'fho-ithir atá riachtanach chun caidhp bhuan a chur ar an láithreán. Baintear úsáid as na clocha níos mó do bhóithre lasta agus do dhraenáil ar

an láithreán. Baineadh úsáid as freisin i gcuid den chaidhp dheiridh mar shraith do bhailiúchán gháis (300mm) faoin gcraiceann, agus mar shraith draenála (300mm) os cionn an chraicinn.

(b) *Áis Athchúrsála Adhmaid*: Mar iarracht chun spás folamh a chaomhnú, ábhar a chur ó líonadh talún agus athchúrsáil a chothú, chuir Comhairle Cathrach Chorcaí córas chuóta i bhfeidhm do chustaiméirí tráchtála i 2001. Faoi thús 2002 laghdaíodh ionchur dramhaíola tráchtála go 25%. D'fhonn a chinntiú gurb í dramhaíl iarmharach, neamh-inathchúrsála amháin a bhí á cur sa líonadh talún, cuireadh cosc ar ábhair a bhí inathchúrsála go héasca. Bhí adhmad ar an liosta sin. Cruthaíodh bearna sa mhargadh ansin, a líon CTO Environmental Solutions Ltd. Roghnaíodh láithreán in aice leis an droichead meáite ag an líonadh talún agus forbraíodh áis athchúrsála adhmaid. Ar tháille €60 in aghaidh an tonna (2004), glactar le hadhmad glan d'athchúrsáil. Déantar athchúrsáil ar thart ar 400 tonna adhmaid in aghaidh na míosa ag an áis seo. Baintear úsáid as an dtáirge mar bhreosla agus i ndéantús chláir SMD agus slis-adhmad.

(c) *Áis mhúirínithe:* In iarracht eile chun spás folamh a chaomhnú agus athchúrsáil a chothú, chuir Comhairle Cathrach Chorcaí dramhaíl ghlas ar liosta na n-ábhar a bhfuil cosc orthu ag an líonadh talún. Cruthaíodh bearna sa mhargadh d'athchúrsáil ar dhramhaíl ghlas. Roghnaíodh láithreán in aice leis an Láithreán Áiseanna Cathartha forbraíodh Áis Athchúrsála do Dramhaíl Ghlas i bpáirtnéireacht le CTO Environmental Solutions Ltd. Ar tháille €75 in aghaidh an tonna (2004) glactar le dramhaíl ghlas d'athchúrsáil. Déantar athchúrsáil ar thart ar 1,000 tonna in aghaidh na bliana ag an áis seo. Baintear úsáid as an próiseáilte (múirín) mar leasú ithreach agus an líonadh talún á athrú ina pháirc.

Tá sé beartaithe go gcoinneofar an dá áis thuasluaite ar an láithreán. Tá sé i gceist ag Comhairle Cathrach Chorcaí áiseanna cuí a thógáil chun cur i bhfeidhm na Treorach DTLL ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile a éascú. Tá próiseálú leanúnach na n-ábhar seo ag brath ar inbhuaine eacnamaíoch gach codáin agus ar leibhéil ionchuir chuig na h-áiseanna.

(d) *Láithreán Áiseanna Cathartha*: Deineadh an Láithreán Áiseanna Cathartha a athlonnú go dtí an taobh ó dheas den líonadh talún i 2001 ar chostas thart ar €1 milliún. Glactar le réimse leathan d'ábhair ansin d'athchúrsáil. Glactar le hearraí móra agus dramhaíl teaghlaigh freisin do líonadh talún. Seo a leanas an réimse ábhar a ghlactar d'athchúrsáil.

Figiúir 8.3. – Adhmaid Athchúrsáil Áiseanna at Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile

(graphic)

Glactar le gloine, páipéar, cairtchlár, cannaí dí, cadhnraí, ola, buidéil plaisteach, tetra paks, irisleabhair, leabhair, físthéipeanna, dlúthdhioscaí, spéaclaí, cuisneoirí, miotal, ithir agus brablach srl. saor ó tháille ó lucht teaghlaigh amháin.

Gearrtar táille ar dhramhaíl ghlas agus dramhaíl adhmaid ag ráta €10 in aghaidh an chairr nó €40 do leantóir. Gearrtar táille €15 an ceann ar earraí bána leictreacha m.sh. sorn, inneall níocháin srl. agus ar theilifíseáin agus ríomhairí (táillí 2004).

Déantar athbhreithniú rialta ar raon na n-ábhar athchúrsála ag an Láithreán Áiseanna Cathartha, atá ag brath ar mhargadh agus ar éileamh ó thomhaltóirí.

Tábla 8.3 – Ábhar Athchúrsála (tonna) ag an Láithreán Áiseanna Cathartha ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile i 2003.

Earraí Bána	Plaisteach	Páipéar	Miotal	Cuisneoirí	Dramhaíl Ghlas	Adhmad	Gloine	Cannaídí
69.56	8.9	165.62	103.24	27.1	519.38	202.76	66	8.64

8.2.6. Pleananna don Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile i ndiaidh a dhúnadh

Líonfar an líonadh talún de réir a chéile chun leibhéil deiridh de 23 méadar (OD Malin) ag an bpointe is airde (25m OD roimh-shocrú). Fanfaidh an córas chun gás a thógáil agus bainfidh sé a bhuaicphointe amach tar éis dhúnadh an líonadh talún. Bainfidh an gléas dúnta le gásanna nach bhfuil feiliúnach do ghineadh leictreachais. Fanfaidh áiseanna do bhailiúchán láisteáit bailiúchán, réamh-chóireáil agus diúscairt chomh maith leis an Láithreán Áiseanna Cathartha agus na h-áiseanna do mhúiríniú agus do tharrtháil adhmaid. Leanfar de mhonatóireacht chomhshaoil (mar atá dlite sa Cheadúnas GCC).

Nuair a chríochnaíonn na hoibreacha seo, bunófar áiseanna chomhshaoil, áineasa agus conláistí ag an láithreán, ar thart ar 50 ha den líonadh talún. Beidh ceantar fhiadhúlra ann agus ceantar curtha ar leataobh do shorcais agus aonaigh, maraon le rianta do chosaithe, rothair agus capaill. Cruthófar ceantair do spóirt m.sh. páirceanna imeartha (CLG, sacair agus rugbaí). Beidh áiseanna ann chun carranna a pháirceáil ach nuair a bhíonn ócáidí móra ann bainfear úsáid as an áis Páirceáil agus Taisteal atá in aice láimhe. Beidh cosaithe in ann teacht ar an láithreán trí tholláin nó ar thrasnú smachtaithe in aice le geataí tosaigh an láithreáin líonta talún atá ann faoi láthair.

8.2.7. Tionchar Chomhshaoil Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile

Tugtar tionchar chomhshaoil na n-imeachtaí dhiúscartha dramhaíola ag Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile i dTábla 8.4 thíos.

Tábla 8.4 – Tionchar Chomhshaoil Líonadh Talún Bhóthar Chionn tSáile

Tionchar	**Cúis**	**Réiteach/Maolú**	**Cur i bhfeidhm**
Tionchar ar uisce dhromchla	Láisteáit	Bailiú agus réamh-chóireáil láisteáit	2001
	Sruth uisce stoirme	Bailiú uisce stoirme agus a chur go linn	2004
Tionchar ar uisce dhromchla	Láisteáit	Bailiú agus réamh-chóireáil láisteáit	2001

Astuithe go hatmasféar	Gás líonadh talún	Áis tarrthála fuinnimh	1997 – 2020
		Blaidhm dhúnta	2004 – 2020
Torann	Oibríocht threalamh agus feithiclí	Cleachtais is fearr agus bainistiú láithreáin	Leanúnach
Deannach	Gluaiseacht fheithiclí, oibríocht threalamh agus déanamh na caidhpe	Cleachtais is fearr agus bainistiú láithreáin	Leanúnach
Boladh	Líonadh gníomhach an ionaid dumpála	Laghdú ar an gceantar gníomhach, clúdach ithreach ar an líónadh, clúdach lae le héadach, caidhp shealadach agus caidhp bhuan ina dhiaidh sin.	Leanúnach
	Láisteáit	Córas do bhailiú agus réamh-chóireáil láisteáit	Leanúnach
Bruscar	Dramhaíl ar an ngaoth	Caidhp mar a luaitear thuas, cleachtais oibríochta is fearr, líontáin buan agus soghluaiste	Leanúnach
Tionchar thírdhreacha	Tionchar na gcodann gníomhacha	Caidhp mar a luaitear thuas	Leanúnach
Éin	Neamh-tharraingtheach	Speisialtóir do smachtú éin a fhostú	Leanúnach
Míolra	Contúirt sláinte	Speisialtóir do smachtú mhíolra a fhostú	Leanúnach

8.3. Diúscairt Dhramhaíl Chathair Chorcaí ag Líonadh Talún eile seachas Bóthar Chionn tSáile

Bailíonn bailitheoirí dramhaíola dramhaíl tráchtála agus tionsclaíochta. Tá an obair seo ceadaithe faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Ceadúnas Bailiúcháin) 2001. Is í Comhairle Contae Chorcaí an t-údarás ainmnithe chun ceadúnais a eisiúint i gCathair agus i gContae Chorcaí. Tugtar an dramhaíl go háiseanna laistigh agus lasmuigh den chathair. Déantar í a scagadh ag na h-áiseanna seo agus ansin cuirtear na sruthanna éagsúla ar aghaidh go h-áiseanna eile do phróiseáil. Cuirtear dramhaíl iarmharach go h-áiseanna lasmuigh den Stáit do chóireáil bhreise nó go líonadh talún laistigh d'áiseanna ceadaithe sa Stáit. Go minic freisin, cuirtear earra tirim inathchúrsála do tharrtháil bhreise agus athchúrsáil. Fad is go bhfuil ceadúnas cuí ag na h-áiseanna agus na bailitheoirí níl aon chosc ar ghluaiseacht na dramhaíola neamhchontúirteacha laistigh den Stáit. Cuirtear Prionsabal Neasachta i bhfeidhm maidir le ceadú ghluaiseacht dramhaíola.

8.4 Dramhaíl Chúram Sláinte

Déanann Sterile Technologies Ireland (STI), ó 430 Bóthar na Beithe, Baile Átha Cliath 12, dramhaíl chúram sláinte a bhailiú, a iompar agus a dhiúscairt do Bhord Sláinte an Deiscirt, tar éis phróiséis soláthair AE. Lorgaíodh tairiscintí ar 14 Bealtaine 2003, le comhaontú sínithe ag ionadaithe ón Roinn Sláinte agus Leanaí agus ó STI. Tháinig an comhaontú seo i bhfeidhm ar 1 Samhain 2003 agus mairfidh sé go dtí 31 Deireadh Fómhair 2013.

Cuireann an conraitheoir, STI, áiseanna ar fáil chun meáchan na dramhaíola a dhearbhú, agus tugtar rianú leictreonach den dramhaíl ar fad a bhailítear. Tá ceadúnas iomlán GCC ag an gcomhlacht. Déantar an dramhaíl ar fad, ach amháin dramhaíl atá "eisiata", a chóireáil le tuaslagán d'fhochlóirít sóidiam agus gal. Ansin déantar an dramhaíl a dhiúscairt i láithreán líonta talún ar leith a ghlacann dramhaíl den tsórt seo. Cuirtear gach dramhaíl 'eisiata' thar lear do loscadh.

Tugtar na figiúirí do shuíomhanna Chathair Chorcaí amháin maidir le dramhaí chlinice i dTábla 8.5.

Tábla 8.5. Dramhaíl Chliniciúil Chathair Chorcaí

Foinse	Líon a bailíodh (tonna)
Ospidéal Ollscoile Chorcaí	448
Ospidéal Naomh Fionnbarra	115
Ospidéal na Trócaire	112
Ospidéil Otharlann Theas/Victoria	56
Seirbhís Fuilaistriúcháin	45
Ospidéal Erinville	33
Naomh Muire, Ortaipéideach	29
COPE Cnoc an Chuilinn	**5**
COPE Baile na mBocht	3
IOMLÁN	**846**

Tosóidh próiséas soláthair go luath le conraitheoir ar leith a cheapadh chun plé le dramhaíl ó oifigí dhochtúirí srl.

8.5. Láithreáin Líonta Talún dúnta i gCathair Chorcaí

Éilíonn an tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 go n-ainmneofaí gach láithreán a húsáideadh d'imeachtaí dramhaíola san am atá thart agus iad a mheas maidir le contúirt thruaillithe..

Tá trí chinn déag de láithreáin den tsórt sin laistigh de Chathair Chorcaí. Baineadh úsáid astu ar fad do líonadh talún agus tá úsáidí eile acu uile ó shin (Tábla 8.6).

Tábla 8.6. Láithreáin líonta talún dúnta i gCathair Chorcaí

Suíomh	***Achar (ha)***	***Úsáid anois***	***Nótaí***
Bóthar Charraig Ruacháin	*13.2*	*Páirceanna Imeartha*	*In úsáid 1940-1975*
Lána an Gharráin	*1.6*	*Tithíocht*	*Dúnta 1966*
An Luaith Dhubh	*3.3*	*Páirceáil agus*	*Dúnta 1987*

		Taisteal 2004	
Bóthar an Chorraigh	*2.6*	*Tithíocht*	*Dúnta roimh 1950*
Bóthar Dhúghlas	*0.5*	*Páirc/Áineasa*	*Sean-chairéal*
Bóthar Bhaile an Locha	*0.55*	*Tithíocht*	*Ábhar T&S leagtha anseo*
Lána na Reilige	*0.08*	*Spás oscailte*	
Bóthar an Teampaill	*0.15*	*Tithíocht*	*Baineadh an dramhaíl agus cuireadh ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile í i 1994*
Bóthar Bhaile an Iúir	*0.56*	*Páirc/Áineasa*	*Dúnta 1967*
Bóthar Bhán Dubh	*0.7*	*Féarach do Bheithigh*	*1955 – 1970*
Páirc na Cathrach Gile	*0.04*	*Páirc/Áineasa*	
Bóthar Mhala	*1.2*	*Spás oscailte*	*Dúnta 1946*
Eastát Ard Machan	*0.26*	*Páirc/Áineasa*	

8.6. Láithreán Líonadh Talún Iarmharach molta

Ó 1998 i leith, tá Comhairle Contae Chorcaí ag obair chun líonadh talún iarmharach a sholáthar le cumas breis agus 5 milliún tonna chun freastal ar réigiún Chorcaí do 20 bliain nó mar sin. Seo a leanas na céimeanna a tógadh go dtí seo:

- Thosaigh an próiséas i Feabhra 1998 le foilsiú léarscála ag baint úsáide as GIS chun láithreáin chuí a aithint sa chontae.
- Gearrliostáil na láithreán ó 44 go 15 go 6 go 3.
- Fógairt an 3 láithreáin ar an ngearr-liosta i Deireadh Fómhair 1999
    - Laghradán, Greanach.
    - Bottle Hill, Burnfort.
    - Crosaire Uí Chearnaigh, Cnocán na Biolraí.
- Bunú fhóraim chomhairleach.
- Fógraítear an rogha láithreáin i Meitheamh 2000 (Bottle Hill, Burnfort).
- Leasú ar Phlean Forbartha Chontae Chorcaí (Bealtaine 2001) (éisteacht béil).
- Iarratas do Cheadúnas Dramhaíola ón GCC (Lúnasa 2001).
- Cinneadh molta ar Cheadúnas GCC (24 Iúil 2002).
- Éisteacht béil GCC, Mala (Nollaig 2002 / Eanáir 2003).
- Iarratas ar chead ón Bord Pleanála (Bealtaine 2003).
- Éisteacht béil ag An Bord Pleanála, Mala (Deireadh Fómhair 2003).
- Cinneadh An Bhoird Pleanála tugtha (18 Feabhra 2004).
- Ceadúnas GCC faighte (Meitheamh 2004).

Tá sé beartaithe go lorgóidh Comhairle Contae Chorcaí (ar son an dá údarás i gCorcaigh) tairiscintí chun an áis a thógáil. Meastar ansin go ndéanfar dramhaíl na cathrach a chóireáil ag an áis atá molta agus go ndéanfar an t-ábhar iarmharach a chur i líonadh talún ag Bottlehill faoi réir choinníollacha pleanála agus GCC.

9. TREOCHTAÍ AGUS FORBAIRTÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO

9. 1 Cosc

Tá an sochaí ar an iomlán ag teacht ar an eolas maidir le tábhacht agus buntáistí a bhaineann le cosc agus laghdú ar dhramhaíl. Tá an-chuid ceantair ann áit ar tháinig cosc ar sruthanna dramhaíola trí reachtaíocht nó feasacht i measc phobal Chathair Chorcaí.

Maidir le dramhaíl pacáistíochta, éilíonn na Rialacháin nua Pacáistíochta go ndéanfar bainistíocht cheart ar phacáistíocht, agus go gcuirtear pionós ar táirgeoirí móra de dhramhaíl pacáistíochta, rud a spreagfaidh táirgeoirí le líon na pacáistíochta a tháirgítear gach bliain a laghdú. Go ginearálta. mar sin, is cosúil go laghdófar ar líon na dramhaíola pacáistíochta a ghinfear in aghaidh an duine i gCathair Chorcaí sna blianta atá romhainn. Tá sé ar intinn ag Comhairle Cathrach Chorcaí (ag brath ar mhaoiniú) oifigigh chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na Rialacháin Pacáistíochta.

Tá cosc ar chineálacha áirithe cadhnraí a dhíol (m.sh. cadhnraí le breis agus 0.4% luaidhe de réir mheáchain) de réir na Rialachán um Bailiúchán Dramhaíola (Dramhaíl chontúirteach), rud a laghdóidh líon na dramhaíola seo.

Laghdófar freisin ar dhramhaíl de mhálaí plaisteacha mar thoradh ar an dtobhach ar na málaí sin.

9.2 Treochtaí Dheimeagrafacha

Measann Plean Forbartha na Cathrach 2004 go dtiocfaidh méadú thart ar 23% nó 78,000 daoine ar dhaonra Ollcheantair Chorcaí faoi 2020 chun daonra de 423,150 daoine a thabhairt. Le linn an ama seo meastar go mbeidh fás 12,010 ar dhaonra na Cathrach agus fás de 11,090 ar líon na n-áiteanna cónaithe.

De réir An Phríomh-Oifig Staidrimh, tugann Daonáireamh 2002 le fios go raibh 123,062 daoine ina gcónaí i gCathair Chorcaí. Laghdaigh daonra Chathair Chorcaí de 3.2% thar an tréimhse seo agus bhí méadú de 6.5% ar dhaonra Réigiún Chorcaí. Fiú muna mbeadh aon tionchar ag fás eacnamaíoch na cathrach ar líon na dramhaíola á tháirgeadh, bheifí ag súil le fás i líon na dramhaíola de réir mar a mhéadaítear ar an daonra.

9.3 Treochtaí Eacnamaíocha

Tá sé dearbhaithe le fada an lá go bhfuil táirgeacht dramhaíola nasctha go dlúth le gníomhaíocht eacnamaíoch agus leibhéil ioncaim. Cé go raibh faisnéisí ar rátaí fáis an gheilleagair mí-chruinn go rialta, tá cáil ar an ERSI ar cruinneas a mheastacháin san am atá thart.

Le deich mbliana anuas, mar thoradh ar fhás eacnamaíoch as cuimse, is beag nár dhúblaigh GDP na hÉireann. Tá cúiseanna tugtha don fás seo - ballraíocht den AE, rochtain ar an

gComhmhargadh, ráta íseal de cháin chorparáideach agus líon mór de chomhlachtaí idirnáisiúnta, codán mór den daonra ag aois oibre, rannpháirtíocht mhéadaithe i margadh an tsaothair, ag mná ach go h-áirithe; laghdú ar eisimirce; infheistíocht in oideachas agus oiliúint, comhaontuithe sóisialta, comhaontuithe páirtnéireachta agus staid airgeadais níos seasmhaí.

(graphic)

Beidh tionchar ag iarrachtaí ar leith chun dramhaíl a chosc agus gnéithe eile ar shruthanna agus earnálach dramhaíola, agus mar sin níl mórán fiúntais fás san iomlán a mheas sa líon dramhaíola a ghinfear. Léiríonn Figiúir 3.1 an gaol atá ann idir GDP agus GNP na hÉireann agus gineadh agus bailiú dramhaíola cathrach. Is féidir a fheiceáil gur mhéadaigh na gnéithe ar fad go mór idir 1995 agus 2001. Tá an nasc idir bhailiúchán dramhaíola agus GDP go 2000 an-suntasach agus thabharfadh sé le fios gur léiriú cruinn iad na rátaí dramhaíola ar shochaí thomhaltóirí na hÉireann – de réir mar bhíonn níos mó airgid le caitheamh ag daoine, is ea is mó dramhaíola a chuirtear amach do bhailiúchán.

(graphic)

(graphic)

Figiúir 3.1 Comparáid de GDP agus GNP le Sonraí Dramhaíola Cathrach, 1995 go 2001
Foinse: GCC, *Bunachar Náisiúnta Dramhaíola, 2001*.

Tá Figiúir 3.2 bunaithe ar ghineadh dramhaíola cathrach agus a ráta fáis ó 1995, agus tá Figiúir 3.3 bunaithe ar ghineadh dramhaíola in aghaidh an duine agus fás ó 1995. Tá difríochtaí sna rátaí in aghaidh an duine toisc go raibh athruithe ar an daonra sa tréimhse. Taispeánann an dá fhigiúir go bhféadfaí 11 milliún tonna in aghaidh na bliana nó breis agus 2 tonna in aghaidh an duine a ghineadh, faoi 2015. Cé nach dócha go dtarlóidh a leithéid, léiríonn sé go bhféadfadh an scéal dul ó smacht in achar an-ghairid. Níl ach radharc amháin ann a thaispeánann ráta diúltach fáis, agus sa chás sin caithfear sprioc de laghdú 5% a bhaint amach..

(graphic)

(graphic)

Figiúir 3.2 Gineadh Dramhaíola Cathrach – Measta go 2015 (tonna)
(Foinse GCC 2001)

(graphic)

(graphic)

Figiúir 3.3: Gineadh Dramhaíola Cathrach – Measta go 2015 (kg in aghaidh an duine)
(Foinse GCC 2001)

I gcomhthéacs mheastacháin ar ghineadh dramhaíola as seo amach, d'ainmnigh an GCC radharcanna a d'fhéadfadh a bheith ann sa Bhunachar Náisiúnta Dramhaíola 2001 mar a thaispeántar i bhFigiúirí 3.2 agus 3.3.

9.4 Treochtaí Bhainistíocht Dramhaíola

9.4.1 Treochtaí Bhailiúchán/Cóireáil Dramhaíola

I bhFómhair 2004, tá Comhairle Cathrach Chorcaí le tosú ar bhailiúchán (ar thaobh an bhóthair) d'earraí glan tirim inathchúrsála. Cuirfear an bailiúchán ar fáil dóibh siúd a bhfuil a gcuid táillí do bhailiúchán dramhaíola íoctha acu.

Soláthrófar málaí speisialta do chustaiméirí a líonfaidh iad le hearraí tirime inathchúrsála agus a chuirfidh ar fáil do bhailiúchán iad uair sa choicís. Beidh an bailiúchán ann ar an lá céanna leis an gnáth-bhailiúchán. Baileofar páipéar measctha, nuachtáin, irisleabhair agus leabhráin, cairtchlár, cannaí dí (alúmanam), cannaí stáin, cannaí bia (cruach), tetrapaks (cartáin do bhainne agus sú) agus buidéil/soithigh plaisteacha.

Baileoidh Comhairle Cathrach Chorcaí na málaí agus cuirfear chuig áis phríobháideach iad le scagadh agus le cur i gcornáin sula ndéantar athchúrsáil orthu. Cuirfear an bailiúchán i bhfeidhm de réir a chéile agus beidh trucail amháin ann (le tiománaí amháin agus beirt oibrí ann) i bhFómhair na bliana 2004. Beidh an trucail seo ag freastal ar thart ar trian de theaghlaigh Chathair Chorcaí; beidh trucailí eile de dhíth chun an bailiúchán iomlán a chur i bhfeidhm.

Tá Comhairle Cathrach Chorcaí freisin ag smaoineamh ar bhailiúchán scartha (ó dhoras go doras) de bhith-dhramhaíl a sholáthar le linn tréimhse an Phlean seo chun freastal ar riachtanais na Treorach do Líonadh Talún agus an dréacht Straitéis Náisiúnta ar Dhramhaíl Bhith-indíghrádaithe.

9.4.2 Treochtaí Dhiúscairt Dramhaíola

Tionscal fáis is ea bainistíocht dramhaíola in Éirinn. Cé go bhfuil líonadh talún ann le fada do dhiúscairt dramhaíola, go ginearálta is fiontair nua iad na háiseanna eile do bhainistíocht dramhaíola. Le fírinne an scéil, de ghnáth ní bhíodh aon rogha eile ann ach líonadh talún do dhramhaíl cathrach. Le blianta beaga anuas, áfach, tá treochtaí nua i mbainistíocht dramhaíola

le haithint. Tá maoiniú curtha ar fáil (go háirithe ag leibhéil an AE) do thaighde agus forbairt ar theicneolaíochtaí do bhainistíocht dramhaíola. Anois tá roghanna éagsúla ann do shruthanna dramhaíola in Éirinn agus i dtíortha eile cóngarach dúinn.

Cé go nglactar le teicneolaíochtai dramhaíola i gcoitinne, níl meas ag an bpobal i gcoitinne ar loscadh - go minic toisc nach bhfuil mórán eolais acu ar an dteicneolaíocht. Ach tá diúscairt dramhaíola le tarrtháil fuinnimh anois níos inmhianaithe ná diúscairt gan tarrtháil fuinnimh agus mar sin beidh áiseanna dramhaíl-go-fuinneamh i bhfoirm loisceoirí a ghineann leictreachas agus teas do theaghlaigh ag teacht i réim.

Tá athruithe tagtha ar an mbealach ina gcuirtear dramhaíl i líonadh talún in Éirinn freisin, rud a fhágann líonadh talún níos glaine agus níos sábháilte ná ariamh.

9.4.3 Earnáil Phríobháideach

Le blianta beag anuas, tá an earnáil phríobháideach tar éis páirt i bhfad níos mó a ghlacadh i mbainistíocht dramhaíola. Tá an earnáil seo páirteach anois i mbailiúchán, scagadh, athchúrsáil agus diúscairt. Leanfar de seo san am atá romhainn agus is maith an rud é toisc go leathnaíonn sé an rogha atá ann do ghineadóirí dramhaíola.

I gcás Chomhairle Cathrach Chorcaí tá páirtnéireachtaí forbraithe leis an earnáil phríobháideach maidir le

i) Bailiúchán agus cóireáil Earraí inathchúrsála

ii) Cóireáil agus diúscairt adhmaid athchúrsála ag an Láithreán Áiseanna Cathartha

iii) Múiríniú d'Ábhar Glas ag an Láithreán Áiseanna Cathartha

Ina theannta sin tá Comhairle Contae Chorcaí ag comhoibriú le páirtnéir príobháideach chun Áis Tarrthála Dramhaíola a sholáthar don réigiún.

Meastar go ndéanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí d'earraí inathchúrsála teaghlaigh agus go bhfágtar an chóireáil faoi pháirtnéir ón earnáil phríobháideach.

Sampla eile is ea soláthar de láithreáin phríobháideacha chun Láithreáin "Beir Leat" a éascú de chomhoibriú praiticiúil idir na hearnálacha éagsúla.

9.4.4 Treochtaí Dhliteanais

Tá an Prionsabal "Íoc mar a Thruaillítear" ag éirí an-tábhachtach ar fud an AE. Tá an claonadh ann anois, mar sin, pionós a ghearradh ar an dtáirgeoir dramhaíola agus cosc ar dhramhaíl a chothú trí chostais diúscartha dramhaíola a ardú agus iad a ghearradh orthu siúd atá freagrach as an dramhaíl a ghineadh. Mar sin beidh costas níos mó ann do thomhaltóirí agus do ghineadóirí dramhaíola ag láithreáin do dhiúscairt dramhaíola, agus pionóis níos lú á ngearradh ar athchúrsáil agus tarrtháil dramhaíola. Tá dul chun cinn nach beag déanta anseo le cúig bhliana anuas.

Tá fáilte réasúnta roimh an córas "Íoc de réir Mheáchain" atá triailithe i gContae Chorcaí. Tá sé i gceist ag Comhairle Cathrach Chorcaí córas "Íoc Mar A Úsáidtear" a thosú faoi 2005.

9.4.5 Polasaí AE

Tá nithe áirithe maidir le reachtaíocht agus polasaí dramhaíola go mór chun tosaigh i gclár an AE. Beidh tionchar mór ag aon athrú i bpolasaí an AE ar pholasaí chomhshaoil na tíre seo, ar ndóigh, toisc go mbunaítear cuid mhaith de pholasaí na hÉireann ar pholasaí an AE.

Cé nach dócha go dtarlóidh aon mhór-athrú ar pholasaí chomhshaoil an AE go tobann (toisc go mbeadh comhaontú de dhíth i gCoimisiún na hEorpa, i bParlaimint na hEorpa agus i gComhairle na nAirí) bheadh tionchar nach beag ag athrú ar bith ar pholasaí na hÉireann agus ar aon Phlean eile do Bhainistíocht Dramhaíola a bheadh ag Comhairle Cathrach Chorcaí.

9.4.6 Reachtaíocht ag Teacht

An tAcht um Caomhnú an Chomhshaoil 2003 - Déanann Acht 2003 leasuithe ar an Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996 chun é a threisiú. Tá cuid de choinníollacha an Achta 2003 nach bhfuil tagtha i bhfeidhm go fóill, lena n-áirítear:

Riachtanas do cheadanna pleanála coinníollacha a chur san áireamh d'áiseanna laistigh d'fhorbairtí do stóráil, scagadh d'ábhair inathchúrsála agus bailiúchán dramhaíola.

Éilíonn go ndéanfaidh riarthóir líonadh talún táillí a ghearradh sa chaoi is go nglantar costas iomlán na h-áise.

Táirgeoirí a bheith freagrach as cóireáil agus tarrtháil fheithiclí iomarcacha

Cuir BAT in ionad BATNEEC i mbainistíocht dramhaíola.

Treoir 99/31/EC ar Líonadh talún de Dhramhaíl -Tá gnéithe den Treoir nár cuireadh i bhfeidhm go fóill ar nós laghdú de réir a chéile ar méid bith-indíghrádaithe de dhramhaíl cathrach ag dul go líonadh talún thar tréimhse de bhlianta. Caithfidh Ballstáit Straitéis Náisiúnta a bheith ann faoi Iúil 2003. Beidh an méid iomlán de dhramhaíl bhith-indíghrádaithe ag dul go líonadh talún teoranta go 75% faoi 2006, 50% faoi 2009, agus 35% faoi 2016, den leibhéil iomlán de dhramhaíl bhith-indíghrádaithe a tháirgítear in 1995. Tugadh maolú 4-bhliana d'Éirinn.

Treoir Mholta ar Dhramháil Bhith-indíghrádaithe -Bheadh an Treoir seo ag plé le bainistíocht ar dhramhaíl bhith-indíghrádaithe dramhaíl chun cuidiú le cur i bhfeidhm na Treorach ar líonadh talún. Chaithfí scéimeanna scartha bhailiúcháin a bhunú do dhramhaíl bhith-indíghrádaithe i gceantair cathrach, laistigh de 3 bhliana, do dhaonra > 100,000, agus laistigh de 5 bhliana do dhaonra > 2,000.

Cinneadh AE 2003/33/EC Ag bunú chritéirí agus gnásanna chun glacadh le Dramhaíl ag Líonadh talún - Leagann Cinneadh AE 2003 amach an bealach chun inghlacthacht dramhaíola ag líonadh talún a mheas, agus critéir eile do shaghasanna éagsúla de líonadh talún,.

Treoir 2002/96/EC ar Dhramhaíl Threalamh Leictreach agus Leictreonach -Tá an Treoir seo dírithe ar Dhramhaíl Threalamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL) a chosc, agus freisin, moltar athúsáid, athchúrsáil agus foirmeacha eile tarrthála do DTLL chun diúscairt na dramhaíola a laghdú. Clúdaítear an sruth dramhaíola leictreach agus leictreonach i gcoitinne. Caithfidh Pleananna do Bhainistíocht Dramhaíola caibidil a bheith acu maidir le DTLL. Ní cheadófar DTLL a dhiúscairt in éineacht le dramhaíl neamhscagtha cathrach.

Treoir Mholta ar Sprioc do Tharrtháil agus Athchúrsáil Dramhaíola Pacáistíochta - Bhí na spriocanna tosaigh maidir le tarrtháil agus athchúrsáil le hathbhreithniú tar éis na tréimhse 2001-2006. Moltar spriocanna nua de 55- 0% athchúrsáil ar an iomlán (25–45% a bhíodh ann); le spriocanna éagsúla d'ábhair ar leith: páipéar/cairtchlár 60%, miotail 50%, gloine 60%, adhmad 15%, agus plaisteach 22.5% (athchúrsáil mheicniúil/ceimice amháin). Tá maolú faighte ag Éirinn arís agus bheadh spriocdháta de dheireadh Meitheamh 2009 ann, cé go bhfuil seans ann go gcuirtear an spriocdháta siar níos faide fós go 2012.

Treoir Mholta ar Chadhnraí agus Suimitheoirí - Leagtar amach gnásanna do bhailiúchán, maraon le spriocanna do bhailiúchán agus athchúrsáil (sprioc athchúrsála molta do chadhnraí NiCad ná 75%, do chadhnraí luaidhe, 65%, agus do chadhnraí eile, 55%). Bheadh cosc ar chadhnraí tionsclaíochta agus mótair ag dul isteach i líonadh talún.

9.5 Forbairtí in Údaráis Áitiúla Eile

Beidh tionchar ar leith ag athruithe agus forbairtí i gComhairle Contae Chorcaí ar roghanna a dhéanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí maidir le bainistíocht dramhaíola. Tá an dá údarás cheana féin ag obair le chéile ó tharla gur chuir siad an Straitéis do Bhainistiú Dramhaíola (1995) amach, tá siad ag comhoibriú go maith i bhfeasacht phoiblí agus oideachas agus iad de shíor ag fiosrú féidirtheachtaí d'áiseanna bainistíochta dramhaíola a dhéanfaidh freastal ar an réigiún ina iomláine. Beidh tionchar freisin ag na Pleananna Bainistíochta Dramhaíola de chuid Comhairlí Contae Chiarraí, Phort Láirge, Luimneach agus Tiobraid Árann.

Port Láirge - Thosaigh bailiúchán scartha de dhramhaíl i gContae Phort Láirge i Samhain 2001 agus faoi láthair tá 12,500 custaiméirí ag an scéim i suíomhanna cathrach agus tuaithe. Tá an scéim ar fad á riaradh ag an gcomhairle contae. Baintear úsáid as araid rothaí 240 líotar do dhramhaíl nó dramhaíl iarmharach do dhiúscairt agus mála 80 líotar d'earraí tirime inathchúrsála. Bailítear iad seo gach ré-sheachtain. Ceannaíonn lucht an teaghlaigh lipéid le cur ar mhálaí agus araid rothaí do bhailiúchán. Tugtar earraí tirime inathchúrsála go hÁis Tarrthála Ábhair (ÁTÁ) i Lios Mór. Tá ÁTÁ nua de chuid na comhairle á thógáil faoi láthair agus tabharfar earraí tirime inathchúrsála ansin sa todhchaí (i 2004). Tá méadú mór sa líon ghloine a thugtar chuig na bainc "Beir Leat" ó thosaigh an scéim "íoc mar a bhailítear".

Cill Airne, Co. Chiarraí - Dhear Comhairle Contae Chiarraí scéim "ó dhoras go doras" do thart ar 2,650 cuntas i mbaile Chill Airne, agus chuir siad i bhfeidhm í le linn 2002 - bhí an scéim faoi lán-tseoil faoi Mheitheamh 2002. Ó thaithí a bhí acu cheana i dTrá Lí, tuigeadh go raibh gá le córas trí-shruthach sula bhféadfaí córas a chur i bhfeidhm ina ndéantar bailiúcháin éagsúla i seachtainí éagsúla. Bhí tréimhse leathan d'oideachas agus oiliúint ann. Cuireadh beirt ag obair go lánaimseartha chun ábhar na dramhaíola a scrúdú agus, i gcás nár comhlíonadh na rialacháin, cuairt a thabhairt ar theaghlaigh chun tuilleadh oiliúna a thabhairt. Tá ráta ard comhlíonadh acu. Tá scéim scartha ag Cill Airne freisin d'ábhar orgánach ó na hóstáin. Tá dea-thorthaí ar an scéim.

9.5.1 Comhoibriú Idir-réigiúin

Déanann an Plean seo soláthar do bainistíocht na dramhaíola i Réigiún Chorcaí (Cathair agus Contae) agus tá sé bunaithe ar sholáthar d'áiseanna tarrthála agus aon líonadh talún amháin ag

Bottlehill nuair atá na líonadh talún atá ann faoi láthair lán. Tá an Plean ag cloí le Prionsabal na Neasachta toisc go mbeidh na h-áiseanna suite gar do phríomhfhoinsí na dramhaíola.

Deir cáipéis an Rialtais *Waste Management – Taking Stock agus Moving Forward* (Aibreán 2004) 'Faoi dheireadh an tSamhraidh 2004 cuirfear críoch le scrúdú ar na nithe a bhaineann leis an ngaol idir theorainneacha réigiúnda agus áiseanna dramhaíola sa chaoi is go ndéanfar treoir a thabhairt dos na húdaráis chuí". Cuirfidh Comhairle Cathrach Chorcaí an treoir sin san áireamh.

10. GNÍOMHARTHA BHAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA DO 2004-2009

10.1 Réamhrá

Tugann an caibidil seo achoimre ar na gníomhartha bainistíochta dramhaíola atá beartaithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí don tréimhse 2004-2009. Tá siad curtha sna ranna seo a leanas, faoi réir an Ordlathais Bhainistíocht Dramhaíola:

1. Cosc agus laghdú ar dhramhaíl;

2. Bailiúchán dramhaíola;

3. Tarrtháil dramhaíola;

4. Glacadh agus diúscairt dramhaíola;

5. Bruscar;

6. Bainistiú Dramhaíola Chontúirteacha.

10.2. Gníomhartha Beartaithe

Léiríonn na gníomhartha seo tiomantas Chomhairle Cathrach Chorcaí chun líon na dramhaíola a tháirgítear i gCathair Chorcaí a choinneáil seasta (agus, más féidir, a laghdú) sna cúig bhliana atá romhainn. Tá siad dírithe ar earnálacha uilig Chathair Chorcaí.

Gníomhaíocht 1: "Gníomhartha d'Fheasacht Phoiblí"

Cuirfidh Comhairle Cathrach Chorcaí gníomhartha i bhfeidhm atá dírithe ar bhuntáistí don phobal i gcoitinne a bhaineann le cosc agus laghdú ar dhramhaíl, lena n-áirítear comhoibriú le tograí feasachta phoiblí de chuid an rialtais.

Ceann de na príomhghníomhartha is ea leanúint leis an gclár Radharc 20/20 a dhéantar i gcomhpháirt le Comhairle Contae Chorcaí faoi scáth na Straitéise do Bhainistíocht Dramhaíola do Réigiún Chorcaí (1995-2020). Foilsítear nuachtlitir trí huaire sa bhliain agus bíonn feachtais fógraíochta agus imeachtaí sna scoileanna ann freisin.

Tá sé i gceist ag Comhairle na Cathrach freisin Campas a bhunú chun eolas a scaipeadh ar dhea-chleachtais chomhshaoil (lena n-áirítear bainistíocht dramhaíola) ag grúpa leathan (lena n-áirítear tionsclaíocht, scoileanna, clainne, srl.). Bunófar an Campas san áit ina mbíodh Oibreacha Uisce Bhóthar na Laoi.

Gníomhaíocht 2: "Comhoibriú le Tograí an Rialtais"

Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí comhoibriú le tograí an rialtais chun feasacht a mhéadú (m.sh. Rás i gCoinne Dramhaíola) atá dírithe ar ghnásanna bhainistíochta dramhaíola a fheabhsú.

Gníomhaíocht 3: "Bainistíocht feabhsaithe Dramhaíola a chothú i dTionsclaíocht Phríobháideach"

Leanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí de laghdú dramhaíola a chothú i dtionsclaíocht phríobháideach trí gníomhartha mar seo a leanas:

- cuairteanna foirmeálta/taispeántais ar bhainistíocht dramhaíola do lucht tionsclaíochta,
- rannpháirtíocht i gcoistí do bainistíochta dramhaíola i dtionsclaíocht phríobháideach,
- cúnamh neamhfhoirmeálta do chomhlachtaí atá ag plé le bainistíocht dramhaíola taobh istigh den ghnó féin; agus
- rannpháirtíocht i scéimeanna dhámhachtainí do bainistíochta dramhaíola sa tionsclaíocht.

Gníomhaíocht 4: "Gradam Fáilte Glas d'Óstáin"

Tabharfaidh Comhairle na Cathrach tacaíocht don scéim seo atá dírithe ar chuidiú le hóstáin na príomhthionchair thimpeallachta a bhíonn ag a gcuid imeachtaí, agus soláthar chomhairle ar mhodhanna leis an dtionchar a laghdú.

Gníomhaíocht 5: "Clár na Scoileanna"

Leanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí dá tograí scoile atá dírithe ar eolas a chothú ar nithe a bhaineann le bainistíocht dramhaíola agus ag cuidiú le cleachtais bhainistíocht dramhaíola i scoileanna:

- Tacaíocht do Scéim an Ghradaim Brat Glas de chuid An Taisce – tá 12 scoileanna cláraithe don scéim i gCathair Chorcaí faoi láthair.
- Cuairteanna ar scoileanna chun léachtaí a thabhairt ar bhainistíocht dramhaíola agus bruscar.
- Comórtais a eagrú (m.sh. comórtais díospóireachta agus ealaíon srl.)
- Cuairteanna ar láithreán líonta talúna a éascú.
- Tacaíocht do mhodhanna eile chun an scéal a scaipeadh maidir le cosc agus laghdú ar dhramhaíl agus laghdú (m.sh. seóana phuipéid, físeáin, leabhair srl.).

- Tacú le hinfreastruchtúr athchúrsála a sholáthar do scoileanna (m.sh. boscaí do mhúiríniú, boscaí d'athchúrsáil chadhnraí, boscaí d'athchúrsáil pháipéir agus chairtchláir srl.) ag brath ar an mbuiséad.

Gníomhaíocht 6: "Measúnú ar Iarratais Pleanála agus Coinníollacha Pleanála a Chur i bhFeidhm"

Déanann Rannóg an Chomhshaoil de Chomhairle Cathrach Chorcaí gach iarratas ar chead pleanála a mheas agus, nuair is cuí, molann coinníollacha maidir le soláthar d'infreastruchtúr athchúrsála, athchúrsáil ar dhramhaíl tógála agus scartála, agus ullmhú agus cur i bhfeidhm de phlean do bhainistíocht dramhaíola don bhforbairt, ag cur san áireamh treoirlínte agus Ciorclán WPR 7/04 ón RCORA..

Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí tréaniarracht le cleachtais bainistíocht dramhaíola a fheabhsú san forbairtí nua ar fad trí choinníollacha maidir le soláthar infreastruchtúr athchúrsála a leagadh amach agus a chur i bhfeidhm.

Gníomhaíocht 7: "Tíos Glas"

Leanfar d'obair an Choiste um Thíos Glas de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí, atá freagrach as cleachtais níos freagraí ó thaobh timpeallachta a chothú taobh istigh den Chomhairle. Seo iad cuid de na gníomhartha a dhéanann an Coiste:

- Láithreáin "Beir Leat" a chur i gcarrchlósanna fhoireann Chomhairle na Cathrach.
- Soláthar de bhoscaí athchúrsála do chaisíní printéara, dúch printéara, cadhnraí agus dramhaíl chontúirteach eile a chruthaítear laistigh d'oifigí Chomhairle na Cathrach.
- Soláthar de pholasaithe "ceannach glas" d'earraí áirithe.
- Treisiú ar eolas i measc fhoireann Chomhairle na Cathrach maidir le dea-chleachtas i mbainistíocht dramhaíola (m.sh. printeáil dhá-thaoibh, páipéar athchúrsála a úsáid srl.).
- Soláthar de pháipéar athchúrsála, clúdaigh in-athúsáidte, athchúrsáil ar pháipéar oifige srl. go hoifigí Chomhairle na Cathrach.

Leanfaidh an Coiste um Thíos Glas de chleachtais nua a chur i bhfeidhm chun cosc agus laghdú ar dhramhaíl a threisiú laistigh de Chomhairle na Cathrach.

Chomh maith leis sin, déanfaidh Comhairle na Cathrach iarracht an coincheap a bhunú i dtionsclaíocht phríobháideach agus eagrais eile.

Gníomhaíocht 8: "Suíomh Idirlín Chomhairle Cathrach Chorcaí"

Bainfidh Comhairle Cathrach Chorcaí úsáid as an suíomh idirlín chun eolas a scaipeadh ar chosc agus laghdú dramhaíola, chomh maith le heolas ar thograí a mbeadh suim ag an bpobal i gcoitinne orthu.

Gníomhaíocht 9: "Reachtaíocht"

Cloífidh agus cuirfidh Comhairle Cathrach Chorcaí i bhfeidhm gach reachtaíocht agus polasaí AE agus náisiúnta maidir le dramhaíl.

Gníomhaíocht 10: "Polasaí maidir le Táillí"

Faoi réir pholasaí náisiúnta, cuirfidh Comhairle Cathrach Chorcaí córas do bhailiúchán dramhaíola "Íoc mar a Úsáidtear" i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2005. Ba chóir go gcothófaí cosc agus laghdú ar dhramhaíl i measc an phobail i gcoitinne dá bharr.

Gníomhaíocht 11: "Córas do Bhainistíocht Timpeallachta"

Tá creidiúnú ISO 14001 faighte ag Comhairle Cathrach Chorcaí do dhá ceann dá rannóga páirceanna agus do Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile.

Leanfaidh Comhairle na Cathrach dá polasaí de chreidiúnú ISO 14001 a lorg do chuid eile dá himeachtaí.

Gníomhaíocht 12: "Bailiúcháin Scartha"

Bunóidh Comhairle Cathrach Chorcaí scéim chun bailiúchán ó dhoras go doras a sholáthar d'earraí tirime inathchúrsála ó chustaiméirí teaghlaigh. Déanfar freastal ar thrian den chathair ó lár Lúnasa 2004, tosófar ar an dara trian i Meán Fómhair 2004 agus an trian deiridh i 2005.

Gníomhaíocht 13: "Infreastruchtúr Athchúrsála"

Déanfaidh Comhairle Cathrach tréaniarracht a hinfreastruchtúr athchúrsála a leathnú infreastruchtúr sna cúig bhliana atá romhainn. Tá sé i gceist é seo a dhéanamh ar dhá bhealach:

- Méadú ar mhéid na n-áiseanna athchúrsála i gCathair Chorcaí, agus
- Leathnú ar raon na n-earraí inathchúrsála a ghlactar.

Tá cumas Chomhairle Cathrach Chorcaí an aidhm seo a bhaint amach ag brath ar (i) bhuiséad agus cláir do chúnamh deontais agus (ii) bealaí chun ábhar athchúrsála a dháileadh.

Gníomhaíocht 14: "Soláthar de Láithreáin "Beir Leat""

Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí 35 Láithreán "Beir Leat" nua thar na cúig bhliana atá romhainn. Cuideoidh siad seo le haidhm na Comhairle a bhaint amach, i.e. Láithreán amháin "Beir Leat" in aghaidh gach 1,000 cónaitheoirí faoin mbliain 2020 (Straitéis do Bainistiú Dramhaíola, 1995).

Tá an ghníomhaíocht seo ag brath ar mhaoiniú (airgead inmheánach Chomhairle Cathrach Chorcaí, cúnamh deontais seachtrach agus/nó maoiniú príobháideach).

Gníomhaíocht 15: "Láithreán Áiseanna Cathartha"

Bunóidh Comhairle Cathrach Chorcaí Láithreán nua Áiseanna Cathartha i dtuaisceart Chathair Chorcaí le linn tréimhse an phleain seo.. Tá Crosaire na dTincéirí, Baile na mBocht molta mar shuíomh don áis seo.

Cuideoidh seo le Comhairle Cathrach Chorcaí an aidhm a bhaint amach, is é sin go mbeidh dhá Láithreán Áiseanna Cathartha ann (ceann i dtuaisceart na cathrach agus ceann i ndeisceart na cathrach) faoi 2020 (Straitéis do Bainistiú Dramhaíola, 1995)

Gníomhaíocht 16: "Bailiúchán Scartha d'Earraí Inathchúrsála Teaghlaigh

Bunóidh Comhairle Cathrach Chorcaí scéim chun bailiúchán ó dhoras go doras a sholáthar d'earraí tirime inathchúrsála ó chustaiméirí teaghlaigh ar fad de réir a chéile. Beidh dhá bhealach ann i 2004 agus bealach deiridh ann i 2005. Beidh an bailiúchán seo ag brath ar airgeadas. Meastar go mbeidh tarrtháil ar 5,000-5,500 tonna in aghaidh na bliana d'earraí tirime inathchúrsála ó earnáil na dteaghlach nuair a chuirtear an scéim seo i bhfeidhm go hiomlán.

Gníomhaíocht 17: "Bailiúchán Scartha de Bhith-dhramhaíl Teaghlaigh"

Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí meastachán ar sholáthar bhailiúcháin scartha de bhith-dhramhaíl óna custaiméirí nuair atá an bailiúchán d'earraí tirime inathchúrsála ann. Déanfar meastachán ar chostais, modhanna bhailiúcháin, rátaí aschur, tionchar ar an Áis Tarrthála Dramhaíola atá molta agus tionchar ar an gcóras bhailiúchán dramhaíola.

Gníomhaíocht 18: "Áis Tarrthála Dramhaíola"

Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí comhoibriú le Comhairle Contae Chorcaí i bhforbairt Áis Tarrthála Dramhaíola a cheadóidh scagadh ar líon mór de sruthanna dramhaíola do tharrtháil agus diúscairt níos éifeachtaí.

Beidh scagadh meicniúil ann d'earraí tirime inathchúrsála, scaradh mhiotail feiriúil agus neamh-fheiriúil, agus áis carnuithe nó comhdhlúithe dos na baill. Beidh áis mhúirínithe ann freisin. Beidh sé in ann 35,000 tonna de bhith-dhramhaíl a ghlacadh in aghaidh na bliana.

Cuid lárnach is ea an Áis Tarrthála Dramhaíola den Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola do Chorcaigh (a glacadh i 1995) agus ligfidh sé do Chomhairle Cathrach Chorcaí obair i dtreo chomhlíonadh an Treoir do Líonadh Talún agus na spriocanna a leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta ar Dhramhaíl Bhith-indíghrádaithe.

Gníomhaíocht 19: "Bailiúchán de Pháipéar, Cairtchlár agus Plaisteach Tráchtála"

Leanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí ag bailiú páipéar, cairtchlár agus plaisteach ón earnáil tráchtála i gCathair Chorcaí agus sna fobhailte. Cuidíonn an bailiúchán seo le tarrtháil agus athchúrsáil líon suntasach de pháipéar, cairtchlár agus plaisteach ó ghnóthaí i gCathair Chorcaí.

Gníomhaíocht 20: "Athchúrsáil ar Chrainn Nollag"

Leanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí le scéim chun crainn Nollag ó earnáil na dteaghlach a athchúrsáil i rith mhí Eanáir gach bliain.

Glacfar leis na crainn Nollag ag pointí bhailiúcháin ar fud na cathrach agus déanfar iad a mhúiríniú san áis mhúirínithe ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile.

Gníomhaíocht 21: "Díolachán de Bhoscaí Mhúirínithe"

Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí measúnú ar bhoscaí mhúirínithe a dhíol ag láithreán ar leith laistigh den chathair. Meastar go mbeadh na boscaí seo ar díol go custaiméirí i gCathair Chorcaí ag ráta íslithe. Chuideodh togra dá leithéid le múiríniú a chur chun cinn mar mhodh chun dramhaíl bhith-indíghrádaithe a chur ó líonadh talún.

Leanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí le laethanta díolacháin do bhoscaí mhúirínithe i gcomhpháirt le h-ócáidí ar leith (m.sh. seachtainí feasachta chomhshaoil srl.) de réir mar a éilítear.

Gníomhaíocht 22: "Péistchultúr a chothú"

Cothóidh Comhairle Cathrach Chorcaí coincheap an phéistchultúir i measc an phobail i gcoitinne trí feachtas poiblí agus trí phéistlann bheag a oibriú ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile.

Gníomhaíocht 23: "Athchúrsáil ar Dhramhaíl Ghlas agus Adhmaid"

Déanfaidh Comhairle Cathrach tréaniarracht leanúint d'oibriú na n-áiseanna d'athchúrsáil ar Dhramhaíl Ghlas agus Adhmaid ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile.

Cuideoidh seo le líon suntasach de dhramhaíl orgánach a chur ó líonadh talún agus cuideoidh sé le Comhairle Cathrach Chorcaí obair i dtreo chomhlíonadh Aidhmeanna sa Treoir do Líonadh Talún agus sa Straitéis Náisiúnta ar Dhramhaíl Bhith-indíghrádaithe.

Gníomhaíocht 24: "Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile"

Déanfaidh Comhairle na Cathrach na hoibreacha atá riachtanach ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile chun a chinntiú go gcloítear leis an reachtaíocht chuí agus leis na coinníollacha atá leagtha amach i gCeadúnas Dramhaíola an GCC agus sa Chóras do Bhainistíocht Chomhshaoil don láithreán.

Ina theannta sin, déanfar Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile a dhíchoimisiúnú nuair a shroicheann sé a chomhrianta deiridh; déanfar seo faoi réir Ceadúnas an GCC. Beidh an láithreán ansin ina lárionad áineasa, chonláistí agus fiadhúlra don chathair. Beidh an Láithreán Áiseanna Cathartha feabhsaithe ann, maraon le páirc phoiblí agus tearmann thailte uisce.

Gníomhaíocht 25: "Tarrtháil Fuinnimh"

Leanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí de tharrtháil fuinnimh o ghásanna líonadh talún a ghintear ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile trí oibriú an ionaid ginte leictreachais ag an láithreán agus leanfar de théamh geoteirmeach d'fhoirgnimh ar an láithreán.

Gníomhaíocht 26: "Láithreán Líonta Talún Iarmharach"

Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí comhoibriú le Comhairle Contae Chorcaí i bhforbairt láithreáin líonta talún iarmharach i gContae Chorcaí. Tá an próiséas críochnaithe chun suíomh a roghnú don líonadh talún seo, tá cead tugtha ag An Bord Pleanála agus tá Ceadúnas Dramhaíola tugtha ag an GCC.

Tá forbairt an láithreáin seo ag teacht leis an Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola do Chorcaigh agus leis an gcáipéis pholasaí Rialtas na hÉireann "Changing our Ways" a

mholann go laghdófar líon na líonadh talún ar fud na tíre ó 120 líonadh talún áitiúil go 20 líonadh talún réigiúnda.

Gníomhaíocht 27: "Féidirtheacht Dramhaíl-go-Fuinneamh"

Scrúdóidh Comhairle Cathrach Chorcaí na féidirtheachtaí a bhaineann le próiséis teirmeach dramhaíl-go-fuinneamh a úsáid do chóireáil ar dhramhaíl iarmharach.

Déanfar an staidéar seo faoi réir an Ordlathais Bhainistíocht Dramhaíola a deir go bhfuil dramhaíl-go-fuinneamh níos fearr ná líonadh talún, agus tabharfar tionchar chomhshaoil agus infreastruchtúr atá ar fáil san áireamh.

Gníomhaíocht 28: "Dó Mídhleathach de Dhramhaíl"

Pléifidh Comhairle Cathrach Chorcaí le dó mídhleathach de dhramhaíl faoi réir an Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996-2003.

Gníomhaíocht 29: "Eisiúint Cheadúnais Dramhaíola"

Leanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí de mheasúnú ar gach iarratas do cheadúnas dramhaíola laistigh de Chathair Chorcaí áit a mbeidh imeachtaí a bhaineann le dramhaíl a thógáil, a dhiúscairt agus/nó a chóireáil ar bun. Eiseoidh an Chomhairle ceadúnais (le coinníollacha) chuig na háiseanna seo mar is cuí.

Gníomhaíocht 30: "Dumpáil Mhídhleathach"

Bainfidh Comhairle Cathrach Chorcaí leas as na cumhachtaí a bhronann Na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola uirthi chun an dlí a chur orthu siúd a bhfuil baint acu le dumpáil mhídhleathach dramhaíola.

Gníomhaíocht 31: "Feithiclí Tréigthe"

Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí iarracht a chinntiú go mbogtar agus go ndiúscairtear na feithiclí tréigthe ar fad laistigh dá ceantar riaracháin ar bhealach atá ceart agus faoi réir an Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996.

Gníomhaíocht 32: "Feachtas i gCoinne an Bhruscair"

Leanfaidh Feachtas i gCoinne an Bhruscair agus béim aige ar Bhunanna Toitíní, Fearadh Mhadraí agus Guma Coganta. Tá Físeán i gCoinne an Bhruscair le cur chuig na scoileanna ar fad i 2004.

Gníomhaíocht 33: "Boscaí Bruscair"

Leanfaidh Comhairle na Cathrach le soláthar agus athshuíomh na mBoscaí Bruscair, agus áiseanna acu do dhiúscairt thoitíní agus guma coganta.

Gníomhaíocht 34: "Póstaeiriú Mídhleathach"

Cuirfidh Comhairle na Cathrach tús le clár chun clúdaigh a choscann Póstaeiriú Mídhleathach a chur ar throscán sráide i lár na cathrach ó Lúnasa 2004.

Gníomhaíocht 35: "Glanadh Sráide"

Leanfaidh an clár do ghlanadh sráide ar fud na cathrach. Tá folús-sciúrthóir sráide ar cíos go speisialta do Shráid Naomh Phádraig.

Gníomhaíocht 36: "Chemcar"

Tabharfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí tacaíocht leanúnach d'oibriú an chláir Chemcar do bhailiúchán de dhramhaíl chontúirteach teaghlaigh i Réigiún Chorcaí. Cuirtear an clár Chemcar i bhfeidhm le maoiniú ó thionsclaíocht phríobháideach.

Gníomhaíocht 37: "Seoladh Trasteorann de Dhramhaíl Chontúirteach"

Leanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí leis na cleachtais chearta chun dramhaíl chontúirteach a sheoladh taobh istigh agus taobh amuigh d'Éirinn. Caithfidh nótaí coinsíneachta eisithe ag an údarás áitiúil a bheith in éineacht gach seoladh de dhramhaíl. Caithfear na nótaí seo a chur ar aghaidh chuig an GCC.

Gníomhaíocht 38: "Comhoibriú leis an GCC"

Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí comhoibriú leis an GCC i mbailiúchán sonraí ar dhramhaíl chontúirteach agus in oibríocht aon chláir a cheapann Foireann Choisc GCC. Tá sé d'aidhm ag an bhFoireann sin a chinntiú:

- Nach mbeidh méadú ar dhiúscairt dramhaíola contúirteacha thar líon 1996; agus
- Go scriosfar dramhaíl chontúirteach nach bhfuil aon tuairisc uirthi.

Gníomhaíocht 39: "Áis DTLL a Sholáthar"

Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí tréaniarracht áiseanna a sholáthar chun freastal ar Dhramhaíl Threalamh Leictreach agus Leictreonach faoi réir na Treorach DTLL.

Gníomhaíocht 40: "Reachtaíocht Dramhaíola a Chur i bhFeidhm"

Tá Comhairle Cathrach Chorcaí tiomanta do phlé le gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola. Leanfaidh sí de chomhoibriú le hOifig Fheidhmíochta Chomhshaoil an GCC chun a chinntiú do bpléifear go héifeachtach le gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola.

AGUISÍN 1

TIONCHAR AR AN GCOMHSHAOIL AG AN RADHARC DO BHAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA ROGHNAITHE DO RÉIGIÚN CHORCAÍ

TÁBLA A.1 Tionchar Chomhshaoil ag Radharc a Dó den Straitéis do Bhainistíocht Dramhaíola do Réigiún Chorcaí, 1995

Soláthar d'Áis/Seirbhís	Dea-thionchar	Droch-thionchar*
Áis Tarrthála Dramhaíola – • Innealra do Scagadh Meicniúil • Múiríniú	**1.** Laghdú i líon dramhaíola ag dul isteach i líonadh talún	Tionchar ag torann, boladh agus trácht – tá seo i gcoitianta le h-áiseanna uilig do chóireáil nó diúscairt.
	2. Laghdú i méid an chodáin bhith-indíghrádaithe agus na buntáistí seo a leanas: • laghdú ar tháirgeacht agus cumhacht láisteáit; • níos lú fadhbanna le gás ó líonadh talún.	
	3. Tarrtháil agus athúsáid dramhaíola	
Láithreáin "Beir Leat" nó Láithreáin Áiseanna Cathartha	**1.** Laghdú i líon dramhaíola ag dul isteach i líonadh talún	**1.** Torann, boladh agus trácht
	2. Soláthar áiseanna do sruthanna dramhaíola le tosaíocht ar nós threalamh leictreonach agus leictreach gan mhaith.	**2.** Bruscar
	3. Tarrtháil agus athúsáid ábhar dramhaíola	
Seirbhís araid rothaí a sholáthar	**1.** Níos sábhailte d'oibrithe agus úsáideoirí ná an córas atá ann faoi láthair le málaí agus araidí.	Méadú beag ar dtús i líon na dramhaíola a chuirtear san haraidí (bunaithe ar thaithí idirnáisiúnta).
	2. Oibríocht níos glaine - laghdú ar ghineadh bhruscair.	
	3. Laghdú ar thionchar tráchta (mar thoradh ar sheirbhís níos éifeachtaí do bhailiúchán).	
	4. Feabhas díreach agus indíreach ar an scéim glantóireachta sa chathair	

* Is é polasaí Comhairle Cathrach Chorcaí a chinntiú go seachnaítear an drochthionchar.

AGUISÍN 2
SUÍOMH LÁITHREÁIN "BEIR LEAT"
CHOMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ

SUÍOMH	CINEÁLACHA DRAMHAÍOLA A GHLACTAR
Páirc Bhaile an Locha	Buidéil ghloine, Cannaí dí, Teicstílí, Páipéar & Cairtchlár, Plaisteach
Bóthar Nua Bhéal Átha hÚlla	Buidéil ghloine, Cannaí dí
Baile Uí Mhaoláin, Ionad Siopadóireachta Dunnes	Buidéil ghloine, Cannaí dí
Carrchlós CLG Bhaile an Easpaig	Buidéil ghloine, Cannaí dí
Ionad Siopadóireachta, An Linn Dubh	Buidéil ghloine, Cannaí dí, Páipéar & Cairtchlár, Plaisteach
An Charraig Dhubh, Rinn na Céibhe	Buidéil ghloine, Cannaí dí
Bóthar an Chaisleáin, Machan	Buidéil ghloine, Cannaí dí, Páipéar & Cairtchlár, Plaisteach
Carrchlós Halla na Cathrach, Sráid Anglesea	Buidéil ghloine, Cannaí dí, Nuachtáin & Irisleabhair, Cadhnraí
Páirc na Claise Duibhe	Buidéil ghloine, Cannaí dí
Bóthar an Choláiste, Baile Saoire Ghort an tSrutháin	Buidéil ghloine
Bóthar an Choláiste, Carrchlós COC	Buidéil ghloine, Cannaí dí
Carrchlós Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	Buidéil ghloine, Cannaí dí
Bóthar an Chorraichín, gabhal le hAscaill Rossa	Buidéil ghloine, Teicstílí
Bóthar an Chorraichín, Ionad Siopadóireachta Dunnes	Buidéil ghloine, Cannaí dí, Teicstílí
Gort na Drioglainne, An Meal Thuaidh	Buidéil ghloine, Cannaí dí
Bóthar Pháirc an Aonaigh, Gort an Aonaigh	Buidéil ghloine
Ionad Siopadóireachta Chnoc an Chuilinn	Buidéil ghloine
Ascaill Chnoc Fraoigh, Ionad Spóirt Sam Allen	Buidéil ghloine, Cannaí dí, Teicstílí
Carrchlós Pháirceanna na Laoi	Buidéil ghloine, Cannaí dí, Teicstílí
Ionad Siopadóireachta, Baile na mBocht	Buidéil ghloine, Cannaí dí
Bóthar Uí Mhuineacháin, Rehab Industries	Buidéil ghloine, Cannaí dí, Teicstílí
Feirm Uí Mhurchú, Baile an Easpaig	Buidéil ghloine
Áras Loingseoireachta	Buidéil ghloine
An Cuarbhóthar Thuaidh, Páirc Áineasa an Ghleanna	Buidéil ghloine
Cé Phádraig, cúl Óstán Metropole	Buidéil ghloine
Bóthar Mhic Phiarais, in aice le Banc AIB	Buidéil ghloine, Cannaí dí
Ascaill Rossa, Leisureworld	Buidéil ghloine, Cannaí dí, Páipéar & Cairtchlár, Plaisteach
Bóthar na Sceiche Airde, Páirc Chnoc na Seimre	Buidéil ghloine, Cannaí dí
Carrchlós Naomh Fionbharra – 3 leibhéil	Buidéil ghloine
An Marina, in aice le Páirc Uí Chaoimh	Buidéil ghloine, Cannaí dí
Bóthar an Tóchair, Ionad Siopadóireachta Supervalu	Buidéil ghloine
Bóthar na mBuaircíní, Páirc na mBuaircíní	Buidéil ghloine, Cannaí dí
Cé na hAontachta gabhal le Sráid Anglesea	Buidéil ghloine
COC, Carrchlós Áras na Laoi	Buidéil ghloine, Cannaí dí
Crosaire Victoria, Stáisiún Peitreal Statoil	Cannaí dí,
Cearnóg Wellington, Bóthar na hArmlainne	Buidéil ghloine
An Bóthar Iartharach, Óstán Jurys	Buidéil ghloine
Ionad Siopadóireachta Wilton	Buidéil ghloine, Cannaí dí, Teicstílí, Páipéar & Cairtchlár, Plaisteach

AGUISÍN 4

AIGHNEACHTAÍ

I ndiaidh na tréimhse do chomhairle poiblí fuarthas cúig aighneachtaí mar seo a leanas:
Irish Waste Management Association
Greenstar
An Comhaontas Glas
Sinn Féin
Cork Environmental Forum

Rinne ceithre cinn dena grúpaí sin aighneachtaí cainte freisin.

Tá na haighneachtaí ar fad scrúdaithe go mion agus tá athruithe déanta ar théacs an phleain chun cuid dena pointí a luaitear sna haighneachtaí a chlúdach.

Bhí roinnt pointí a bhaineann i gceart le polasaí náisiúnta seachas le polasaí áitiúil agus dá bhrí sin ní dhéantar tagairt dóibh.